

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/58 ÓN gCOIMISIÚN**an 14 Eanáir 2022**

lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, na Seapáine, Phoblacht na Cóiré, Chónaidhm na Rúise agus Stát Aontaithe Mheiriceá, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach ⁽¹⁾ iad (“An bun-Rialachán”), agus go háirithe Airteagal 11(2) de,

De bharr an méid a leanas:

1. NÓS IMEACHTA**1.1. Imscrúdú bunaidh agus bearta i bhfeidhm**

- (1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1953 ⁽²⁾, rinne an Coimisiún Eorpach (“an Coimisiún”) dleachtanna frithdhumpála a fhorchur ar allmhairí táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (“an tSín”), na Seapáine, Phoblacht na Cóiré (“an Chóiré”), Chónaidhm na Rúise (“an Rúis”) agus Stáit Aontaithe Mheiriceá (“na bearta bunaidh”). An t-imscrúdú ar forchuireadh na bearta bunaidh mar thoradh air, tagrófar dó amhail “an t-imscrúdú bunaidh” anseo feasta.
- (2) Ar bhonn fhíorais shonracha an imscrúdaithe bunaidh, chinn an Coimisiún gurb iad dleachtanna athraitheacha den chineál trí íospthaghas allmhairiúcháin le haghaidh trí chatagóir táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní an cineál beart is iomchuí ar na cúiseanna seo a leanas:
 - Sa chéad áit, ligfeadh na trí íospthaghas allmhairiúcháin do tháirgeoirí an Aontais téarnamh ó éifeachtaí na dumpála díobhálaí. Líontán sábhála a bheadh iontu chun cur ar a gcumas filleadh ar bhrabúsacht inbhuanaithe agus dhéanfaí leo iad a dhreasú chun na hinfheistíochtaí riachtanacha a dhéanamh chun níos mó de na cineálacha ard-tréscailteachta táirge den táirge comhchosúil a tháirgeadh.
 - Sa dara háit, ba cheart go gcuirfeadh na trí íospthaghas allmhairiúcháin cosc ar aon drochthionchar a bheadh ag méaduithe míchuí ar phraghsanna tar éis na tréimhse imscrúdaithe a bhféadfadh tionchar diúltach suntasach a bheith acu ar ghnó na n-úsáideoirí.
 - Sa tríú háit, dhéanfaidís freastal ar ábhair imní na n-úsáideoirí mar bhí eagla orthu go mbeadh ganntanas allmhairí táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní ann, go háirithe cineálacha lenar bhain príomhchailteanas uasta 0,90 W/kg agus faoina bhun a raibh géarghá leo ag an am sin chun spriocanna éifeachtúlachta Leibhéal 1 den Rialachán maidir le hÉicidhearthóireacht a bhaint amach. Ar bhonn níos ginearálta, chuirfidís cosc ar aon suaitheadh tromchúiseach i soláthar mhargadh an Aontais.
- (3) Tá raon na dtrí íospthaghas allmhairiúcháin atá i bhfeidhm faoi láthair idir EUR 1 536 in aghaidh an tona suas go EUR 2 043 in aghaidh an tona. Tá feidhm acu maidir le gach táirgeoir onnmhairsiúcháin ainmnithe aonair ar suíodh corrlaigh dumpála ina leith ó gach tír lena mbaineann, i.e. an tSín, an tSeapáin, Poblacht na Cóiré, Chónaidhm na Rúise agus Stáit Aontaithe Mheiriceá:
 - Má tá praghas costais, árachais agus last-táille ag teorainn an Aontais cothrom leis an íospthaghas allmhairiúcháin nó os a chionn, níl aon dleacht iníoctha.

⁽¹⁾ IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1953 an 29 Deireadh Fómhair 2015 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní de thionscnamh na Síne, na Seapáine, Phoblacht na Cóiré, Chónaidhm na Rúise agus Stát Aontaithe Mheiriceá (IO L 284, 30.10.2015, lch. 109).

- Nuair a bhíonn an praghas onnmhairiúcháin faoi bhun an íosphraghais allmhairiúcháin, bheadh an ráta dleachta is infheidhme comhionann leis an gceann is ísle idir an difear idir an íosphraghas allmhairiúcháin is infheidhme agus an glanphraghas, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht agus na rátaí dleachta frithdhumpála *ad valorem*. Dá réir sin, tá feidhm ag dleachtanna aonair maidir le gach táirgeoir onnmhairiúcháin. Níor chóir méid na dleachta frithdhumpála a bheith níos airde i gcás ar bith ná na rátaí dleachta frithdhumpála *ad valorem* atá sainiúil do gach táirgeoir onnmhairiúcháin aonair maidir le gach tír lena mbaineann.

1.2. Iarraidh ar athbhreithniú éaga

- (4) Tar éis d'fhógra a bheith foilsithe maidir le dul in éag atá le tarlú ⁽³⁾, fuair an Coimisiún iarraidh ar athbhreithniú de bhun Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán.
- (5) An 29 Iúil 2020 rinne Comhlachas Eorpach na gCruach ("Eurofer" nó "an t-iarratasóir") iarraidh ar athbhreithniú ag gníomhú thar ceann na dtáirgeoirí a bhfuil níos mó ná 50 % de tháirgeacht iomlán an Aontais acu i ndáil le táirgí áirithe cothrom-rolta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní. Is ar an bhforas go raibh an dóchúlacht ann go leanfar den dumpáil agus den díobháil nó go dtarlódh siad arís do thionscal an Aontais má théann na bearta in éag a bhí an iarraidh ar athbhreithniú bunaithe.

1.3. Athbhreithniú éaga a thionscnamh

- (6) Tar éis don Choimisiún a chinneadh, tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste arna bhunú ag Airteagal 15(1) den bhun-Rialachán, gurbh ann d'fhianaise leordhóthanach chun an t-athbhreithniú éaga a thionscnamh, an 30 Deireadh Fómhair 2020 thionscain an Coimisiún athbhreithniú éaga maidir le hallmhairí táirgí áirithe cothrom-rolta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní de thionscnamh na Síne, na Seapáine, Phoblacht na Cóiré, Chónaidhm na Rúise agus Stáit Aontaithe Mheiriceá ("na tíortha lena mbaineann") ar bhonn Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán. D'fhoilsigh sé Fógra Tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ⁽⁴⁾ ("an Fógra Tionscnaimh").

1.4. Tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin agus an tréimhse faoi bhreathnú

- (7) San imscrúdú ar an dóchúlacht go leanfar den dumpáil nó go dtarlódh sí arís, cumhdaítear an tréimhse ón 1 Iúil 2019 go dtí an 30 Meitheamh 2020 ("tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin"). San imscrúdú ar threochtaí atá ábhartha maidir leis an measúnú ar an dóchúlacht go leanfar den díobháil nó go dtarlódh sí arís, cumhdaítear an tréimhse ón 1 Eanáir 2017 go dtí deireadh thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin ("an tréimhse faoi bhreathnú").

1.5. Tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach

- (8) Tionscnaíodh an cás sin an 30 Deireadh Fómhair 2020, is é sin le rá le linn na hidirthréimhse a comhaontaíodh idir an Ríocht Aontaithe agus an tAontas Eorpach ina raibh an Ríocht Aontaithe fós faoi réir dhlí an Aontais. Tháinig deireadh leis an idirthréimhse sin an 31 Nollaig 2020. Dá bhrí sin, amhail ón 1 Eanáir 2021, i leith, ní raibh cuideachtaí ná comhlachais ón Ríocht Aontaithe i dteideal a bheith ina bpáirtithe leasmhara san imeacht sin a thuilleadh.
- (9) Ina nóta a ghabh leis an gcáschomhad ⁽⁵⁾ an 14 Eanáir 2021, d'iarr an Coimisiún ar oibreoirí ón Ríocht Aontaithe a mheas go gcaileoidís fós mar pháirtithe leasmhara mar sin féin, teagmháil a dhéanamh leis. Ní bhfuarthas aon bharúil ó oibreoirí de chuid na Ríochta Aontaithe.

1.6. Páirtithe leasmhara

- (10) San Fhógra Tionscnaimh, iarradh ar na páirtithe leasmhara teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún chun bheith rannpháirteach san imscrúdú. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún an t-iarratasóir ar an eolas go sonrach faoin imscrúdú mar aon leis na táirgeoirí aitheanta ón Aontas, na táirgeoirí onnmhairiúcháin aitheanta sna tíortha lena mbaineann, allmhaireoirí, úsáideoirí, trádálaithe chomh maith le comhlachais aitheanta ar fios iad a bheith buartha faoin imscrúdú athbhreithniúcháin, agus thug cuireadh dóibh a bheith rannpháirteach.
- (11) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara barúil a thabhairt maidir le tionscnamh an athbhreithnithe éaga agus éisteacht os comhair an Choimisiúin agus/nó os comhair an Oifigigh Éisteachta in imeachtaí trádála a iarraidh.

⁽³⁾ Fógra maidir le dul in éag beart frithdhumpála áirithe atá le tarlú (IO C 40, 6.2.2020, lch. 34).

⁽⁴⁾ Fógra tionscnaimh maidir le hathbhreithniú éaga ar na bearta frithdhumpála is infheidhme maidir le hallmhairí táirgí cothrom-rolta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní áirithe de thionscnamh na Síne, na Seapáine, Phoblacht na Cóiré, Chónaidhm na Rúise agus Stáit Aontaithe Mheiriceá (IO C 366, 30.10.2020, lch. 25).

⁽⁵⁾ Nóta a ghabh leis an gcáschomhad lena iniúchadh ag páirtithe leasmhara, dar dáta an 14 Eanáir 2021, tagairt t21.000455.

- (12) Thionóil an Coimisiún éisteachtaí le roinnt úsáideoirí, le roinnt comhlachas úsáideoirí agus táirgeoirí onnmhairiúcháin le linn an athbhreithnithe éaga.

1.7. Sampláil

- (13) San Fhógra Tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go bhféadfadh sé úsáid a bhaint as an tsampláil i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

1.7.1. Sampláil ar tháirgeoirí an Aontais

- (14) San Fhógra Tionscnaimh, shonraigh an Coimisiún go raibh sampla de tháirgeoirí an Aontais roghnaithe aige go sealadach a ndéanfaí imscrúdú orthu. Ar lá foilsithe an Fhógra Tionscnaimh, áfach, an 30 Deireadh Fómhair 2020, d'eisigh an Coimisiún nóta le haghaidh an chomhaid ina luaitear, i bhfianaise líon teoranta na dtáirgeoirí aitheanta san Aontas Eorpach, nár measadh go raibh gá le sampláil ar tháirgeoirí de chuid an Aontais agus d'iarr sé ar na páirtithe leasmhara a mbarúlacha a thabhairt ina leith sin. Ní bhfuarthas aon bharúlacha. Dá bhrí sin, iarradh ar an gceithre tháirgeoir aitheanta de chuid an Aontais freagra mionsonraithe ceistneora a thíolacadh chomh maith le comhaontú ar fhíorúchán maidir le freagraí ar an gceistneoir.

1.7.2. Sampláil ar allmhaireoirí

- (15) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, más amhlaidh a bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar allmhaireoirí neamhghaolmhara an fhaisnéis a shonraítear san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar.
- (16) Níor tháinig ach aon allmhaireoir neamhghaolmhar amháin chun cinn agus chuir sé an fhaisnéis a iarradh ar fáil. Dá bharr sin, chinn an Coimisiún nach raibh gá le sampláil.

1.7.3. Sampláil ar tháirgeoirí sna tíortha lena mbaineann

- (17) I bhfianaise an líon mór dealraitheach táirgeoirí sna tíortha lena mbaineann an t-athbhreithniú éaga seo, beartaíodh sampláil san Fhógra Tionscnaimh.
- (18) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, más amhlaidh a bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar na táirgeoirí ar fad sna tíortha lena mbaineann an fhaisnéis a shonraítear san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar. Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar mhisin na dtíortha lena mbaineann táirgeoirí eile a shainaithint agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh, ar táirgeoirí iad a bhféadfadh spéis a bheith acu a bheith rannpháirteach san imscrúdú.
- (19) Chuir ceithre tháirgeoirí onnmhairiúcháin nó grúpaí de tháirgeoirí onnmhairiúcháin (dhá chuideachta sa tSeapáin, cuideachta amháin sa tSín agus cuideachta sa Rúis) an fhaisnéis a iarradh ar fáil agus d'aontaigh siad a bheith san áireamh sa sampla. Níor tháinig aon cheann de tháirgeoirí de chuid Stáit Aontaithe Mheiriceá nó de chuid na Cóiré a ndearnadh teagmháil leo chun cinn leis an bhfaisnéis a iarradh a sholáthar. I bhfianaise líon íseal na dtáirgeoirí comhoibríocha, chinn an Coimisiún nach raibh gá le sampláil maidir le haon cheann de na tíortha lena mbaineann.

1.8. Freagraí ar an gceistneoir

- (20) Foilsíodh cóipeanna de na ceistneoirí ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrtóireacht na Trádála ⁽⁶⁾ nuair a tionscnaíodh an cás.
- (21) Ina theannta sin, sheol an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas na Síne maidir le saobhadh suntasach a bheith ann sa tSín de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán. Níor thug Rialtas na Síne aon fhreagra ar an gceistneoir agus cuireadh in iúl dá réir go gcuirfeadh an Coimisiún i bhfeidhm fíorais atá ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán.
- (22) Fuarthas freagraí ceistneora ó gach duine de na ceithre tháirgeoirí aitheanta de chuid an Aontais agus ón aon allmhaireoir neamhghaolmhar comhoibríoch amháin. Tháinig seacht n-úsáideoir chun cinn, ag léiriú a dtoilteanais chun bheith rannpháirteach san imscrúdú. Iarradh orthu an ceistneoir a bhí beartaithe do na húsáideoirí a chomhlánú. Mar sin féin, níor chomhoibrigh ach ceithre cinn acu go hiomlán san imscrúdú sin trí fhreagraí comhlánaithe ar an gceistneoir a thíolacadh i leaganacha oscailte agus íogaire araon.

⁽⁶⁾ Le fáil ag an nasc a leanas: http://trade.ec.europa.eu/tdi/case_details.cfm?ref=ong&id=2492&sta=1&en=20&page=1&c_order=date&c_order_dir=Down

- (23) Chuir aon ghrúpa amháin táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Síne, China Baowu Steel Group Co. Ltd. ("the Baoshan Group") ina gcuimsítear dhá tháirgeoir onnmhairiúcháin Baoshan Iron & Steel Co., Ltd. ("Baosteel") agus Wuhan Iron & Steel Co., Ltd., ("WISCO") freagraí ar an gceistneoir ar fáil - agus chuir grúpa amháin táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Seapáine, Nippon Steel & Sumitomo Metal Corporation, Tóiceo, an tSeapáin ("Nippon Steel") freagraí ar an gceistneoir ar fáil. Níor thug táirgeoir de chuid na Rúise, Novolipetsk Steel ("NLMK"), a d'aontaigh ar dtús a bheith san áireamh sa sampla, freagra iomlán ar an gceistneoir ar fáil, ina aighneacht an 10 Nollaig 2020, faisnéis a bhí teoranta dá acmhainneacht agus dá tháirgeacht shonrach. Dá bharr sin, chuir an Coimisiún in iúl don chuideachta agus do Chónaidhm na Rúise go gcuirfeadh sé i bhfeidhm fíorais atá ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán. D'fhreagair NMLK, ach tíolacadh an freagra lasmuigh den spriocdháta sonraithe, agus ar aon chuma ní bheadh measúnú an Choimisiúin athraithe mar thoradh air.
- (24) Tar éis nochta, mhaígh NLMK nár shonraigh an Coimisiún aon spriocdháta chun barúlacha a sholáthar ar chur i bhfeidhm Airteagal 18 den Rialachán bunúsach ag an gCoimisiún. Ina theannta sin, mhaígh NLMK nár cheart go mbeadh Airteagal 18 curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún maidir leis an gcuid sin dá fhreagra ar an gceistneoir.
- (25) Go deimhin níor shonraigh an Coimisiún spriocdháta le haghaidh freagra ar a litir ag léiriú go raibh sé ar intinn aige Airteagal 18 a chur i bhfeidhm. Chuir NLMK in iúl cheana féin ina aighneacht an 10 Nollaig 2020, áfach, gur stop sé de bheith ag obair ar fhreagraí ar an gceistneora mar gheall ar chúinsí speisialta agus nach dtabharfadh sé freagra iomlán ar an gceistneoir. Go hachomair, níor chuir NLMK ach faisnéis ilroinnte ar fáil a bhí teoranta dá chumas táirgeachta sonrach agus dá mhéid táirgeachta.
- (26) Dá bharr sin, ós rud é nár chuir NMLK faisnéis iontaofa go leor ar fáil maidir le hacmhainneacht táirgeachta agus méideanna táirgeachta, mar a míníodh in aithrisí (241) go (245), d'úsáid an Coimisiún an fhaisnéis a bhí ar fáil ar an gcomhad. Ar aon chuma, mar a luadh in aithris (242), d'úsáid an Coimisiún an fhaisnéis a chuir NMLK ar fáil a mhéid is féidir ina leith sin.
- (27) Thíolaic an grúpa eile táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Seapáine, JFE Steel Corporation ("JFE Steel"), a d'aontaigh ar dtús a bheith san áireamh sa sampla, freagra neamhiomlán ar an gceistneoir, a bhí teoranta do dhíolacháin onnmhairiúcháin chuig an Aontas Eorpach agus chuig an gcuid eile den domhain. Dá bharr sin, cuireadh in iúl do JFE Steel go gcuirfeadh an Coimisiún fíorais i bhfeidhm atá ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán maidir leis an bhfaisnéis atá in easnamh.
- (28) Ní raibh aon chomhoibriú ann ó tháirgeoirí de chuid Stáit Aontaithe Mheiriceá ná ó tháirgeoirí de chuid na Cóiré. Dá bharr sin, chuir an Coimisiún in iúl do Stáit Aontaithe Mheiriceá agus don Chóiré go gcuirfidh sé fíorais atá ar fáil i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán.

1.9. Fíorúchán

- (29) Gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagal 18 den bhun-Rialachán, d'iarr agus d'fhíoraigh an Coimisiún an fhaisnéis ar fad a mheas sé a bheith riachtanach i ndáil leis an dóchúlacht go leanfar den dumpáil agus den díobháil nó go dtarlóidh siad arís, agus chun leas an Aontais a chinneadh.
- (30) Mar gheall ar ráig Covid-19 agus na mbeart gaibhniúcháin a chuir Ballstáit éagsúla agus tríú tíortha éagsúla chomh maith i bhfeidhm, níor fhéad an Coimisiún cuairteanna fíorúcháin a dhéanamh de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán. Ina ionad sin, rinne an Coimisiún cros-seiceálacha cianda ar an bhfaisnéis ar fad a mheastar a bheith riachtanach dá chinneadh i gcomhréir lena Fhógra maidir le hiarmhairtí ráig COVID-19 ar imscrúduithe frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais ⁽⁷⁾. Rinne an Coimisiún cros-seiceálacha cianda ar na páirtithe leasmhara seo a leanas:

— Táirgeoirí de chuid an Aontais ⁽⁸⁾:

— ThyssenKrupp Electrical Steel UGO SAS, Isbergues, an Fhrainc

— ThyssenKrupp Electrical Steel GmbH, Gelsenkirchen, an Ghearmáin

— Stalprodukt sa, Bochnia, an Pholainn

⁽⁷⁾ Fógra maidir le hiarmhairtí ráig COVID-19 ar imscrúduithe frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais IO C 86, 16.3.2020, lch. 6.

⁽⁸⁾ Maidir leis an gceathrú táirgeoir de chuid an Aontais, rinneadh anailís deisce ar bhonn a fhreagra ar an gceistneoir agus a fhreagra ar an litir easnaimh.

- Allmhaireoir neamhghaolmhar de chuid an Aontais:
 - Metal One Deutschland GmbH, Düsseldorf, an Ghearmáin
- Úsáideoirí de chuid an Aontais:
 - Grúpa SGB-Smit, Regensburg, an Ghearmáin
 - Končar - Distribution and Special Transformers, Inc., Zagreb, an Chróit
- Táirgeoirí onnmhairiúcháin sna tíortha lena mbaineann:
 - Baosteel, Shanghai, an tSín
 - WISCO Wuhan, an tSín
 - Cruach Nippon, Tóiceo, an tSeapáin
- Allmhaireoir/trádálaithe gaolmhara:
 - Wisco Europe, an Ghearmáin
 - Baosteel Germany, an Ghearmáin
 - Baosteel Italy, an Iodáil

1.10. Nochtadh

- (31) An 21 Deireadh Fómhair 2021, nocht an Coimisiún na fíorais agus na breithnithe riachtanacha ar a bhfuil sé beartaithe aige na dleachtanna frithdhumpála a choinneáil i bhfeidhm. Ceadaiódh tréimhse do gach páirtí leasmhar ina raibh siad in ann a mbarúlacha a thabhairt maidir leis an nochtadh. An 22 Samhain 2021, sheol an Coimisiún nochtadh deiridh breise chuig Nippon Steel maidir le ceartú na ríomhanna dumpála. Ní bhfuarthas aon bharúlacha.
- (32) Bhreithnigh an Coimisiún na barúlacha arna ndéanamh ag na páirtithe leasmhara agus cuireadh san áireamh iad, i gcás inarb iomchuí. Deonaiódh éisteacht do na páirtithe a d'iarr amhlaidh.

2. AN TÁIRGE FAOI ATHBHREITHNIÚ AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL

2.1. An Táirge faoi athbhreithniú

- (33) Is ionann an táirge atá faoi athbhreithniú agus an táirge a bhí i gceist san imscrúdú bunaidh, eadhon táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní, nach mó ná 0,16 mm ar tiús de thionscnamh na Síne, na Seapáine, na Cóiré, na Rúise, a thagann faoi láthair faoi chóid AC ex 7225 11 00 (Cód TARIC 7225 11 00 11, 7225 11 00 15 agus 7225 11 00 19) agus ex 7226 11 00 (cód TARIC 7226 11 00 12, 7226 11 00 14, 7226 11 00 16, 7226 11 00 92, 7226 11 00 94 agus 7226 11 00 96) (“an táirge atá faoi athbhreithniú”).
- (34) Déantar allmhairí táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní a tháirgeadh ó chornaí teorollta de chruach chóimhiotail shileacain de thiús éagsúla a bhfuil struchtúr an ghráinne dírithe go haonfhoirmeach orthu chun seoltacht mhaighnéadach a bhfuil leibhéal ard éifeachtúlachta aici a cheadú. Tugtar “príomhchailteanas” ar neamhéifeachtúlachtaí maidir le seoltacht, arb é an príomhtháscaire é ar cháilíocht an táirge agus a shloinntear in W/kg. Is féidir allmhairí táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní a tháirgeadh mar allmhairí táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní ard-tréscailteachta agus mar allmhairí táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní gnácha nó traidisiúnta. Ceadáítear leis na cineálacha ard-tréscailteachta príomhchailteanais níos ísle a bhaint amach maidir le leatháin d’aon tiús ar leith. Thairis sin, is féidir cineálacha ard-tréscailteachta a tháirgeadh scagtha de réir fearainn le príomhchailteanais níos ísle mar thoradh ar línte tanaí a scríobadh ar dhromchla cruach.
- (35) In ainneoin na ndifríochtaí idir tréscailteacht, tiús agus leithead, tá na tréithe bunúsacha fisiciúla céanna ag gach cineál den táirge atá faoi athbhreithniú agus go bunúsach tá an úsáid bhunúsach céanna acu.
- (36) Úsáidtear allmhairí táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní go príomha i dtrealamh leictreach áit ar féidir srian a chur ar an bhfosc maighnéadach lena ailíniú sa treo “dírithe”, amhail nuair a thras-seoltar fuinneamh leictreach thar raonta móra. Dá réir sin, úsáidtear an táirge atá faoi athbhreithniú mar phríomhábhar i gclaohladáin chumhachta agus dháilte.

- (37) Úsáidtear allmhairí táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní freisin in imoibreoirí siúnta, a úsáidtear i gcórais tras-seolta fuinnimh ardvoltais chun an voltas a chobhsú le linn athruithe ualaigh. Féadfar an táirge atá faoi athbhreithniú a úsáid freisin i dtrealamh a bhfuil claochladáin níos lú aige, lena n-áirítear fearais agus aeraspáis, trealamh aerloingseoireachta agus trealamh leictreonach. Is féidir allmhairí táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní a úsáid freisin i ngineadóirí móra ardfheidhmíochta nuair a cheadaíonn an dearadh na tréithe treo-mhaighnéadacha a úsáid go héifeachtúil.

2.2. Táirge comhchosúil

- (38) Faoi mar a suíodh san imscrúdú bunaidh, is amhlaidh a deimhníodh leis an athbhreithniú éaga sin go bhfuil na saintréithe bunúsacha fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla céanna, mar aon leis na húsáidí bunúsacha céanna, ag na táirgí seo a leanas:
- an táirge atá faoi athbhreithniú;
 - an táirge a tháirgtear agus a dhíoltar ar mhargáí intíre na dtíortha lena mbaineann; agus
 - an táirge a tháirgtear agus a dhíoltar san Aontas ag tionscal an Aontais.
- (39) Dá bhrí sin, meastar gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.

2.3. Maíomh i leith raon feidhme an táirge

- (40) D'áitigh NLMK agus Rialtas na Rúise go mínítear na meánphraghsanna allmhairiúcháin is ísle ó Chónaidhm na Rúise le sciar suntasach táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní “dara” agus “tríú rogha” a onnmhairítear (le fabhtanna iolracha, méid fuála agus easpa plánachta) agus nach dtéann na cineálacha deireanacha sin in iomaíocht le cineálacha eile an táirge atá faoi athbhreithniú. Is táirgí difriúla iad táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní “dara” agus “tríú rogha” a onnmhairítear agus níl siad ag teacht le caighdeán theicniúla na hEorpa. Dá bhrí sin, d'áitigh siad gur cheart go n-eiseofaí a n-ábhar “dara” agus “tríú rogha” ó raon feidhme an táirge, nó go saineofaí leibhéal íosphraghais allmhairiúcháin ar leithligh (ceathrú rogha) ina leith ina léirítear a luach thar a bheith íseal sa mhargadh.
- (41) Dhiúltaigh an Coimisiún do na hiarrataí thuas, toisc nach féidir raon feidhme ná íosphraghas allmhairiúcháin an táirge a athrú faoi chuimsiú athbhreithniú éaga.
- (42) Tar éis nochta, mhaígh NLMK gur cheart go mbeadh údarás imscrúdaithe neamhchlaonta tar éis athbhreithniú eatramhach páirteach a thionscnamh go gasta atá teoranta do shainmhíniú raon feidhme an táirge agus/nó cineál na mbeart. Dhiúltaigh an Coimisiún don éileamh sin, ós rud é nach raibh dóthain fianaise aige chun imscrúdú den sórt sin a thionscnamh.

3. AN DÓCHÚLACHT GO LEANFAR DEN DUMPÁIL NÓ GO DTARLÓIDH SÍ ARÍS

- (43) I gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún cibé an bhfuil an dóchúlacht ann go leanfar den dumpáil nó go dtarlóidh sí arís ó na tíortha lena mbaineann de bharr dhul in éag na mbeart atá i bhfeidhm.

3.1. Réamhbharúlacha

- (44) Níor chomhoibrich aon cheann de na táirgeoirí de chuid na Rúise, de chuid Stáit Aontaithe Mheiriceá nó de chuid na Cóiré san imscrúdú.
- (45) Chuir an Coimisiún in iúl d'údaráis na dtrí thír lena mbaineann, toisc nach bhfuil aon chomhar ann, go bhféadfadh go gcuirfeadh an Coimisiún Airteagal 18 den bhun-Rialachán i bhfeidhm maidir leis na torthaí i ndáil leis an Rúis, Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Chóiré. Ní bhfuair an Coimisiún aon bharúlacha ná iarratais ar idirghabháil an Oifigigh Éisteachta ó údaráis na dtrí thír i dtaca leis sin.
- (46) Dá bharr sin, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) den bhun-Rialachán, bhí na torthaí maidir leis an dóchúlacht go leanfar den dumpáil nó go dtarlóidh sí arís maidir leis an Rúis, Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Chóiré bunaithe ar fhíorais a bhí ar fáil, go háirithe faisnéis a bhí ar fáil go poiblí amhail láithreáin ghréasáin oifigiúla cuideachtaí, faisnéis san iarraidh ar an athbhreithniú, agus faisnéis a fuarthas ó pháirtithe a bhí ag comhoibriú le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin. D'úsáid an Coimisiún staitisticí éagsúla ar allmhairí freisin, lena n-áirítear staitisticí ar allmhairí Comext Eurostat agus Global Trade Atlas.

- (47) Ina theannta sin, maidir le Baoshan Group agus tar éis cros-seiceálacha cianda, chuir an Coimisiún Airteagal 18(1) den bhun-Rialachán i bhfeidhm maidir le costais saothair. Déanta na fírinne, mar a míníodh in aithris (207) thíos, theip ar an gcuideachta fianaise fhíoraithe iontaofa a sholáthar maidir le ríomh na ndaonuaireanta a leithdháiltear ar mhonarú táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní.

3.2. An tSeapáin

3.2.1. Réamhbharúlacha

- (48) Níor chomhoibrigh ach táirgeoir onnmhairiúcháin amháin de chuid na Seapáine (Nippon Steel) go hiomlán san imscrúdú reatha. Tar éis a thionscnaimh, tháinig an dara táirgeoir onnmhairiúcháin de chuid na Seapáine (JFE Steel) chun cinn agus chuir freagra neamhiomlán ar an gceistneoir ar fáil a bhí teoranta do dhíolacháin, do tháirgeacht agus d'acmhainneacht onnmhairiúcháin. Dá bhar sin, chuir an Coimisiún in iúl do JFE Steel agus do Rialtas na Seapáine go raibh sé beartaithe aige fíorais atá ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm. Ní bhfuarthas aon bharúlacha.
- (49) Mar thoradh air sin, bhí na torthaí sa Roinn seo bunaithe go páirteach ar na fíorais a bhí ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán maidir le díolacháin intíre. Chun na críche sin, úsáideadh an fhaisnéis a chuir Nippon Steel ar fáil, an fhaisnéis a sholáthraigh JFE maidir le díolacháin onnmhairiúcháin, an iarraidh ar an athbhreithniú éaga, staitisticí Eurostat agus faisnéis atá ar fáil go poiblí.
- (50) B'ionann an dá tháirgeoir onnmhairiúcháin de chuid na Seapáine agus 100 % d'onnmhairí na Seapáine chuig an Aontas le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin.

3.2.2. Dumpáil le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin

3.2.2.1. Gnáthluach

- (51) Bhunaigh an Coimisiún an gnáthluach do Nippon Steel ar an mbonn seo a leanas. Rinne an Coimisiún scrúdú ar dtús féachaint an raibh méid iomlán na ndíolachán intíre don táirgeoir onnmhairiúcháin a bhí ag comhoibriú go hiomlán ionadaíoch, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) den bhun-Rialachán. Tá na díolacháin intíre ionadaíoch más ionann méid díolachán intíre iomlán an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhspleácha ar an margadh intíre in aghaidh an táirgeora onnmhairiúcháin agus 5 % ar a laghad de mhéid díolachán onnmhairiúcháin iomlán an táirge atá faoi athbhreithniú chuig an Aontas le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin. Ar an mbonn sin, bhí díolacháin iomlána an aon táirgeora onnmhairiúcháin chomhoibriúch amháin maidir leis an táirge comhchosúil ar an margadh intíre ionadaíoch.
- (52) Ina dhiaidh sin, shainaithin an Coimisiún na cineálacha táirgí a díoladh ar bhonn intíre agus a bhí comhionann nó inchomparáide leis na cineálacha táirgí a díoladh lena n-onnmhairí chuig an Aontas do na táirgeoirí onnmhairiúcháin le díolacháin intíre ionadaíocha.
- (53) Rinne an Coimisiún scrúdú ansin lena fháil amach an raibh na díolacháin intíre ag an táirgeoir onnmhairiúcháin a bhí ag comhoibriú go hiomlán ar a mhargadh intíre le haghaidh gach cineál táirge atá comhchosúil nó inchomparáide le cineál táirge a dhíoltar lena onnmhairí chuig an Aontas ionadaíoch, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) den bhun-Rialachán. Tá díolacháin intíre de chineál táirge ionadaíoch más ionann méid iomlán na ndíolachán intíre den chineál táirge sin le custaiméirí neamhspleácha le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin agus 5 % ar a laghad de mhéid iomlán na ndíolachán onnmhairiúcháin den chineál táirge comhchosúil nó inchomparáide chuig an Aontas. Shuigh an Coimisiún go raibh na cineálacha táirgí sin ionadaíoch.
- (54) Ina dhiaidh sin, shainigh an Coimisiún sciar na ndíolachán brabúsach le custaiméirí neamhspleácha ar an margadh intíre le haghaidh gach cineál táirge le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin, do Nippon Steel ina iomláine, chun a chinneadh an úsáidfeadh sé praghas díola intíre iarbhir chun an gnáthluach a ríomh, i gcomhréir le hAirteagal 2(4) den bhun-Rialachán.
- (55) Suitear an gnáthluach ar an bpraghas intíre iarbhir in aghaidh an chineáil táirge, bídis na díolacháin sin brabúsach nó ná bídis, más amhlaidh:
- (a) b'ionann méid díolachán intíre an chineáil táirge, arna dhíol ag glanphraghas díolacháin atá cothrom le, nó níos airde ná, costas ríofa na táirgeachta, arb ionann é agus níos mó ná 80 % de mhéid iomlán díolacháin an chineáil táirge sin; agus
- (b) tá meánphraghas díolacháin ualaithe an chineáil táirge sin comhionann le costas aonaid an táirgthe nó níos airde ná sin.

- (56) Sa chás sin, is ionann an gnáthluach agus meán ualaithe na bpraghsanna ar gach díolachán intíre den chineál táirge sin le linn thréimhse an imscrúdaithe.
- (57) Ar an láimh eile, tá an gnáthluach bunaithe ar an bpraghas intíre iarbhrí in aghaidh an chineáil táirge a bhaineann le díolacháin intíre brabúsacha an chineáil táirge sin, agus an méid sin amháin, le linn thréimhse an imscrúdaithe, más rud é:
- (a) go bhfuil méid díolachán brabúsach an chineáil sin táirge comhionann le 80 %, nó níos lú, de mhéid díolachán iomlán an chineáil sin táirge; nó
- (b) go bhfuil meánphraghas ualaithe an chineáil sin táirge faoi bhun chostas aonaid an táirgthe.
- (58) De réir na hanailíse a rinneadh ar dhíolacháin intíre, bhí os cionn 90 % de na díolacháin intíre uile brabúsach, agus bhí an meánphraghas díolacháin ualaithe níos airde ná an costas táirgthe. Dá réir sin, de réir an chineáil táirge, ríomhadh an gnáthluach mar mheánphraghsanna ualaithe na ndíolachán intíre go léir le linn thréimhse an imscrúdaithe sa chás a thuairiscítear in aithris (56), nó mar mheán ualaithe na ndíolachán brabúsach sa chás a thuairiscítear in aithris (57), agus sa chás sin amháin.
- (59) I gcás nach ndearnadh aon díolachán nó díolachán leordhóthanach maidir le cineál táirge comhchosúil i ngnáthchúrsa trádála, rinne an Coimisiún an gnáthluach a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 2(3) agus (6) den bhun-Rialachán.
- (60) Maidir le cineálacha táirgí den sórt sin, rinneadh an gnáthluach a ríomh trí chur le meánchostas táirgthe an táirge chomhchosúil atá ag aon táirgeoir onnmhairiúcháin chomhoibríoch amháin le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin:
- (a) na meánchostais díola, riaracháin agus ghinearálta (dá ngairtear “costais SGA” anseo feasta) a thabhaigh an t-aon táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch amháin ar dhíolacháin intíre an táirge chomhchosúil, i ngnáthchúrsa trádála, le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin; agus
- (b) an meánbhrabús ualaithe a rinne an t-aon táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch amháin ar dhíolacháin intíre an táirge chomhchosúil, i ngnáthchúrsa trádála, le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin.
- (61) I gcás na gcineálacha táirgí nár díoladh ar chor ar bith ar an margadh intíre, cuireadh na meánchostais ualaithe SGA agus brabús na n-idirbheart go léir a rinneadh sa ngnáthchúrsa trádála ar an margadh baile leis na cineálacha sin.
- (62) Maidir le JFE Steel, in éagmais comhair, d’úsáid an Coimisiún fórais a bhí ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán maidir le díolacháin intíre. Ó tharla nach raibh sonraí iontaofa maidir le praghsanna JFE Steel ar an margadh intíre ar fáil, shuigh an Coimisiún gnáthluach ríofa ag baint úsáid as an modheolaíocht agus na luachanna atá san iarraidh ar athbhreithniú éaga.

3.2.2.2. Praghas onnmhairiúcháin

- (63) Onnmhairíodh Nippon Steel chuig an Aontas trí thrádálaithe gaolmhara amháin. Dá bhrí sin, rinneadh an praghas onnmhairiúcháin a ríomh ar bhonn Airteagal 2(9) den bhun-Rialachán, is é sin ar bhonn an phraghsa ar an athdhíoladh na táirgí allmhairithe den chéad uair le ceannaitheoir neamhspleách. Rinneadh coigeartuithe ar an bpraghas ar na costais go léir a thabhaítear idir allmhairiú agus athdhíol, lena n-áirítear costais SGA agus le haghaidh brabúis a fhabhraíonn.
- (64) D’onnmhairigh JFE Steel go díreach chuig an Aontas Eorpach agus mar thoradh air sin ba ionann a phraghas onnmhairiúcháin agus an praghas iarbhrí a íocadh nó an praghas a bhí infoctha as an táirge a bhí faoi athbhreithniú nuair a díoladh é lena onnmhairiú chuig an Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 2(8) den bhun-Rialachán.

3.2.2.3. Comparáid

- (65) Rinne an Coimisiún comparáid idir an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin mar a suíodh thuas ar bhonn an phraghsa díreach ón monarcha.
- (66) I gcás ina raibh údar leis mar gheall ar an ngá a bhí le comparáid chothrom a áirithiú, choigeartaigh an Coimisiún an gnáthluach agus/nó an praghas onnmhairiúcháin le haghaidh difríochtaí lena ndéantar difear do phraghsanna agus d’inchomparáideacht praghsanna, i gcomhréir le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán. Rinne an táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch coigeartuithe ar chostais iompair, árachais, láimhseála, lódála agus choimhdeacha, phacáistíochta, costais chreidmheasa agus muirir bainc i gcás inarb infheidhme agus ina bhfuil údar maith leo.

- (67) Ní raibh díolacháin intíre ag Nippon Steel do chuid de na cineálacha táirgí a d'onnmhairigh sé chuig an Aontas Eorpach. I bhfianaise líon ard na ndíolachán onnmhairiúcháin a bhféadfaí comparáid a dhéanamh ina leith agus ag cur san áireamh nach gá, i gcomhthéacs athbhreithniú éaga, méid cruinn na dumpála a shuí ach cibé an raibh an dóchúlacht ann go leanfar den dumpáil nó go dtarlóidh sé arís amach anseo, mheas an Coimisiún go raibh an chomparáid, mar a suíodh í, cruinn.
- (68) Tar éis nochta, mhaígh Nippon Steel gur cheart go mbeadh an corrlach dumpála is infheidhme maidir le Nippon Steel ríofa ag an gCoimisiún ar bhonn gach díolachán onnmhairiúcháin chuig an Aontas agus thagair sé do chásdlí atá ann cheana ⁽⁹⁾.
- (69) Mheabhraigh an Coimisiún nár chlúdaigh an corrlach dumpála gach díolachán onnmhairiúcháin chuig an Aontas toisc, mar a míníodh in aithris (67) thuas, ní raibh aon díolachán comhfhreagrach ann do chuid de na cineálacha táirgí a d'onnmhairigh an chuideachta chuig an Aontas. Níor áiríodh na cineálacha táirgí sin (arb ionann iad agus 38 % den chainníocht iomlán a onnmhairíodh) sna ríomhanna dumpála ar dtús mar nár chuir an chuideachta na costais chomhfhreagracha táirgthe ina leith ar fáil. D'fhonn corrlach dumpála a ríomh le haghaidh 100 % de na díolacháin onnmhairiúcháin chuig an Aontas agus in éagmais sonraí níos cruinne ón gcuideachta, chinn an Coimisiún na cineálacha táirgí a ghrúpáil ar bhonn a leithid, ar paraiméadar é a bhfuil tionchar níos ísle ar chostas táirgthe agus praghas díolacháin ná príomhchailleanas agus tiús. Ar an mbonn sin rinne sé an gnáthluach a ríomh do gach cineál táirge. Nochtaidh na ríomhanna dumpála ceartaithe don chuideachta agus ní bhfuarthas aon bharúlacha.

3.2.2.4. Corrlach dumpála

- (70) Maidir le Nippon Steel agus JFE Steel araon, léirigh an chomparáid idir an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin go ndearnadh a ndíolachán leis an Aontas Eorpach ar phraghsanna dumpáilte le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin. Bhí an corrlach dumpála a fuarthas do Nippon Steel thart ar 31 %, agus i gcás JFE Steel bhí sé thart ar 19 %.
- (71) Mar sin tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur lean an dumpáil ar aghaidh le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin.

3.2.3. An dóchúlacht go leanfar den dumpáil

- (72) Sa bheis ar an toradh lena bhfuarthas gurbh ann don dumpáil le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin, rinne an Coimisiún anailís i dtaobh an raibh an dóchúlacht ann go leanfar den dumpáil, i gcás ina ligfear do na bearta maidir le hallmhairí táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní ón tSeapáin dul in éag. Agus é sin á dhéanamh, rinneadh anailís ar na gnéithe seo a leanas: an acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise sa tSeapáin, agus tarraingteacht mhargadh an Aontais.

(a) *Acmhainneacht bhreise*

- (73) Bunaithe ar fhreagraí ar an gceistneoir ón dá tháirgeoir de chuid na Seapáine, shuigh an Coimisiún gurb ionann agus [350 000 – 410 000] tona acmhainneacht táirgeachta na Seapáine le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin.
- (74) Bunaithe ar an tacar sonraí céanna, shuigh an Coimisiún go raibh acmhainneacht bhreise táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní de chuid na Síne timpeall is [50 000 – 110 000] tona.
- (75) Mhaígh Nippon Steel go ndearnadh rómheastachán ar acmhainneacht bhreise na Seapáine toisc nár chuir an Coimisiún san áireamh go ndíríonn an tSeapáin ar an gcineál leithid is tanaí de tháirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní lena dtáirgtear níos lú táirgeachta ná cineál na dtáirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní a tháirgeann tionscal an Aontais agus tíortha eile lena mbaineann.
- (76) Léiríodh ón anailís ar na samhlacha a onnmhairíodh chuig an Aontas agus chuig na príomhthíortha onnmhairiúcháin eile, ar nós na hIndia agus Mheicsiceo, go raibh tiús leithid comhchosúil nó níos airde ag formhór mór na samhlacha a d'onnmhairigh Nippon Steel ná na táirgí a mhonaraigh tionscal an Aontais. Ina theannta sin, ba shuntasach an sciar de na cineálacha táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní ar leithhead níos tanaí a onnmhairíodh chuig an Aontas agus go deimhin bhí éileamh ar an gcineál sin táirge ar mhargadh an Aontais. Is é sin le rá, fiú má bhí an acmhainneacht bhreise ag freagairt go heisiach, *quod non*, maidir le táirgí ar leithhead níos tanaí, bheadh éileamh ar tháirgí den sórt sin ar mhargadh an Aontais.

⁽⁹⁾ Cás C-376/15 P, Changshu City Standard Parts Factory agus Ningbo Jinding Fastener v an Chomhairle, ECLI:EU:C:2017:269, mír 65.

- (77) Ina theannta sin, shuigh an Coimisiún a mheasúnú ar acmhainneacht bhreise ar an bhfaisnéis a chuir táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Seapáine ar fáil. Dá réir sin, theip ar an gCoimisiún a dhéanamh amach conas a d'fhéadfadh sé rómheastachán a dhéanamh ar an acmhainneacht bhreise nuair a d'eascair na sonraí ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin iad féin. Ar aon chuma, mheas an Coimisiún nach raibh an maíomh a bhain leis an táirgeacht mionsonraithe ná dearbhaithe go leordhóthanach, toisc nach ndearna sé foráil do dhifríocht chomhfhreagrach in acmhainneacht táirgeachta ná acmhainneacht bhreise atá nasctha leis an difríocht líomhnaithe sa táirgeacht. Ina theannta sin, is é Nippon Steel amháin a d'ardaigh an maíomh sin agus ní raibh aon fhaisnéis ann maidir leis an raon i dtiús leithid an phríomhtháirgeoira onnmhairiúcháin eile de chuid na Seapáine. Ar bhonn an méid thuas, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.
- (78) Ina theannta sin, mheas an Coimisiún go ndéanann táirgeoirí onnmhairiúcháin eile de chuid na Seapáine cruacha leictreacha neamhdhírthe a mhonarú. Déantar táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní agus cruacha leictreacha neamhdhírthe araon a mhonarú ag úsáid an trealamh chéanna. Ciallaíonn sé sin go bhfuil sé indéanta go teicniúil acmhainneacht a shaoradh ó chruacha leictreacha neamhdhírthe agus í sin a aistriú go táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní. D'fhéadfadh athrú den sórt sin tarlú sa todhchaí dá mbeadh an dreasacht eacnamaíoch ag táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Seapáine déanamh amhlaidh. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh an acmhainneacht bhreise méadú tuilleadh fós.
- (79) Tar éis iad nochta, mhaígh Rialtas na Seapáine agus Nippon Steel nach féidir le táirgeoirí de chuid na Seapáine acmhainneacht atá beartaithe chun cruacha leictreacha neamhdhírthe a tháirgeadh a shaoradh chun leasa táirgeacht táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní lena n-onnmhairiú chuig an Aontas mar go bhfuil Nippon Steel faoi cheangal ag conarthaí le monaróirí feithiclí leictreacha chun cruacha leictreacha neamhdhírthe a tháirgeadh. Sa chomhthéacs sin, mhaígh sé nár cheart go mbeadh an measúnú ar acmhainneacht bhreise bunaithe ar an ngné sin.
- (80) Thug an Coimisiún dá aire go raibh conarthaí ceangailteacha ann le monaróirí feithiclí leictreacha chun cruacha leictreacha neamhdhírthe a tháirgeadh, rud nach bhforáiltear do shaorú acmhainneachta le haghaidh táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní, *per se*, láithreach. Mheas an Coimisiún freisin, áfach, dá bhforbródh dálaí an mhargaidh ar mhargadh na bhfeithiclí leictreacha go diúltach, go bhféadfadh táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Seapáine níos mó acmhainneachta a thiomnú do tháirgeadh táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní toisc go n-úsáideann na táirgeoirí an trealamh céanna chun táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní agus chun cruacha leictreacha neamhdhírthe a tháirgeadh. Cibé scéal é, beag beann ar fhorbairt an éilimh ar chruacha leictreacha neamhdhírthe sna blianta amach romhainn, mheas an Coimisiún go raibh a chonclúidí maidir le measúnú ar acmhainneacht bhreise mar a luadh in aithris (74) bailí toisc go raibh siad sin bunaithe ar acmhainneacht bhreise shuntasach a bheith ann go sonrach maidir le táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní amháin, nár cuireadh aon acmhainneacht bhreise maidir le saoradh leis, atá nasctha le táirgeadh cruacha leictreacha neamhdhírthe.

(b) Tarraingteacht mhargadh an Aontais

- (81) Ó thaobh méide de, tá margadh an Aontais (tomhaltas os cionn 265 000 -280 000 tona le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin) i measc na margaí is mó táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní ar fud an domhain. I measc na dtíortha lena mbaineann, is ag an tSín amháin atá margadh intíre níos mó ná mar atá ag an Aontas Eorpach, agus tá tomhaltas intíre i bhfad níos lú ag Stáit Aontaithe Mheiriceá, an Chóiré, an Rúis agus an tSeapáin.
- (82) Is ionann an acmhainneacht bhreise a shuitear agus [28 – 31 %] de thomhaltas an Aontais le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin, mar a suíodh in aithris (259) thíos. Ag an am céanna tá an dóchúlacht ann go ndéanfar an acmhainneacht bhreise a dhíriú ar mhargadh an Aontais i gcainníochtaí móra dá ligfí do na bearta dul in éag. Go deimhin, glacann margadh intíre na Seapáine thart ar an ceathrú cuid d'acmhainneacht táirgeachta na Seapáine agus go traidisiúnta bíonn sé beagnach 100 % sásta le táirgeacht intíre.
- (83) Ina theannta sin, is ar an onnmhairiú a bhíonn tionscal de chuid na Seapáine dírithe maidir le táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní toisc go bhfuil níos mó ná [70 - 80]% den táirgeacht go léir beartaithe le haghaidh onnmhairí. Faoi dheireadh, tá dualgais chosanta trádála ar an tSín agus ar Stáit Aontaithe Mheiriceá, rud a laghdaíonn, i ndáiríre, rochtain táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Seapáine ar na margaí tábhachtacha sin. Tháinig laghdú mór ar onnmhairí de chuid na Seapáine chuig an tSín go háirithe tar éis don tSín bearta a fhorchur.
- (84) Ina theannta sin, tá córas dáileacháin seanbhunaithe ag táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Seapáine laistigh den Aontas Eorpach agus dá bhrí sin is féidir leo lastais chuig margadh an Aontais a mhéadú go héasca.
- (85) I bhfianaise na mbreithnithe thuas, is féidir coinne a bheith ann go réasúnta, dá ndéanfaí na bearta a aisghairm, go ndéanfaí cuid shubstantiúil d'onnmhairí agus d'acmhainneacht bhreise reatha de chuid na Seapáine a atreorú chuig an Aontas.
- (86) Tar éis nochta, mhaígh Rialtas na Seapáine agus Nippon Steel nach raibh margadh an Aontais chomh tarraingteach agus a bhí sé le linn an imscrúdaithe bunaidh agus go bhfuil sé i gceist ag táirgeoirí de chuid na Seapáine margaí na hÁise atá ag ardú a ghabháil go gníomhach agus nach rólíonfar onnmhairí ón tSeapáin ar mhargadh an Aontais sa chás go ligfeadh do na bearta dul in éag.

- (87) Mheas Nippon Steel freisin go raibh conclúid ar ar tháinig an Coimisiún maidir le tarraingteacht mhargadh an Aontais gan bhunús toisc go raibh sé bunaithe go hiomlán ar a mhéid. Maidir leis sin, dhírigh sé aird ar ghnéithe sonracha eile a bhaineann le tarraingteacht mhargadh an Aontais, amhail leibhéal na bpragsanna, tionscal stóinseach intíre a bheith ann, an t-éileamh ar chineál sonracha táirge, bearta cosanta trádála agus/nó dídhreasachtaí a bhaineann le hiompar.
- (88) Mheas an Coimisiún nár dearbhaíodh an maíomh a bhaineann le margadh na hÁise le fianaise tacaíochta. Ar aon chuma, lean táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Seapáine ag onnmhairiú méideanna suntasacha agus choinnigh siad a sciar den mhargadh san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú in ainneoin na dtosca uile a luaigh Nippon steel, an laghdú ar thomhaltas agus na bearta atá i bhfeidhm.
- (89) Ina theannta sin, ba é margadh an Aontais Eorpaigh an tríú margadh onnmhairiúcháin is mó do tháirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Seapáine le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin ⁽¹⁰⁾. Ina theannta sin, léiríodh ón anailís ar threocht na ndíolachán onnmhairiúcháin ag dhá tháirgeoir onnmhairiúcháin de chuid na Seapáine gur laghdaigh a n-onnmhairí chuig tíortha nach Ballstáit den Aontas iad i bhfad níos mó sa tréimhse faoi bhreathnú (-[25-35]%) ná onnmhairí chuig an Aontas (- [5-15]%) le linn na tréimhse céanna.
- (90) Anuas ar a mhéid agus ar na cainníochtaí móra is féidir le táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Seapáine a dhíol ar mhargadh an Aontais, thug an Coimisiún dá aire freisin go bhfuil leibhéal arda pragsanna agus láithreachas suntasach allmhairí de shaintréith ag margadh an Aontais, rud a léiríonn a tharraingteacht do tháirgeoirí táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní lasmuigh den Aontas Eorpach. Ar an mbonn sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(c) Conclúid maidir leis an dóchúlacht go leanfar den dumpáil

- (91) I bhfianaise a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur dócha go leanfar den dumpáil amach anseo má ligtear do na bearta dul in éag. Ag breithniú ar leibhéal na bpragsanna dumpáilte maidir le táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní don Aontas le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin, ar an acmhainneacht bhreise sa tSeapáin agus ar tharraingteacht mhargadh an Aontais, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil an dóchúlacht ann go dtiocfaidh méideanna suntasacha táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní ón tSeapáin isteach ar mhargadh an Aontais ag leibhéal na bpragsanna dumpáilte, má ligtear do na bearta dul in éag.

3.3. Poblacht na Cóiré

3.3.1. Dumpáil le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin

3.3.1.1. Réamhbharúlacha

- (92) Cheal comhoibrithe ó aon táirgeoir onnmhairiúcháin de chuid na Cóiré, mar a léirítear in aithris (28), shuigh an Coimisiún a anailís fhoriomlán, lena n-áirítear an ríomh dumpála, ar fhíoraís atá ar fáil de bhun Airteagal 18 den bhun-Rialachán.
- (93) Dá bharr sin, rinneadh measúnú ar an dóchúlacht go leanfar den dumpáil nó go dtarlódh sí arís trí úsáid a bhaint as an bhfaisnéis atá san iarraidh ar athbhreithniú éaga, in éineacht le sonraí Eurostat agus leis na staitisticí onnmhairiúcháin in Global Trade Atlas.

3.3.1.2. Dumpáil

(a) Gnáthluach

- (94) D'fhoill an gnáthluach a shuí, d'úsáid an Coimisiún an mhodheolaíocht chéanna leis an gceann a chuir an t-iarraitasóir i bhfeidhm san iarraidh. Ó tharla nach raibh sonraí iontaofa maidir le pragsanna ar mhargadh intíre na Cóiré ar fáil, shuigh an Coimisiún gnáthluach ríofa ag baint úsáid as an modheolaíocht agus as na luachanna atá san iarraidh ar athbhreithniú éaga.

(b) Pragsanna onnmhairiúcháin

- (95) Suíodh pragsanna onnmhairiúcháin chuig an Aontas ar bhonn sonraí Eurostat.

⁽¹⁰⁾ Foinse: freagraí ar an gceistneoir ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Seapáine.

(c) **Comparáid**

- (96) Rinneadh comparáid idir an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha. Chuige sin, asbhaineadh costais seachadta agus árachais ar bhonn na faisnéise a bhí ar fáil san iarraidh (115,82 EUR/tona). Ba é 1 893 EUR/tona gnáthluach an phraghais díreach ón monarcha a suíodh, agus ba é 1 880 EUR/tona an praghas onnmhairiúcháin díreach ón monarcha le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin.

(d) **Dumpáil**

- (97) Ar bhonn an méid thuas, shuigh an Coimisiún go raibh corrlach dumpála onnmhairí de chuid na Cóiré chuig an Aontas ag leibhéal *de minimis*, i.e. níos lú ná 2 %, arna shloinneadh mar chéatadán den praghas onnmhairiúcháin.

3.3.2. *An dóchúlacht go leanfar den dumpáil má dhéantar na bearta a aisghairm*

- (98) Rinne an Coimisiún anailís ar cibé an bhfuil an dóchúlacht ann go dtarlóidh dumpáil arís má ligtear do na bearta frithdhumpála reatha dul in éag. Agus é sin á dhéanamh, d'fhéach sé ar iompar onnmhairí de chuid na Cóiré ar mhargaí eile, ar tháirgeacht agus ar acmhainneacht bhreise sa Chóiré agus ar tharraingteacht mhargadh an Aontais.

(a) **Onnmhairí chuig tríú tíortha**

- (99) Rinne an Coimisiún anailís ar na pragsanna onnmhairiúcháin ón gCóiré chuig tríú margaí eile le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin, mar a tuairiscíodh i staitisticí oifigiúla onnmhairithe na Cóiré de réir Global Trade Atlas, agus rinne sé comparáid idir leibhéil na bpragsanna sin agus na pragsanna allmhairiúcháin. Léiríodh mar thoradh ar an anailís sin go ndearnadh onnmhairí de chuid na Cóiré chuig roinnt dá phríomh-mhargaí onnmhairiúcháin eile ag pragsanna faoi bhun na bpragsanna onnmhairiúcháin chuig an Aontas. Suíodh an meánphraghas onnmhairiúcháin chuig tríú margaí ag 1 442 EUR/tona le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin, atá faoi bhun an íospraghais allmhairiúcháin is ísle is infheidhme san Aontas Eorpach agus i bhfad níos ísle ná an meánphraghas díreach ón monarcha chuig an Aontas. Leis an ngnáthluach ríofa léiríodh difríocht praghais de thart ar 30 % nuair a rinneadh comparáid idir na pragsanna sin agus pragsanna chuig tríú margaí.
- (100) Dá bhrí sin, measadh go raibh an dóchúlacht ann, dá ndéanfaí na bearta reatha a aisghairm, go dtosódh táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Cóiré ag díol leis an Aontas ar leibhéal na bpragsanna dumpáilte.

(b) **Acmhainneacht bhreise**

- (101) De réir na bhfóras atá ar fáil san iarraidh ar athbhreithniú, tá acmhainneacht táirgeachta mheasta de 280 000 tona ag an gCóiré agus acmhainneacht bhreise mheasta de 24 000 tona le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin. Dá bhrí sin, bhí acmhainneacht bhreise na Cóiré comhfhreagrach do thart ar [7 – 10] % de thomhaltas an Aontais maidir le táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin.

(c) **Tarraingteacht mhargadh an Aontais**

- (102) Shuigh an Coimisiún go bhfuil margadh an Aontais tarraingteach do tháirgeoirí de chuid na Cóiré ar na cúiseanna seo a leanas.
- (103) Ar dtús, mar a léirítear in aithris (81) thuas, tá margadh an Aontais i measc na margaí is mó ar domhan. Ar an dara dul síos, tá tomhaltas intíre na Cóiré sásta den chuid is mó leis an táirgeadh intíre, toisc nach bhfuil ach 19 % de ina n-allmhairí. Mar thoradh air sin, bíonn na táirgeoirí onnmhairiúcháin dírithe ar onnmhairí den chuid is mó.
- (104) Ar an tríú dul síos, tar éis bearta frithdhumpála a fhorchur sa tSín i gcoinne, *inter alia*, na Cóiré, agus an méadú ar acmhainneacht táirgeachta intíre na Síne, tá laghdú mór tagtha ar onnmhairí de chuid na Cóiré chuig an tSín le blianta beaga anuas. Dhéanfaidh sé sin margadh an Aontais níos tarraingtí dá réir, rud a chruthódh an riosca go bhféadfadh atreorú trádála áirithe a bheith ann don Aontas.

(d) **Conclúid maidir leis an dóchúlacht go dtarlóidh an dumpáil arís**

- (105) I bhfianaise a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil an dóchúlacht ann go dtarlóidh an dumpáil arís sa todhchaí má ligtear do na bearta dul in éag. Agus acmhainneacht bhreise na Cóiré á meas, leibhéal ísle pragsanna na n-onnmhairí maidir le táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní chuig tríú tíortha le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin, a rinneadh ar phraghsanna dumpáilte i gcomparáid leis an ngnáthluach, mar aon le tarraingteacht mhargadh an Aontais, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil an dóchúlacht go dtiocfaidh cainníochtaí suntasacha táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní ón gCóiré isteach i margadh an Aontais ag leibhéal na bpragsanna dumpáilte, má ligtear do na bearta dul in éag.

3.4. Stáit Aontaithe Mheiriceá

3.4.1. Dumpáil le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin

3.4.1.1. Réamhbharúlacha

- (106) Cheal comhoibrithe ó aon táirgeoir onnmhairiúcháin de chuid Stáit Aontaithe Mheiriceá, mar a léirítear in aithris (28), shuigh an Coimisiún a anailís fhoriomlán, lena n-áirítear an ríomh dumpála, ar fhórais atá ar fáil de bhun Airteagal 18 den bhun-Rialachán.
- (107) Dá bharr sin, rinneadh measúnú ar an dóchúlacht go leanfar den dumpáil nó go dtarlóidh dumpáil arís trí úsáid a bhaint as an bhfaisnéis atá san iarraidh ar athbhreithniú éaga, in éineacht le foinsí faisnéise eile amhail Eurostat agus GTA.

3.4.1.2. Dumpáil

(a) Gnáthluach

- (108) D'fhoill an gnáthluach a shuí, d'úsáid an Coimisiún an mhodheolaíocht chéanna leis an gceann a chuir an t-iarraitasóir i bhfeidhm san iarraidh. Ó tharla nach raibh sonraí iontaofa maidir le praghsanna ar mhargadh intíre Stáit Aontaithe Mheiriceá ar fáil, bhunaigh an Coimisiún gnáthluach tógtha ag baint úsáid as an modheolaíocht agus na luachanna atá san iarraidh ar athbhreithniú éaga.

(b) Pragsanna onnmhairiúcháin

- (109) Suíodh pragsanna onnmhairiúcháin chuig an Aontas ar bhonn sonraí Eurostat.

(c) Comparáid

- (110) Rinneadh comparáid idir an gnáthluach agus an pragas onnmhairiúcháin ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha. Chuige sin, asbhaineadh costais seachadta agus árachais ar bhonn na faisnéise a bhí ar fáil san iarraidh (166,66 EUR/tona). Mar sin suíodh gnáthluach an phraghais díreach ón monarcha ag 2 310 EUR/tona, agus ba é 1 880 EUR/tona an pragas onnmhairiúcháin le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin.

(d) Dumpáil

- (111) I bhfianaise a bhfuil thuas, shuigh an Coimisiún corrlach dumpála de thart ar 21 %. Mar sin tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur leanadh den dumpáil le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin.

3.4.2. An dóchúlacht go leanfar den dumpáil má dhéantar na bearta a aisghairm

- (112) Rinne an Coimisiún anailís ar cibé an bhfuil an dóchúlacht ann go leanfar den dumpáil má ligtear do na bearta frithdhumpála reatha dul in éag. Agus é sin á dhéanamh, d'fhéach sé ar tháirgeacht agus ar acmhainneacht bhreise i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus ar tharraingteacht mhargadh an Aontais.

(a) Acmhainneacht bhreise

- (113) De réir na faisnéise a cuireadh ar fáil san iarraidh ar athbhreithniú éaga, bhí acmhainneacht táirgeachta mheasta de 265 000 tona ag Stáit Aontaithe Mheiriceá agus acmhainneacht bhreise mheasta de 77 000 tona le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin. Mar sin is féidir leis an acmhainneacht bhreise i Stáit Aontaithe Mheiriceá amháin [27 - 30]% de thomhaltas táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní an Aontais a shásamh.

(b) Tarraingteacht mhargadh an Aontais

- (114) Deimhníodh leis an imscrúdú go bhfuil margadh an Aontais tarraingteach do tháirgeoirí Stáit Aontaithe Mheiriceá ar na cúiseanna seo a leanas:
- (115) Ar dtús, mar a léirítear in aithris (81) thuas, tá margadh an Aontais i measc na margaí is mó ar domhan.
- (116) Ar an dara dul síos, tá tomhaltas intíre Stáit Aontaithe Mheiriceá sásta den chuid is mó leis an táirgeadh intíre, toisc nach raibh ach timpeall 15 % de ina n-allmhairí le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin. Mar thoradh air sin, tá na táirgeoirí onnmhairiúcháin dírithe ar onnmhairiú.

(c) **Conclúid maidir an dóchúlacht go leanfar den dumpáil**

- (117) I bhfianaise a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur dócha go leanfar den dumpáil amach anseo má ligtear do na bearta dul in éag. Agus leibhéil na bpraghsanna dumpáilte á mbreithniú maidir le táirgí áirithe cothrom-rolta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní don Aontas le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin, agus an acmhainneacht bhreise i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus tarraingteacht mhargadh an Aontais, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil an dóchúlacht ann go dtiocfaidh cainníochtaí suntasacha de tháirgí áirithe cothrom-rolta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní ó Stáit Aontaithe Mheiriceá isteach ar mhargadh an Aontais ar leibhéil na bpraghsanna dumpáilte, má ligtear do na bearta dul in éag.

3.5. An tSín

3.5.1. Dumpáil le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin

3.5.1.1. Nós imeachta um an ngnáthluach a shuí faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán

- (118) De réir Airteagal 2(1) den bhun-Rialachán, “déanfar an gnáthluach a shuí de ghnáth ar an bpraghas a íocadh nó atá le híoc, i ngnáthchúrsa trádála, ag custaiméirí neamhspleácha sa tír is onnmhaireoir”.
- (119) Mar sin féin, de réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, “i gcás ina gcinntear [...] nach bhfuil sé iomchuí praghsanna intíre agus costais a úsáid sa tír is onnmhaireoir i ngeall go bhfuil saobhadh suntasach sa tír sin de réir bhrí phointe (b), déanfar an gnáthluach a ríomh go heisiach ar bhonn na gcostas táirgthe agus díola ina léirítear praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa”, agus “áireofar leis méid neamhshaofa agus réasúnta de chostais SGA.
- (120) Ó tharla gur leordhóthanach an fhianaise a bhí ar fáil ag tús an imscrúdaithe lenar tugadh le fios gurbh ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí phointe (b) d’Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, maidir leis an tSín, mheas an Coimisiún gurbh iomchuí tús a chur leis an imscrúdú i ndáil leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin ón tír sin, ag féachaint d’Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.
- (121) Dá bhrí sin, chun na sonraí is gá a bhailiú chun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm lá is faide anonn, d’iarr an Coimisiún ar tháirgeoirí de chuid na Síne san Fhógra Tionscnaimh faisnéis a sholáthar maidir leis na hionchuir a úsáidtear chun an táirge atá faoi athbhreithniú a tháirgeadh. Chuir táirgeoir onnmhairiúcháin amháin an fhaisnéis a iarradh ar fáil.
- (122) D’fhonn faisnéis a fháil a mheas sé go mba ghá dá imscrúdú maidir leis an saobhadh suntasach a líomhnaíodh, sheol an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas na Síne freisin. Ina theannta sin, i bpointe 5.3.2 den Fhógra Tionscnaimh, thug an Coimisiún cuireadh do gach páirtí leasmhar a gcuid tuairimí a chur in iúl, faisnéis a chur isteach agus fianaise thacaíochta a chur ar fáil maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán laistigh de 37 lá ó dháta fhoilsiú an Fhógra Tionscnaimh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. Ní bhfuarthas aon fhreagra ar an gceistneoir ó Rialtas na Síne agus ní bhfuarthas aon aighneacht maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán roimh an sprioc-am.
- (123) An 30 Samhain 2020, d’eisigh an Coimisiún an chéad nóta i gcomhair an chomhaid (“An Chéad Nóta”), nóta inar lorg sé tuairimí ó na páirtithe leasmhara i leith na bhfoinsí ábhartha a bhféadfadh an Coimisiún úsáid a bhaint astu chun an gnáthluach a chinneadh, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(e) an dara fleasc den bhun-Rialachán. Sa nóta sin, sholáthair an Coimisiún liosta na dtosca táirgeachta uile amhail ábhair, fuinneamh agus saothar a úsáideann na táirgeoirí onnmhairiúcháin chun an táirge faoi athbhreithniú a tháirgeadh. Ina theannta sin, ar bhonn na gcritéar a threoraíonn rogha na bpraghsanna nó na dtagarmharcanna neamhshaofa, shainithin an Coimisiún dhá thír ionadaithe fhéideartha: An Bhrasaíl agus an Rúis.
- (124) D’iarr an Coimisiún ar pháirtithe leasmhara a mbarúlacha a chur in iúl ina leith sin. Fuarthas barúlacha ó Eurofer agus ó Baoshan Group.
- (125) Tugadh aghaidh ar na barúlacha sa Chéad Nóta sa dara nóta (“an Dara Nóta”) a d’eisigh an Coimisiún an 20 Iúil 2021 agus inar chuir sé páirtithe leasmhara ar an eolas faoi na foinsí ábhartha a bhí beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a shuí, leis an mBrasaíl mar an tír ionadaíoch. Chuir sé in iúl freisin do pháirtithe leasmhara go ndéanadh sé costais SGA agus na brabúis a shuí bunaithe ar fhaisnéis a bhí ar fáil don chuideachta, Aperam Inox América so Sul S.A. (“Aperam”), táirgeoir de chuid na tíre ionadaíche. Fuarthas barúlacha ó Eurofer agus ó Baoshan Group.

3.5.1.2. Neamh-chomhoibriú ó Rialtas na Síne

- (126) Ar thionscnamh an imscrúdaithe ar bhonn Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, chuir an Coimisiún ceistneoir amach chuig Rialtas na Síne maidir le saobhadh a bheith ann. Níor thíolaic Rialtas na Síne aon fhreagra. Trí bhithin Nótaí Briathartha an 24 Meán Fómhair 2021, chuir an Coimisiún in iúl do Rialtas na Síne go raibh sé ar intinn aige úsáid a bhaint as Airteagal 18 den bhun-Rialachán maidir le saobhadh suntasach a d'fhéadfadh a bheith ann ar mhargadh infé na Síne i dtaca le táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní de réir bhrí Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. D'iarr an Coimisiún ar Rialtas na Síne a bharúil a thíolacadh maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 18. Ní bhfuarthas aon bharúlacha.

3.5.1.3. Saobhadh suntasach a bheith ann

- (127) In imscrúduithe a rinneadh le déanaí maidir leis an earnáil cruach sa tSín ⁽¹¹⁾, rinne an Coimisiún amach gurbh ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid san imscrúdú sin gur ar bhonn na fianaise ar bhí ar fáil, ba iomchuí freisin Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm.
- (128) Sna himscrúduithe sin, rinne an Coimisiún amach gurbh ann d'idirghabháil shuntasach ón rialtas sa tSín, rud a shaobhann leithdháileadh éifeachtach na n-acmhainní i gcomhréir le prionsabail an mhargaidh ⁽¹²⁾. Go háirithe, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur san earnáil cruach, lena mbaineann táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní, ní hamháin go bhfuil cuid mhór úinéireachta ag Rialtas na Síne uirthi de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán ⁽¹³⁾, ach ina theannta sin, go bhfuil Rialtas na Síne in ann cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais trí láithreach Stáit i ngnólachtaí de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an dara fleasc den bhun-Rialachán ⁽¹⁴⁾. Rinne an Coimisiún amach thairis sin go raibh éifeachtaí saofa breise ar an margadh ag láithreach agus ag idirghabháil an Stáit sna margaí airgeadais agus ó thaobh soláthar amhábh agus ionchur de freisin. Go deimhin, ar an iomlán, de bharr an chórais pleanála sa tSín, fágann sé go mbíonn acmhainní á ndíriú ag Rialtas na Síne ar earnálacha atá ainmnithe mar earnálacha straitéiseacha nó atá tábhachtach go polaitiúil ar shlí eile, seachas iad a bheith á leithdháileadh i gcomhréir le fórsaí an mhargaidh ⁽¹⁵⁾. Thairis sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhfuil dlíthe féimheachta agus maoine na Síne ag obair i gceart de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an ceathrú fleasc den bhun-Rialachán, rud a chruthaíonn saobhadh go háirithe nuair a bhíonn gnólachtaí dócmhainneacha á gcoimeád i mbun gnó agus nuair a bhíonn cearta úsáide talún á leithdháileadh sa tSín ⁽¹⁶⁾. Ar an

⁽¹¹⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635 an 16 Aibreán 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí píopaí táite agus feadán táite áirithe d'iarann nó de chruach neamh-chóimhiotail ar de thionscnamh na Bealarúise, Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Rúise iad tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 132, 19.4.2021, lch. 145), agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/508 an 7 Aibreán 2020 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí leathán teorollta áirithe agus cornaí déanta as cruach dhosmálta de thionscnamh na hIndinése, Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téaváine (IO L 110, 8.4.2020, lch. 3).

⁽¹²⁾ Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635, aithrisí 149-150, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/508, aithrisí 158-159.

⁽¹³⁾ Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635, aithrisí 115-118, agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/508, aithrisí 122-127.

⁽¹⁴⁾ Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635, aithrisí 119-122, agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/508, aithrisí 128-132: Cé go bhféadfaí an ceart atá ag na húdaráis ábhartha Stáit príomhphearsanra bainistíochta i bhfiontair atá faoi úinéireacht an Stáit a cheapadh agus a chur as a bpoist, dá bhforáiltear i reachtaíocht na Síne, a mheas mar rud a léiríonn na cearta úinéireachta a chomhfhreagraíonn dó sin, léiríonn cealla de Pháirtí Cumannach na Síne i bhfiontair, idir chinn atá faoi úinéireacht an stáit agus chinn phríobháideacha araon, modh tábhachtach eile trína féidir leis an Stát cur isteach ar chinntí gnó. De réir dhlí cuideachta na Síne, bunófar eagraíocht de Pháirtí Cumannach na Síne i ngach cuideachta (le triúr comhaltaí de chuid an Pháirtí ar a laghad mar a shonraítear i mBunreacht na Síne) agus cuirfidh an cuideachta na coinníollacha is gá ar fáil le haghaidh ghníomhaíochtaí eagraíocht an pháirtí. San am a chuaigh thart, is cosúil nár leanadh an ceanglas sin i gcónaí nó nár forfheidhmíodh é go docht. Ó bhí 2016 ann ar a laghad, áfach, tá neartú déanta ag Páirtí Cumannach na Síne ar a chuid éileamh chun cinntí gnó a rialú i bhfiontair atá faoi úinéireacht an Stáit mar phrionsabal polaitiúil. Tuairiscítear freisin gur chuir Páirtí Cumannach na Síne brú ar cuideachtaí príobháideacha tús áite a thabhairt don "tírghrá" agus gníomhú i gcomhréir le disciplín an pháirtí. In 2017, tuairiscíodh go raibh cealla den pháirtí in 70 % den 1,86 milliún cuideachta atá faoi úinéireacht phríobháideach, agus go raibh an brú ag méadú ar eagraíochtaí Pháirtí Cumannach na Síne an focal deiridh a bheith acu maidir leis na cinntí gnó laistigh de na cuideachtaí atá acu. Cuirtear na rialacha sin i bhfeidhm go ginearálta ar fud gheilleagar na Síne, i ngach earnáil, lena n-áirítear i measc táirgeoirí táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní agus soláthróirí na n-ionchur a úsáidtear iontu.

⁽¹⁵⁾ Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635, aithrisí 123-129, agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/508, aithrisí 133-138.

⁽¹⁶⁾ Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635, aithrisí 130-133, agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/508, aithrisí 139-142.

gcaoi chéanna, rinne an Coimisiún amach gurbh ann do shaobhadh maidir le costais phá san earnáil cruach de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an cúigiú fleasc den bhun-Rialachán ⁽¹⁷⁾, mar aon le saobhadh sna margaí airgeadais de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán, go háirithe maidir le gníomhaithe corparáideacha caipiteal a rochtain sa tSín ⁽¹⁸⁾.

- (129) Mar a rinneadh in imscrúduithe roimhe seo maidir leis an earnáil cruach sa tSín, san imscrúdú seo d'fhéach an Coimisiún lena fháil amach an iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid sa tSín i bhfianaise saobhadh suntasach a bheith ann de réir bhrí Airteagal 2(6a), pointe (b), den bhun-Rialachán. Rinne an Coimisiún amhlaidh ar bhonn na fianaise atá ar fáil sa chomhad, lena n-áirítear an fhianaise atá san iarraidh agus sa Tuarascáil araon ar fhianaise í atá ag brath ar fhoincíní atá ar fáil go poiblí. Cumhdaíodh san anailís sin an scrúdú a rinneadh ar na hidirghabhálacha substaintiúla ón rialtas i ngeilleagar na Síne go ginearálta, ach cumhdaíodh freisin staid shonrach an mhargaidh san earnáil ábhartha lena n-áirítear an táirge atá faoi athbhreithniú. Chuir an Coimisiún leis na gnéithe fianaiseacha sin lena thaighde féin ar na critéir éagsúla atá ábhartha chun a dheimhniú gurbh ann do shaobhadh suntasach sa tSín, mar a fuarthas amach freisin in imscrúduithe a rinne sé roimhe seo i ndáil leis sin.
- (130) Bhí faisnéis san iarratas maidir le héifeachtaí saofa an 13ú Plean Cruach Cúig Bliana ar an tionscal cruach. Ina theannta sin, thagair an iarraidh do na fionnachtana a rinne rialtas na Stát Aontaithe maidir le rialú an stáit ar an gcumhacht rialaithe réasúnta láidir ar an earnáil cruach sa tSín trí Choimisiún Riarachán agus Fhaireachán na Sócmhainní atá faoi úinéireacht an Stáit agus cumhacht rialaithe iomlán ar leictreachas ⁽¹⁹⁾. Tugadh faoi deara san iarraidh freisin go ndéantar táirgí áirithe cothrom-rolta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní, cosúil le táirgí cruach le bratú orgánach orthu a tháirgeadh ó chornaí teorollta. Dá bhrí sin, tá feidhm ag an saobhadh céanna a thug an Coimisiún faoi deara maidir le táirgí cruach le bratú orgánach orthu i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/687 ⁽²⁰⁾ maidir le táirgí áirithe cothrom-rolta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní freisin. Tugadh faoi deara san iarraidh freisin gur táirgeoirí onnmhairiúcháin de tháirgí cruach le bratú orgánach orthu, a chumhdaítear leis na bearta cinntitheacha ar an táirge sin, iad an dá phríomhtháirgeoir onnmhairiúcháin de chuid na Síne san imscrúdú maidir le táirgí áirithe cothrom-rolta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní freisin, Baosteel agus WISCO. Ag deireadh 2016, chumasc Baosteel agus WISCO chun a bheith ar an monaróir cruach is mó sa tSín. Thagair an iarraidh freisin don nós imeachta frith-fhóirdheontais i ndáil le táirgí cruach comhréidh teorollta ⁽²¹⁾, inar aimsigh an Coimisiún roinnt fóirdheontas a thugann le fios go raibh saobhadh san earnáil. Faoi dheireadh, luadh san iarraidh tacaíocht airgeadais a fuair Baosteel agus táirgeoirí eile, mar is léir ó thuascáil a d'ullmhaigh Comhghuaillíocht Thionscal na Cruach ⁽²²⁾ agus torthaí a fhaightear i roinnt imscrúduithe ar dhleacht frithchúitimh na Stát Aontaithe ⁽²³⁾.
- (131) Mar a tugadh le fios in aithris (126), níor chuir Rialtas na Síne barúlacha in iúl nó níor sholáthair sé fianaise lenar tacaíodh nó lenar bréagnaíodh an fhianaise atá sa cháschomhad, lena n-áirítear an Tuarascáil agus an fhianaise bhreise a sholáthair an gearánach maidir le saobhadh suntasach a bheith ann agus/nó maidir lena iomchuí atá cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán sa chás faoi chaibidil.
- (132) Go sonrach, is ann fós do chuid mhór úinéireachta ag Rialtas na Síne san earnáil cruach, lena mbaineann táirgí áirithe cothrom-rolta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní. Tá cuid mhór de na táirgeoirí is mó faoi úinéireacht an Stáit. Mar shampla, mórchuideachta eile de chuid na Síne atá faoi úinéireacht stáit is ea Baosteel, príomhonnmhairiúir táirgí áirithe cothrom-rolta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní, atá i mbun monarú cruach agus atá ina chuid de China Baowu Steel Group Co. Ltd., cuideachta a comhdhlúthaíodh le déanaí– ar a dtugtaí Baosteel Iron & Steel Co., Ltd. agus Wuhan Iron & Steel Group ⁽²⁴⁾ roimhe seo. Cé go meastar go bhfuil

⁽¹⁷⁾ Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635, aithrisí 134-135, agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/508, aithrisí 143-144.

⁽¹⁸⁾ Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635, aithrisí 136-145, agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/508, aithrisí 145-154.

⁽¹⁹⁾ Roinn Tráchtála na Stát Aontaithe, "Stádas na Síne mar gheilleagar neamh-mhargaidh", A-570053, 26 Deireadh Fómhair 2017, lch. 57.

⁽²⁰⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/687 ón gCoimisiún an 2 Bealtaine 2019 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí táirgí áirithe cruach le bratú orgánach orthu de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 116, 3.5.2019, lch. 5).

⁽²¹⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/969 ón gCoimisiún an 8 Meitheamh 2017 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí táirgí comhréidhe teorollta áirithe, ar táirgí iarainn, cruach neamh-chóimhiotail nó cruach chóimhiotail eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/649 ón gCoimisiún lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí táirgí comhréidhe teorollta áirithe, ar táirgí iarainn, cruach neamh-chóimhiotail nó cruach chóimhiotail eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad (IO L 146, 9.6.2017, lch. 17).

⁽²²⁾ Comhghuaillíocht Thionscal na Cruach, Tuarascáil ar Thaighde Margaidh maidir le Tionscal na Cruach i nDaon-Phoblacht na Síne (30 Meitheamh 2016).

⁽²³⁾ Cruach Leictreach Neamhdhírthe ón tSín: Torthaí Deiridh an Chéad Athbhreithnithe Éaga Brostaithe ar an Ordú Dleachta Frithchúitimh, 85 Rialachán 11339 ón gCónaidhm (an 27 Feabhra, 2020); Imscrúdú ar Dhleacht Frithchúitimh ar Tháirgí Cruach atá Frithchreimneach ón tSín: Cinneadh Deiridh Dearfach, 81 Rialachán 35308 ón gCónaidhm (an 2 Meitheamh, 2016).

⁽²⁴⁾ Baowu, "Próifíl na cuideachta", <http://www.baowugroup.com/en/contents/5273/102759.html> (arna amharc go deireanach an 6 Bealtaine 2021)

an deighilt ainmniúil beagnach cothrom idir an líon cuideachtaí faoi úinéireacht stáit agus an líon cuideachtaí faoi úinéireacht phríobháideach, as na cúig tháirgeoir cruach de chuid na Síne a aicmítear ar na deich dtáirgeoir cruach is mó ar domhan, is cuideachtaí faoi úinéireacht stáit ⁽²⁵⁾ iad ceithre cinn díobh. An tráth céanna, cé nár bhain ach thart ar 36 % de tháirgeacht iomlán an tionscail in 2016 leis na deich dtáirgeoir is mó, leag Rialtas na Síne sprioc amach sa bhliain chéanna chun idir 60 % agus 70 % den táirgeadh cruach a chomhdhlúthú go thart ar dheich bhfiontar mhóra nó mar sin faoi 2025 ⁽²⁶⁾. Chuir Rialtas na Síne an rún sin in iúl arís i mí Aibreáin 2019, agus d'fhógair sé go n-eiseofaí treoirlínte maidir le comhdhlúthú an tionscail chruach ⁽²⁷⁾. D'fhéadfadh sé gurb é atá i gceist leis an gcomhdhlúthú sin cumaisc éigeantacha na gcuideachtaí príobháideacha brabúsacha agus na gcuideachtaí faoi úinéireacht stáit atá ag tearcfheidhmiú ⁽²⁸⁾. Tá an dá tháirgeoir táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní de chuid na Síne, Baosteel agus WISCO (baineann an dá cheann le Baoshan Group) faoi úinéireacht an Stáit.

- (133) Maidir le Rialtas na Síne a bheith in ann cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais tríd an Stát a bheith i láthair i ngnólachtaí de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an dara fleasc den bhun-Rialachán, rinneadh amach san imscrúdú gurbh ann do naisc phearsanta idir táirgeoirí an táirge faoi athbhreithniú agus Páirtí Cumannach na Síne, amhail comhaltaí Pháirtí Cumannach na Síne a bheith i measc na bainistíochta sinsearaí nó i measc comhaltaí bhoird stiúthóirí Baoshan Group.
- (134) Tá idir fhiontair phríobháideacha agus fhiontair phoiblí in earnáil táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní faoi réir mhaoirseacht agus threorú beartais. Léirítear sna samplaí seo a leanas an treocht thuas maidir le leibhéal méadaitheach idirghabhála ó Rialtas na Síne san earnáil. Cuireann an dá tháirgeoir táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní béim go sainráite ar ghníomhaíochtaí fothaithe páirtí ar a suíomhanna gréasáin, tá comhaltaí páirtí acu i mbainistíocht na cuideachta agus leagann siad béim ar a gceangal le Páirtí Cumannach na Síne. Nochtadh mar thoradh ar an imscrúdú gníomhaíochtaí fothaithe páirtí in Baosteel agus WISCO araon. Seo a leanas an cur síos atá ag Baosteel ar ghníomhaíochtaí fothaithe páirtí: “An phríomhfhreagracht a ghlacadh as an bpáirtí a riar go dian agus go cuimsitheach; Ceannas a ghlacadh ar obair idé-eolaíoch agus pholaitiúil an chomhlachta, comhaontú na n-oibrithe, tógáil ar shibhialtacht spioradálta, ar chultúr corparáideach agus ar obair an tslua, cuir i gcás na ceardchumainn agus Conradh Cumannach na hÓige; Ceannas a ghlacadh ar an rialú de réir nós an pháirtí, agus ar an rialú macánta, tacú le coistí smachta ionas gur féidir leo a bhfreagrachtaí maoirseachta a chomhlíonadh go héifeachtach ⁽²⁹⁾”. Tugann WISCO le fios ar a shuíomh gréasáin go bhfuil cinneadh déanta ag an gcéad chomhdháil ball Pháirtí Cumannach na Síne WISCO Group Co., Ltd. a tionóladh an 22 Eanáir 2021 “ról iomlán a thabhairt do ról ceannaireachta choiste an pháirtí “stiúradh, an staid fhoriomlán a bhainistiú, agus cur chun feidhme a áirithiú”, chun seasaimh pholaitiúla a fheabhsú, chun cuntasacht a neartú, agus chun gach iarracht a dhéanamh le cur chun feidhme na straitéise forbartha “1345” a chur chun cinn ⁽³⁰⁾”.
- (135) Ina theannta sin, tá beartais atá idirdhealaitheach i bhfabhar táirgeoirí intíre nó a bhfuil tionchar acu ar an margadh ar bhealach eile de réir Airteagal 2(6a)(b), an tríú fleasc den bhun-Rialachán i bhfeidhm in earnáil táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní.
- (136) Cé gur tionscal speisialaithe é táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní agus nach bhféadfaí aon doiciméad beartais ar leith a threoraíonn go háirithe forbairt thionscal táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní den chineál sin a shainaithint le linn an imscrúdaithe, baineann tionscal táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní leas as treoir agus idirghabháil rialtais maidir le cruach agus na príomh-amhábhair chun táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní a mhonarú, eadhon cruach agus amhiarann.
- (137) Measann Rialtas na Síne gur príomhthionscal é tionscal na cruach ⁽³¹⁾. Deimhnítear é sin sna pleananna, teoracha agus doiciméid iomadúla eile atá dírithe ar an gcruach a eisítear ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus cathrach mar “an Plean maidir le hOiriúnú agus Uasghrádú an Tionscail Chruach do 2016-2020”, plean a bhí bailí le linn thréimhe an imscrúdaithe. Sonraíodh sa Plean sin gur “earnáil bhunúsach thábhachtach de gheilleagar na Síne, bunchloch náisiúnta” é an tionscal cruach ⁽³²⁾. Cumhdaítear sna príomhchúraimí agus cuspóirí a leagtar amach sa

⁽²⁵⁾ Tuarascáil – Caibidil 14, lch. 358: 51 % de chuideachtaí príobháideacha agus 49 % de chuideachtaí faoi úinéireacht stáit ó thaobh táirgeachta de, agus 44 % de chuideachtaí faoi úinéireacht stáit agus 56 % de chuideachtaí príobháideacha ó thaobh acmhainneachta de.

⁽²⁶⁾ Le fáil ag: www.gov.cn/zhengce/content/2016-02/04/content_5039353.htm (arna amharc go deireanach an 6 Bealtaine 2021); https://policy.cn.com/policy_ticker/higher-expectations-for-large-scale-steel-enterprise/?iframe=1&secret=c8uthafuthefra4e (arna amharc go deireanach an 6 Bealtaine 2021), agus www.xinhuanet.com/english/2019-04/23/c_138001574.htm (arna amharc go deireanach an 6 Bealtaine 2021).

⁽²⁷⁾ Le fáil ar http://www.xinhuanet.com/english/2019-04/23/c_138001574.htm (arna amharc go deireanach an 6 Bealtaine 2021) agus http://www.jjckb.cn/2019-04/23/c_137999653.htm (arna amharc go deireanach an 6 Bealtaine 2021).

⁽²⁸⁾ Faoi mar a tharla i gcás an chumaisc idir Rizhao, cuideachta phríobháideach, agus Shandong Iron and Steel, cuideachta faoi úinéireacht stáit, in 2009. Féach an tuarascáil ar chruach Bhéising, lch. 58, agus leas tromlaigh China Baowu Steel Group a shealbhaigh Magang Steel i mí an Mheithimh 2019, féach <https://www.ft.com/content/a7c93fae-85bc-11e9-a028-86cea8523dc2> (arna amharc go deireanach an 6 Bealtaine 2021).

⁽²⁹⁾ Féach Airteagail Chomhlachais Baoshan, Airteagal 133.4: http://static.sse.com.cn/disclosure/listedinfo/announcement/c/2021-01-08/600019_20210108_8.pdf (arna amharc go deireanach an 6 Bealtaine 2021).

⁽³⁰⁾ <http://www.wuganggroup.cn/zzs/index.html>, a ndéanadh i gcomhairle leis an 9 Meán Fómhair 2021.

⁽³¹⁾ Tuarascáil, Caibidil 14.

⁽³²⁾ Réamhrá leis an bPlean maidir le hOiriúnú agus Uasghrádú Thionscal na Cruach.

Phlean seo, gach gné d'fhorbairt an tionscail ⁽³³⁾. Sa 13ú Plean Cúig Bliana maidir le Forbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta ⁽³⁴⁾, ar plean é ba infheidhme le linn thréimhse an imscrúdaithe agus atá beartaithe chun tacú le fiontair a tháirgeann cineálacha ardcháilíochta táirgí cruach. Dírítear ann freisin ar cháilíocht, marthanacht agus iontaofacht táirge a bhaint amach trí thacú le cuideachtaí a mbíonn teicneolaíochtaí in úsáid acu a bhaineann le táirgeadh glan cruach, rolladh beacht, agus feabhas ar cháilíocht ⁽³⁵⁾.

- (138) Liostaítear an tionscal cruach mar thionscal spreagtha in “Catalóg um Athstruchtúrú Tionscail a Threorú” (Leagan 2011) (Leasú 2013) ⁽³⁶⁾ (“an Chatalóg”). Is amhábhair tábhachtach é iarann a úsáidtear chun táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní a tháirgeadh. Cumhdaíodh amhiarann sa Phlean Náisiúnta um Acmhainní Mianraí 2016-2020 le linn thréimhse an imscrúdaithe. Leis an bplean atá beartaithe, i measc nithe eile, chun “comhchruinniú fiontair a chinntiú agus mianaigh mhóra agus mheánmhéide a fhorbairt a bheidh iomaíoch ar an margadh”, chun “a chinntiú go ndéanfar treoir maidir le hacmhainní áitiúla chun iad a dhíriú ar ghrúpaí móra mianadóireachta”, chun “an t-ualach ar fhiontair amhiarainn a laghdú, iomaíochas na bhfiontar amhiarainn intíre a ardú”, chun “rialú leordhóthanach a dhéanamh ar fhorbairt 1 000 mianach aon mhéadar ar doimhneacht agus mianaigh amhiarainn ísealghráid ar scála beag”.
- (139) Luaitear amhiarann freisin sa 13ú Plean Cúig Bliana ar Chruach 2016-2020, plean a bhí i bhfeidhm le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin. Is éard atá beartaithe i gcomhair an amhiarainn sa phlean: “leanúint den tacú le hoibreacha taiscéalaíochta sna príomhlímistéir mhianracha intíre, [...], tacú le roinnt fiontar mianaigh iarainn intíre atá ann cheana agus iad an-iomaíoch mar fhiontair, a bhuíochas sin le forbairt níos leithne agus níos déine, [...], agus do ról na n-acmhainní mianraí baile a neartú i ndáil le slándáil (soláthairtí)”.
- (140) Aicmítear amhiarann mar thionscal straitéiseach atá ag teacht chun cinn agus dá bhrí sin is tionscal é a chumhdaítear sa 13ú Plean Cúig Bliana faoi thionscail straitéiseacha atá ag teacht chun cinn. Liostaítear amhiarann, muciarann agus fearó-chóimhiotail, iad sin go léir freisin i gCatalóg Treorach NRDC le haghaidh Coigeartú Tionscail 2019. Tá fearó-chóimhiotail luaite i gCatalóg Treorach MIIT 2018 le haghaidh Forbairt agus Aistriú Tionscail.
- (141) Mar is féidir a fheiceáil ó na samplaí thuas a bhaineann le cruach agus iarann, treoraíonn Rialtas na Síne forbairt na hearnála maidir le táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní de réir raon leathan uirlisí beartais agus treoracha agus rialaíonn sé beagnach gach gné d'fhorbairt agus d'fheidhmiú na hearnála. Mar sin, baineann an tionscal táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní leas as treoir agus idirghabháil rialtais maidir le cruach agus an príomh-amhábhair chun táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní a mhonarú, eadhon amhiarann.
- (142) Chomh maith leis an méid thuas, tá táirgeoirí táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní ina dtairbhíthe d'fhóirdheontais stáit, rud a léiríonn go soiléir leas an stáit san earnáil sin. Le linn an imscrúdaithe, shuigh an Coimisiún gur bhain an dá tháirgeoir táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní, Baosteel ⁽³⁷⁾ agus WISCO ⁽³⁸⁾ leas as fóirdheontais dhíreacha stáit.
- (143) Go hachomair, tá bearta i bhfeidhm ag Rialtas na Síne chun oibreoirí a spreagadh chun cuspóirí an bheartais phoiblí a chomhlíonadh chun tacú le tionscail spreagtha, lena n-áirítear táirgeadh cruach agus iarainn, faoina dtagann táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní. Cuireann bearta den sórt sin cosc ar fhórsaí an mhargadh oibriú gan bhac.
- (144) Níor nochtadh aon fhianaise san imscrúdú reatha seo nach ndéanadh cur i bhfeidhm idirdhealaitheach nó forfheidhmiú neamhleor dlíthe féimheachta agus maoine de réir Airteagal 2 (6a)(b), an ceathrú fleasc den bhun-Rialachán in earnáil táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní dá dtagraítear thuas in aithris (128) aon difear do mhonaróirí an táirge atá faoi athbhreithniú.

⁽³³⁾ Tuarascáil, Caibidil 14, lch. 347.

⁽³⁴⁾ An 13ú Plean 5 Bliana maidir le Forbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta Dhaon-Phoblacht na Síne (2016-2020), le fáil ar https://en.ndrc.gov.cn/newsrelease_8232/201612/P020191101481868235378.pdf (arna amharc go deireanach an 6 Bealtaine 2021).

⁽³⁵⁾ Tuarascáil – Caibidil 14, lch. 352.

⁽³⁶⁾ An Chatalóg um Athstruchtúrú Tionscail a Threorú (Leagan 2011) (Leasú 2013) arna heisiúint le hOrdú Uimh. 9 den Choimisiún Náisiúnta um Fhorbairt agus um Athchóiriú an 27 Márta 2011, agus arna leasú i gcomhréir le Cinneadh ón gCoimisiún Náisiúnta um Fhorbairt agus um Athchóiriú maidir le Leasú na gClásal Ábhartha den Chatalóg um Athstruchtúrú Tionscail a Threorú (Leagan 2011) arna eisiúint le hOrdú Uimh. 21 ón gCoimisiún Náisiúnta um Fhorbairt agus um Athchóiriú an 16 Feabhra 2013.

⁽³⁷⁾ Féach tuarascáil bhliantúil 2019, leathanaigh 181 agus 187: <http://static.cninfo.com.cn/finalpage/2020-04-29/1207654234.PDF>

⁽³⁸⁾ Féach tuarascáil bhliantúil Baowu Steel 2019: https://www.shclearing.com/xxpl/cwbg/nb/202005/t20200529_691577.html, leathanach 210.

- (145) Ina theannta sin, tá earnáil táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní faoi thionchar an tsaofa ar chostais phá de réir bhrí Airteagal 26a)(b), an cúigiú fleasc den bhun-Rialachán, rud dá dtagraítear thuas in aithris (128) freisin. Déanann an saobhadh sin difear don earnáil go díreach (nuair a bhíonn an táirge faoi athbhreithniú nó na príomhionchuir á dtáirgeadh) agus go hindíreach (le linn rochtain ar chaipiteal nó ar ionchuir ó chuideachtaí atá faoi réir an chórais saothair chéanna agus atá sa tSín) ⁽³⁹⁾.
- (146) Thairis sin, níor tiolacadh aon fhianaise san imscrúdú sin a léiríonn nach ndéanann idirghabháil an rialtais sa chóras airgeadais difear d'earnáil táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní de réir Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den Rialachán bunúsach, dá dtagraítear freisin thuas in aithris (128). Dá bhrí sin, de thoradh ar idirghabháil shubstaintiúil an rialtais sa chóras airgeadais, déantar difear mór do dhálaí an mhargaidh ar gach leibhéal.
- (147) Ar deireadh, meabhraíonn an Coimisiún go bhfuil réimse ionchur ag teastáil chun táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní a tháirgeadh. Nuair a dhéanann táirgeoirí táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní na hionchuir sin a cheannach nó conradh a dhéanamh ina dtaobh, tá na praghsanna a íocann siad (agus a thaifeadtar mar chostais) gan cosaint ar an saobhadh sistéamach céanna a luadh roimhe seo. Mar shampla, úsáideann na soláthraithe ionchur saothar atá faoi réir an tsaofa, féadfaidh siad airgead a fháil ar iasacht atá faoi réir saobhadh san earnáil airgeadais/sa leithdháileadh caipitil agus tá siad faoi réir an chórais pleanála a bhfuil feidhm aige maidir le gach leibhéal rialtais agus earnála.
- (148) Dá dheasca sin, ní hamháin nach iomchuí praghsanna díola intíre maidir le táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní a úsáid de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, ach déantar difear freisin do chostais na n-ionchur uile (lena n-áirítear amhábhair, fuinneamh, talamh, maoiniú, lucht saothair, etc.) toisc go ndéanann idirghabháil shubstaintiúil an rialtais difear dá bpraghasmhúnlú, mar a thuairiscítear i Ranna A agus B den Tuarascáil. Go deimhin, tá idirghabhálacha an rialtais a thuairiscítear i ndáil le leithdháileadh an chaipitil, na talún, an lucht saothair, an fhuinnimh agus na n-amhábhair le fáil ar fud na Síne. Ciallaíonn sé sin, mar shampla, go mbíonn ionchur, a táirgeadh sa tSín trí raon tosca táirgeachta a chur le chéile, neamhchosanta ar shaoibhadh suntasach. Is amhlaidh an scéal maidir leis an ionchur don ionchur agus mar sin de.
- (149) Níor thug Rialtas na Síne aon fhianaise ná maíomh ina choinne sin. Thíolaic grúpa amháin táirgeoirí onnmhairiúcháin, eadhon Baosteel agus WISCO ("the Baoshan Group"), roinnt barúlacha maidir le saobhadh suntasach a bheith ann.
- (150) Ar dtús, leag Baoshan Group béim ar an bhfíoras nár cheart go mbeadh an líomhain ar "saoibhadh suntasach" sa tSín ina chonclúid réamhchinnte. D'áitigh Baoshan Group nár cheart go mbeadh an Coimisiún ag bailiú na faisnéise is gá chun an gnáthluach a ríomh arna shuí ar mhodheolaíocht na tíre ionadaíche ag tús an imscrúdaithe, i.e. sula ndéantar an saobhadh suntasach a shuí agus a dhearbhu in imscrúdú ar leith. De réir Baoshan Group, níor cheart faisnéis den sórt sin a bhailiú ach amháin nuair a dheimhnigh an Coimisiún na fíorais is gá chun forálacha Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm. Thug sé faoi deara freisin go raibh an iarraidh ag brath go mór ar Thuarascáil na Síne, tuarascáil nach gcomhlíonann caighdeán na fianaise neamhchlaonta agus oibiachtúlá dar le Baoshan Group, toisc gur dréachtaíodh í leis an gcuspóir chun gearáin do thionscal na hEorpa a chomhdú. Ina theannta sin, mhaigh Baoshan Group go bhfuil cruinneas na faisnéise atá i dtuarascáil an Choimisiúin agus ábharthacht an imeachta reatha an-amhrasach, toisc gur foilsíodh an Tuarascáil in 2017, lena n-áirítear ábhar agus tagairtí in 2016 agus na blianta roimhe sin agus dá bhrí sin níl sí infheidhme maidir le tréimhe imscrúdúcháin an imscrúdaithe reatha. Ina theannta sin, thug Baoshan Group faoi deara nach gcumhdaítear táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní i dTuarascáil na Síne, nó cumhdaítear an earnáil cruach amháin agus nach gá go bhfuil na torthaí a dhéantar ar chruach ábhartha maidir le táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní.
- (151) Mheas an Coimisiún gur leor an fhianaise a liostaíodh san fhógra tionscnaimh chun go mbeadh údar le himscrúdú a thionscnamh ar bhonn Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. Go deimhin, cé gur ag am an nochtá shealadaigh agus/nó chinntigh amháin a dhéantar an cinneadh más amhlaidh gurb ann don saobhadh suntasach agus an úsáid ina dhiaidh sin as an modheolaíocht a cheanglaítear le hAirteagal 2(6a)(a), leagtar síos le hAirteagal 2(6a)(e) oibleagáid maidir leis na sonraí is gá a bhailiú chun an mhodheolaíocht sin a chur i bhfeidhm nuair a thionscnaítear an t-imscrúdú ar an mbonn sin. Sa chás sin, mheas an Coimisiún gur leordhóthanach an fhianaise a thíolaic an t-iartrasóir ar an saobhadh suntasach chun an t-imscrúdú a thionscnamh ar an mbonn sin. Sonraíodh an méid sin go soiléir san Fhógra Tionscnaimh i bpointe 3 i gcomhréir leis an oibleagáid a luaitear in Airteagal 2(6a)(e) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún na bearta is gá chun a chur ar a chumas an mhodheolaíocht faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm i gcás ina ndeimhneofaí aon saobhadh suntasach a bheith ann le linn an imscrúdaithe.

⁽³⁹⁾ Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635, aithrisí 134-135, agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/508, aithrisí 143-144.

- (152) Maidir leis an maíomh i ndáil leis an easpa neamhchlaontachta sa Tuarascáil, tugann an Coimisiún dá aire gur doiciméad cuimsitheach í an tuarascáil sin atá bunaithe ar fhianaise oibiachtúil fhorleathan, lena n-áirítear reachtaíocht, rialacháin agus doiciméid bheartais oifigiúla eile arna bhfoilsíú ag Rialtas na Síne, tuarascálacha tríú páirtí ó eagraíochtaí idirnáisiúnta, staidéir acadúla agus ailt le scoláirí, agus foinsí iontaofa neamhspleácha eile. Cuireadh ar fáil go poiblí i mí na Nollag 2017 ionas go mbeadh neart deiseanna ag aon pháirtí leasmhar chun é a fhrisnéis, a fhorlíonadh nó barúil a thabhairt air agus ar an bhfianaise ar a bhfuil sé bunaithe. Maidir leis an maíomh i dtaca leis an Tuarascáil a bheith as dáta, meabhraíonn an Coimisiún nár soláthraíodh aon fhianaise go dtí seo lena léirítear go bhfuil an Tuarascáil as dáta. A mhalairt air sin, tugann an Coimisiún dá aire gurbh ábhartha fós le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin iad na príomhdoiciméid bheartais agus an fhianaise a bhí sa tuarascáil, lena n-áirítear na pleananna cúig bliana ábhartha agus an reachtaíocht is infheidhme maidir leis an táirge faoi athbhreithniú, agus níor chruthaigh Baoshan Group ná aon pháirtí eile nárbh amhlaidh an cás.
- (153) Maidir leis an argóint nach bhfuil caibidil shonrach ar tháirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní san áireamh i dTuarascáil an Choimisiúin ach go bhfuil caibidil ann ar an gcruach i gcoitinne, thug an Coimisiún dá aire gur cineál speisialaithe cruach iad táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní ar dtús, agus dá bhrí sin tá na forálacha a bhaineann le cruach infheidhmithe go ginearálta maidir le táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní. Ar an dara dul síos, níl aon bhaint ag an saobhadh suntasach as a n-éiríonn Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán le caibidil earnála ar leith ina gcuimsítear an táirge atá faoi imscrúdú. Sa Tuarascáil déantar tuairisc ar chineálacha éagsúla saofa atá ann sa tSín, saobhadh atá trasghearrthach agus infheidhme ar fud gheilleagar na Síne agus a dhéanann difear do phraghsanna agus/nó comhábhar agus costais táirgthe an táirge atá faoi imscrúdú. Dá réir sin, dírbheadh ar mhaígh Baoshan Group.
- (154) Mar achoimre, léirigh an fhianaise a bhí ar fáil nach toradh ar fhórsaí an mhargaidh shaoir iad praghsanna ná costais an táirge faoi athbhreithniú, lena n-áirítear costais na n-amhábh, an fhuinnimh agus saothair, toisc go bhfuil siad faoi thionchar idirghabhálacha substaintiúla ón rialtas de réir bhrí 2(6a)(b) den bhun-Rialachán, mar a léiríonn an tionchar iarbhrí nó an tionchar féideartha atá ag ceann amháin nó níos mó de na gnéithe ábhartha a liostaítear iontu. Ar an mbonn sin, agus in éagmais aon chomhoibriú ó Rialtas na Síne, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid chun gnáthluach a shuí sa chás sin. Dá bhrí sin, chuaigh an Coimisiún ar aghaidh leis an ngnáthluach a ríomh go heisiach ar bhonn na gcostas táirgthe agus díola agus praghsanna nó tagarmharcanna neamhsaofa á léiriú, is é sin, sa chás seo, ar bhonn na gcostas comhfhreagrach táirgthe agus díola i dtír ionadaíoch iomchuí, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, mar a pléitear sa roinn seo a leanas.

3.5.1.4. Tír ionadaíoch

(a) **Barúlacha Ginearálta**

- (155) Bunaíodh roghnú na tíre ionadaíche ar na critéir seo a leanas de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán:
- Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil leis an tSín. Chun na críche sin, d'úsáid an Coimisiún tíortha a bhfuil ollioncam náisiúnta per capita acu atá cosúil leis an tSín ar bhonn bhunachar sonraí an Bhainc Dhomhanda ⁽⁴⁰⁾;
 - Táirgeacht an táirge faoi athbhreithniú sa tír sin ⁽⁴¹⁾;
 - Infhaighteacht sonraí poiblí ábhartha sa tír ionadaíoch.
 - I gcás ina bhfuil níos mó ná rogha féideartha amháin i ndáil le tír ionadaíoch, ba cheart tús áite a thabhairt, i gcás inarb iomchuí, don tír ina bhfuil leibhéal leordhóthanach cosanta sóisialta agus comhshaoil.
- (156) Mar a mhínítear in aithrisí (123) agus (125), d'eisigh an Coimisiún dhá nóta i gcomhair an chomhaid faoi na foinsí chun an gnáthluach a shuí: an chéad nóta faoi thosca táirgeachta an 30 Samhain 2020 (an “Chéad Nóta”) agus an dara nóta faoi thosca táirgeachta an 20 Iúil 2021 (an “Dara Nóta”). Sna nótaí sin, tugadh tuairisc ar na fíorais agus ar an bhfianaise is bun leis na critéir ábhartha agus tugadh aghaidh iontu ar na barúlacha a fuarthas ó na páirtithe

⁽⁴⁰⁾ Sonraí Oscailte an Bhainc Dhomhanda – Meánioncam Uachtarach, <https://data.worldbank.org/income-level/upper-middle-income>.

⁽⁴¹⁾ Mura bhfuil an táirge faoi athbhreithniú á tháirgeadh in aon tír ina bhfuil leibhéal forbartha eacnamaíche comhchosúil, féadfar féachaint ar tháirge a tháirgtear san aicme agus/nó san earnáil ghinearálta chéanna agus an táirge faoi athbhreithniú.

maidir leis na gnéithe sin agus maidir leis na foinsí ábhartha. Sa Dara Nóta, chuir an Coimisiún páirtithe leasmhara ar an eolas go raibh sé ar intinn aige an Bhrasaíl a úsáid mar thír ionadaíoch iomchuí sa chás seo dá mba rud é go ndeimhneofaí saobhadh suntasach de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(b) *Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil le Daon-Phoblacht na Síne*

- (157) Sa Chéad Nóta, shainaithin an Coimisiún an Bhrasaíl agus an Rúis mar thíortha lena mbaineann leibhéal forbartha eacnamaíche mar atá ag an tSín de réir an Bhainc Dhomhanda, i.e. aicmíonn an Banc Domhanda iad go léir ina dtíortha “ard-mheánioncaim” ar bhonn ollioncam náisiúnta óna bhfuil a fhios ag an gCoimisiún gur táirgeadh an táirge faoi athbhreithniú iontu. Mhol tionscal an Aontais an Chóiré Theas freisin mar thír ionadaíoch a líomhnaítear a bheith oiriúnach. Mar sin féin, i bhfianaise leibhéal forbartha eacnamaíche na Cóiré Theas, mar atá aicmithe ag an mBanc Domhanda, ní fhéadfaí an tír sin a mheas.
- (158) De bhreis ar an gCéad Nóta, mhaígh tionscal an Aontais gur thug Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán lánrogha don Choimisiún maidir le cinneadh a dhéanamh faoin tír ionadaíoch a d’fhéadfadh a bheith oiriúnach agus níor theorannaigh sé coincheap an leibhéil chéanna forbartha eacnamaíche do thíortha atá aicmithe sa ghrúpa céanna ollioncam náisiúnta ag an mBanc Domhanda. D’áitigh sé go háirithe cé go bhféadfadh ciall a bheith ag baint le grúpaí ollioncam náisiúnta an Bhainc Dhomhanda i go leor cásanna, ní dhéanann siad ciall maidir le tionscal táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní faoi réir an athbhreithnithe seo. Is é an chúis atá leis ná gur táirge uathúil cruach ardteicneolaíochta iad táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní agus tá muilte táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní ag táirgeoir onnmhairiúcháin de chuid na Síne atá déanta de réir na gcaighdeán idirnáisiúnta is airde agus onnmhairíonn sé go príomha na hardghráid ard-tréscailteachta de tháirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní chuig an Aontas Eorpach. D’áitigh tionscal an Aontais freisin nach mbíonn an táirgeoir sa Bhrasaíl in ann leibhéil cháilíochta den chineál céanna a bhaint amach ach go mbíonn táirgeoir onnmhairiúcháin de chuid na Síne ar an leibhéal céanna forbartha eacnamaíche agus teicneolaíochta agus atá muileann cruach na Cóiré POSCO agus dá bhrí sin gurb í an Chóiré an tír ionadaíoch is oiriúnaí ina thuairim.
- (159) Maidir le haicmiú an Bhainc Dhomhanda a úsáid, agus an gnáthluach á ríomh i gcás tíortha ina bhfuil saobhadh suntasach, suitear in Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán go bhféadfaidh an Coimisiún tír ionadaíoch a úsáid ina bhfuil an leibhéal céanna forbartha eacnamaíche agus atá sa tír onnmhairiúcháin. Chun a shainiú cé na tíortha atá ar an leibhéal céanna forbartha eacnamaíche leis an tír is onnmhaireoir i ngach cás, úsáideann an Coimisiún tíortha atá aicmithe sa chatagóir chéanna ioncaim ag an mBanc Domhanda. Déanann an Coimisiún é sin trína rogha féin a fheidhmiú i léirmhíniú agus i gcur i bhfeidhm an bhun-Rialacháin mar a dhearbhaíonn an Chúirt Bhreithiúnais arís agus arís eile in imthosca ina bhfágfar faoin gCoimisiún déanamh amhlaidh. Mheas an Coimisiún go gceadaíonn an bunachar sonraí sin do líon leordhóthanach tíortha a d’fhéadfadh a bheith oiriúnach agus ina bhfuil an leibhéal céanna forbartha chun tír ionadaíoch iomchuí a roghnú de réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.
- (160) Sa chás sin, ba í an chatagóir le haghaidh tíortha ard-mheánioncaim an chatagóir ábhartha de chuid an Bhainc Dhomhanda ar dá réir atá an tSín aicmithe. Dá bhrí sin, ní raibh an leibhéal céanna forbartha eacnamaíche ag an gCóiré agus atá ag an tSín agus measadh nár chomhlíon sí an critéar a leagtar síos in Airteagal 2(6a)(a) an chéad fhleasc den bhun-Rialachán.
- (161) De bhreis ar an Dara Nóta, mhaígh Eurofer nach raibh ciall le measúnú an Choimisiúin bunaithe ar leibhéal na forbartha eacnamaíche ar fud na tíre agus tagairt d’aicmiú an Bhainc Dhomhanda agus gur cheart dó forbairt eacnamaíoch tionscal táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní de chuid na Síne a chomhtháthú. Sa chomhthéacs sin, mhaígh Eurofer go bhfuil an leibhéal céanna forbartha eacnamaíche ag tionscail táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní de chuid na Cóiré agus de chuid na Seapáine agus atá ag tionscal na Síne. Cheal comhoibrithe ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Cóiré, mhaígh Eurofer go bhféadfadh an Coimisiún an tSeapáin a úsáid mar thír ionadaíoch don tSín agus an fhaisnéis arna soláthar ag Nippon Steel a úsáid chun gnáthluach a shuí.
- (162) Mheas an Coimisiún nach gceadaítear de réir fhoclaíocht Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán, léamh chomh cúng sin siocair nach ndéantar tagairt ann do chur chuige earnáilsonrach. Ina theannta sin, níor chuir Eurofer aon fhoinse neamhspleách ar fáil a bhféadfadh an Coimisiún brath uirthi d’fhonn a shuí go raibh an leibhéal céanna forbartha eacnamaíche ag tionscail táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní de chuid na Cóiré agus de chuid na Seapáine. Ar an mbonn sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(c) *Infhaighteacht sonraí poiblí ábhartha sa tír ionadaíoch*

- (163) Sa Chéad Nóta, thug an Coimisiún le fios, i gcás na dtíortha a sainaithníodh mar thíortha ina raibh an táirge faoi athbhreithniú á tháirgeadh, i.e. an Bhrasaíl agus an Rúis, go raibh fáil ar shonraí poiblí teoranta do tháirgeoir amháin an táirge atá faoi athbhreithniú, atá lonnaithe sa Bhrasaíl; i.e. Aperam Inox América do Sul S.A. ("Aperam") don bhliain féilire 2019. Maidir leis sin, d'iarr an Coimisiún ar pháirtithe leasmhara a mbarúil a thabhairt, agus i gcás inar measadh gurbh iomchuí sin, táirgeoirí eile an táirge faoi imscrúdú a mholadh i dtír ionadaíoch dá rogha féin a chomhlíonann critéir Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc, den bhun-Rialachán, i gcás ráitis airgeadais ina bhfuil na sonraí ábhartha ar fáil go héasca.
- (164) De bhreis ar an gCéad Nóta, níor thug aon pháirtí leasmhar barúlacha maidir le Aperam ná níor thíolaic aon pháirtí leasmhar sonraí airgeadais poiblí ábhartha maidir le táirgeoir táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní i dtír ionadaíoch ionchasach.
- (165) De bhreis ar an Dara Nóta, d'aontaigh Eurofer go raibh an Bhrasaíl níos oiriúnaí ná an Rúis. Mar sin féin, mhaígh sé nach raibh Aperam in ann na táirgí ar ghrád ardcháilíochta a onnmhairíonn Baoshan Group chuig an Aontas a tháirgeadh mar thoradh ar a easpa infheistíochta sa teicneolaíocht, sna próisis agus san fhios gnó atá riachtanach do na gráid sin. Go sonrach, thagair Eurofer don leibhéal dímheasa, a líomhnaítear a bhí ró-iseal agus ba cheart é a choigeartú de réir leibhéal tháirgeoirí de chuid an Aontais nó de chuid na Cóiré.
- (166) Mar a míníodh in aithris (180), ní raibh an Coimisiún ag brath ar leibhéal dímheasa Aperam chun an gnáthluach a ríomh. Go deimhin, ní bhaineann sonraí Aperam a úsáidtear chun an gnáthluach a ríomh ach le SGA agus céatadáin bhrabúis. Maidir le dímheas agus forchostais eile, bhí an Coimisiún ag brath ar chostais fhorchostais Baoshan Group arna sloinneadh mar chéatadán de chostas na gcostas monaraíochta eile agus chuir sé an céatadán sin i bhfeidhm ar chostas "athríofa" na monaraíochta. Ar an mbonn sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.
- (167) Tar éis an Dara Nóta, mhaígh Eurofer freisin gur cheart don Choimisiún sonraí airgeadais Aperam don bhliain féilire 2020 a chomhtháthú ina ríomh SGA agus brabúis do thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin.
- (168) Ghlac an Coimisiún leis an maíomh sin ach sa deireadh ní raibh sé ag brath ach ar shonraí 2020 toisc, mar a luaitear aithris (203), níor léiríodh brabús i ráitis airgeadais 2019 agus costais neamhoibriúcháin á n-eisiamh.
- (169) Sa Chéad Nóta, chuir an Coimisiún liosta ar fáil de na tosca táirgeachta go léir amhail amhábhair, saothar agus fuinneamh a úsáidtear i dtáirgeadh táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní. Sa Nóta céanna, mheas an Coimisiún go raibh srianta trádála ar thosca áirithe táirgeachta bunaithe ar Fhardal na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) ar shrianta onnmhairiúcháin ar Amhábhair Tionscail ⁽⁴²⁾ agus go háirithe liosta na srianta onnmhairiúcháin ar amhábhair thionsclaíocha don Bhrasaíl (HS 7225 11 agus 7226 11) agus don Rúis (HS 7204 10 go 7204 50). Ina theannta sin, maidir leis an Rúis, sainaithníodh saobhadh suntasach ar ghás nádúrtha ⁽⁴³⁾ agus leictreachas ⁽⁴⁴⁾, leibhéil arda idirghabhála stáit agus leibhéil arda tiúchana agus comhtháthaithe ingearaigh i bpríomhearnálacha amhábhair, sa tionscal cruach agus iompair ⁽⁴⁵⁾ agus sainaithníodh gurb ann do dhleachtanna ar allmhairí ar tháirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní (HS 7225 11 agus 7226 11) i nDoiciméad Inmheánach Oibre de Chuid an Choimisiúin ar shaobhadh suntasach i ngeilleagar Chónaidhm na Rúise chun críocha imscrúduithe cosanta trádála (SWD(2020)242). I bhfianaise na srianta trádála sin agus an tsaofa shuntasaigh, ag an bpointe sin, mheas an Coimisiún gurb í an Bhrasaíl an tír ionadaíoch iomchuí agus d'iarr sé ar pháirtithe a mbarúil a thabhairt ar oiriúnacht na dtíortha ionadaíocha féideartha.
- (170) De bhreis ar an gCéad Nóta, chuir tionscal an Aontais argóintí breise ar fáil chomh maith leis na cinn a leagtar amach sa Chéad Nóta maidir leis an gcúis nach bhfuil an Rúis chomh hoiriúnach leis an mBrasaíl le bheith mar thíre ionadaíoch.

⁽⁴²⁾ http://qdd.oecd.org/subject.aspx?Subject=ExportRestrictions_IndustrialRawMaterials

⁽⁴³⁾ Doiciméad Inmheánach Oibre de Chuid an Choimisiúin ar shaobhadh suntasach i ngeilleagar Chónaidhm na Rúise chun críoch imscrúduithe cosanta trádála SWD(2020) 242 críochnaitheach, Caibidil 10, go háirithe leathanaigh 267, 269 agus 293

⁽⁴⁴⁾ Idem, lch. 225, 291-293

⁽⁴⁵⁾ Idem, go háirithe Caibidilí 11, 12 agus 14

- (171) Ina theannta sin, thug an Coimisiún dá aire nach ndearna aon pháirtí a thorthaí a chonspóid i Roinn 2 den Chéad Nóta maidir leis na heasnamh a sainathnódh don Rúis mar thír ionadaíoch. Dá bharr sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur tír oiriúnach í an Bhrasáil toisc gur chomhlíon sé na critéir go léir, i.e. tá sí ar leibhéal inchomórtais forbartha leis an tSín, tá táirgeoir táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráiníní aici agus tá sonraí an táirgeora sin ar fáil go héasca do thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin.

(d) ***Leibhéal cosanta sóisialta agus comhshaoil***

- (172) Tar éis a shuí gurb í an Bhrasáil an tír ionadaíoch iomchuí, bunaithe ar gach ceann de na gnéithe thuasluaite, ní raibh aon ghá measúnú a dhéanamh ar leibhéal na cosanta sóisialta agus an chomhshaoil i gcomhréir leis an abairt dheireanach d'Airteagal 2(6a)(a) an chéad fhleasc den bhun-Rialachán.

(e) ***Conclúid***

- (173) I bhfianaise na hanailíse thuas, chinn an Coimisiún an Bhrasáil a mheas mar an tír ionadaíoch iomchuí chun críche Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

3.5.1.5. Costais neamhshaofa agus tagarmharcanna

(a) ***Foinsí arna n-úsáid chun costais neamhshaofa a shuí***

- (174) Sa Chéad Nóta, liostaigh an Coimisiún na tosca táirgeachta amhail ábhair, fuinneamh agus saothar a úsáideann na táirgeoirí onnmhairiúcháin i dtáirgeadh an táirge faoi athbhreithniú agus d'iarr sé ar na páirtithe leasmhara a mbarúil a thabhairt agus faisnéis atá ar fáil go poiblí a mholadh maidir le luachanna neamhshaofa le haghaidh gach ceann de na tosca táirgeachta a luaitear sa nóta sin.
- (175) I gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, shainathin an Coimisiún foinsí a bheidh le húsáid chun praghsanna agus tagarmharcanna neamhshaofa a shuí. Ba é Global Trade Atlas ("GTA") an príomhfhoinsí a bheartaigh an Coimisiún a úsáid. Faoi dheireadh, sa nóta céanna, d'aithin an Coimisiún cóid an Chórais Chomhchuibhithe, nó na cóid tráchtearraí a úsáidtear, *inter alia*, san Aontas Eorpach, i gCeanada nó sa Bhrasáil, maidir le tosca táirgeachta a measadh i dtosach, ar bhonn na faisnéise arna soláthar ag na páirtithe leasmhara, lena n-úsáid le haghaidh anailís GTA.
- (176) D'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a mbarúlacha a thabhairt agus faisnéis atá ar fáil go poiblí a mholadh faoi luachanna neamhshaofa do gach ceann de na tosca táirgeachta a luaitear sa Nóta sin.
- (177) Ar bhonn an chinidh an Bhrasáil a úsáid mar an tír ionadaíoch, chuir an Coimisiún in iúl do na páirtithe leasmhara sa Dara Nóta go n-úsáidfeadh sé GTA chun costais neamhshaofa an chuid is mó de na hamhábhair a shuí.

(b) ***Sonraí a úsáidtear chun an gnáthluach a ríomh***

- (178) Bhunaigh an Coimisiún liosta na dtosca táirgeachta agus na bhfoinsí a mbeartaítear iad a úsáid le haghaidh gach toisc táirgeachta amhail ábhair, fuinneamh agus saothar a úsáidtear nuair atá táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Síne ag táirgeadh an táirge atá faoi athbhreithniú. Ní bhfuair an Coimisiún aon bharúil maidir leis an liosta tosca táirgeachta.
- (179) I bhfianaise na faisnéise uile a chuir na páirtithe leasmhara isteach agus a bailíodh le linn na gcros-seiceálacha cianda, sainathnódh na tosca táirgeachta seo a leanas agus a bhfoinsí chun an gnáthluach a shuí i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán:

Tábla 1

Tosca táirgeachta táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní

Toisc Tháirgeachta	Cód Tráchtearraí	Luach neamhshaofa	Aonad tomhais
Amhábhair			
Amhiarann	2601 11	729,85	Tona
Sintéaraithe Amhiarann	2601 12 10, 2601 12 90	945,20	Tona
Cnámhóga iarainn	2619	712,97	Tona
Gual cóic	2701 12	1 076,38	Tona
Dramhchruachanna	7204 10	865,57	Tona
Fearósileacain	7202 21	12 766,44	Tona
Fearóniabiam	7202 93	155 625,46	Tona
Alúmanam	7601 10	14 547,25	Tona
Fearócróimiam	7202 41	9 107,45	Tona
Copar	7402	42 514,89	Tona
Aolchloch	2521	98,65	Tona
Aol beo	2522 10	1 091,01	Tona
Stán	8001 10	586 967,35	Tona
Fearófosfar	7202 99 10	33 143,39	Tona
Mangainéis	8111 00 10, 8111 00 20, 8111 00 90	16 138,58	Tona
Ocsaíd mhaighnéisiam (MgO)	2519 90 10, 2519 90 90 (An Fhrainc)	44 837,45	Tona
Tomhaltáin			
Saothar			
Saothar		84,59	in aghaidh na daonuaire
Fuinneamh			
Leictreachas	2716	8 251,91	KWH
Gás nádúrtha	2711 11	3,42 – 3,72	M3
Ola	2710 19 11, 2710 19 19, 2710 19 21, 2710 19 22, 2710 19 29, 2710 19 31, 2710 19 32, 2710 19 91, 2710 19 92, 2710 19 93, 2710 19 94, 2710 19 99	2,29	1 000 M3
Cóc	2704 00 11, 2704 00 12,	1 878,96	Tona
	2704 00 90		
Gual	2701 11	768,01	Tona
Gás guail	2705	0,59	1 000 M3
Hidrigin	2804 10 (Ceanada)	2,74	M3

- (180) Ina theannta sin, chuimsigh an Coimisiún luach le haghaidh forchostais mhonaraíochta d'fhonn costais nach n-áirítear sna tosca táirgeachta dá dtagraítear thuas a chumhdach, amhail dímheasanna agus costais sheasta eile nach féidir a chainníochtú. Mar gheall ar easpa sonraí ábhartha i sonraí airgeadais Aperam atá ar fáil go poiblí chun an méid a bhaineann le forchostais a shuí, úsáideadh sonraí cuideachta-shonracha an táirgeora onnmhairiúcháin ina n-ionad agus cuireadh i bhfeidhm iad ar chostas “athríofa” na monaraíochta. Mínítear an mhodheolaíocht sin go hiomchuí i roinn 3.5.1.6.
- (181) Tar éis an Dara Nóta leis an gcomhad, d'iarr Eurofer ar an gCoimisiún gnáthluach a ríomh go díreach in EUR chun saobhadh de bharr rátaí malairte renminbi (CNY) a sheachaint. Maidir leis an airgeadra a úsáideadh chun an ríomh dumpála a sholáthar, níor chuir Eurofer aon fhianaise ar shaobhadh ar fáil. Ar an mbonn sin, rinne an Coimisiún an ríomh dumpála de réir a ghnáthchleachtais, i.e. airgeadra na tíre onnmhairiúcháin a úsáid.

(c) **Amhábhair**

- (182) Chun praghas neamhshaofa na n-amhábhair, mar a dhéantar iad a sheachadadh ag geata táirgeora tíre ionadaíche, a shuí, d'úsáid an Coimisiún an meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe chuig an tír ionadaíoch mar a thuairiscítear in GTA mar bhonn agus cuireadh dleachtanna allmhairiúcháin agus costais iompair intíre leis. Cinneadh praghas allmhairiúcháin sa tír ionadaíoch mar mheánphraghas ualaithe in aghaidh an aonaid na n-allmhairí ó gach tríú tír gan an tSín a áireamh ná na tíortha nach comhaltaí den Eagraíocht Dhomhanda Trádála iad, a liostaítear in Iarscríbhinn 1 de Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. ⁽⁴⁶⁾ Chinn an Coimisiún allmhairí ón tSín isteach sa tír ionadaíoch a chur as an áireamh toisc gur tháinig sé ar an gconclúid in aithris (154) nach iomchuí praghsanna agus costais intíre sa tSín a úsáid toisc go bhfuil saobhadh suntasach ann i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán. De bhrí nach bhfuil aon fhianaise ann lena léirítear nach ndéanann an saobhadh céanna difear comhionann do tháirgí a bhfuil sé beartaithe iad a onnmhairiú, mheas an Coimisiún go ndéanann an saobhadh céanna difear do phraghsanna onnmhairiúcháin. Tar éis allmhairí ón tSín isteach sa tír ionadaíoch a eisiáimh, d'fhan méid na n-allmhairí ó thríú tíortha eile ionadaíoch (os cionn 90 % ar an meán).
- (183) I gcás líon tosca táirgeachta, b'ionann na costais iarbhir arna dtabhu ag táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha agus sciar diomaibhseach de na costais amhábhair iomlána le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin. Os rud é nach raibh aon tionchar suntasach ag an luach a úsáidtear dóibh siúd ar na ríomhanna corrlaigh dumpála, gan beann ar an bhfoinse a úsáideadh, chinn an Coimisiún na costais sin a áireamh mar thomhaltáin mar a mhínítear in aithris (209).
- (184) Shloinn an Coimisiún an costas iompair arna thabhu ag táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha chun amhábhair den sórt sin a sholáthar mar chéatadán de chostas iarbhir na n-amhábhair sin agus chuir sé an céatadán céanna i bhfeidhm ar chostas neamhshaofa na n-amhábhair céanna chun an costas iompair neamhshaofa a fháil. Mheas an Coimisiún go bhféadfaí, i gcomhthéacs an imscrúdaithe sin, an cóimheas idir amhábhair an táirgeora onnmhairiúcháin agus na costais iompair thuairiscithe a úsáid go réasúnta mar tháscaire chun meastachán a dhéanamh ar chostas neamhshaofa na n-amhábhair nuair a sheachadtar chuig monarcha na cuideachta iad.
- (185) Tar éis an Chéad Nóta, d'éiligh Baoshan Group gur i gcás amhábhair áirithe (hidrigin, nítrigin, ocsaigin agus stáin) bhí na praghsanna sa Bhrasáil i bhfad níos airde ná sa Rúis, go príomha mar gheall ar leibhéal an-íseal allmhairí isteach sa Bhrasáil. Sa chomhthéacs sin iarradh ar an gCoimisiún foinsí malartacha a úsáid, de réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, amhail praghsanna idirnáisiúnta nó costais intíre sa tSín.
- (186) Mheas an Coimisiún gur allmhairíodh ocsaigin, nítrigin agus stáin i gcainníochtaí ionadaíocha sa Bhrasáil. Dá bharr sin, diúltaíodh ar dtús an maíomh a bhaineann leis na hamhábhair sin. Maidir le hidrigin, áfach, thug an Coimisiún faoi deara go raibh leibhéal na n-allmhairí agus na ndifríochtaí praghsais suntasach go deimhin. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún gurbh iomchuí sonraí an onnmhaireora hidrigine is mó ar fud an domhain a úsáid; i.e. Ceanada. In éagmais difríochtaí suntasacha i leibhéal allmhairí agus praghsanna stáin, bhí an Coimisiún ag brath ar na hallmhairí isteach sa Bhrasáil ina n-iomláine.

⁽⁴⁶⁾ Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thríú tíortha áirithe (IO L 123, 19.5.2015, lch. 33). Meastar in Airteagal 2(7) den bhun-Rialachán nach féidir praghsanna intíre sna tíortha sin a úsáid chun gnáthluach a chinneadh agus, ar aon chuma, gur sonraí diomaibhseacha a bhí sna sonraí allmhairiúcháin sin.

- (187) Tar éis an Dara Nóta, mhaígh Baoshan Group go raibh na praghsanna allmhairiúcháin ríofa do nítrigin agus ocsaigin isteach sa Bhrasaíl easnamhach mar go raibh difríochtaí suntasacha i bpraghas aonaid ag brath ar an tír thionscnaimh. Luadh ann go raibh an praghas allmhairiúcháin ar nítrigin agus ocsaigin de thionscnamh Pharagua 11 agus 8 n-uaire níos ísle ná an meánphraghas allmhairiúcháin, agus ar an gcaoi sin díriodh ar dhifríochtaí suntasacha i bpraghsanna allmhairiúcháin ag brath ar an tír thionscnaimh. Ina theannta sin, mhaígh sé go raibh Paragua freagrach as níos mó ná 98 % agus 70 % den mhéid allmhairiúcháin do nítrigin agus ocsaigin faoi seach. Thairis sin, mhaígh Baoshan Group go raibh costas aonaid na n-amhábhair sin i bhfad níos ísle ná an meánphraghas allmhairiúcháin. Ar an mbonn sin agus i bhfianaise sciar an dá amhábhair sin, mhol Baoshan Group go gcaithfí le nítrigin agus ocsaigin mar thomhaltáin nó a bheith ag brath ar an bpraghas allmhairiúcháin do nítrigin agus ocsaigin de thionscnamh Pharagua amháin.
- (188) I bhfianaise sciar chostas nítrigine agus ocsaigine i gcostas na monaraíochta agus na ndifríochtaí praghaís a breathnaíodh, mheas an Coimisiún go raibh sé iomchuí na hamhábhair sin a mheas mar thomhaltáin.
- (189) Tar éis an Chéad Nóta, mhaígh tionscal an Aontais go raibh gá le grád an-ard amhiarainn agus ocsaíd mhaighnéisiam i monarú táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní agus nár gabhadh sin sna staitisticí ar allmhairí, bunaithe ar chóid an Chórais Chomhchuibhithe ná ar chóid na tíre ionadaíche, ina gcuimsítear na gráid go léir go hiondúil.
- (190) Mheas an Coimisiún go raibh údar leis an maíomh sin toisc gur táirge an-sofaisticiúil iad táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní, i bhfad níos costasaí ná gnáthchineálacha cruach agus teastaíonn oidis speisialta agus amhábhair an-ardcháilíochta/ardghráid uaidh fiú ag an leibhéal réamhtheachtach déanta iarainn. Toisc nár ceadáíodh leis na sonraí a chuir an táirgeoir onnmhairsiúcháin ar fáil don Choimisiún na gráid amhiarainn a úsáideadh go sonrach i monarú táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní a mheas, mheas an Coimisiún gurbh é praghas thiúchán 66 % Fe amhiarainn mar a thuairiscigh Fastmarkets ⁽⁴⁷⁾ an tagarmharc ab iomchuí.
- (191) Mheas an Coimisiún go bhfuil an ocsaíd mhaighnéisiam (“MgO”) a úsáidtear i monarú táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní ar cháilíocht i bhfad níos airde ná an ceann a allmhairítear isteach sa Bhrasaíl. Cuimsítear i gcóid chustaim na tíre ionadaíche do MgO níos mó gráid MgO ná an ceann an-sonrach a úsáidtear i monarú táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní. Ina theannta sin, is beag táirgeoir a dhéanann MgO den sórt sin, atá lonnaithe i mbeagán tíortha, agus an Fhrainc ar cheann acu. Go deimhin, tá an cineál MgO a úsáidtear do tháirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní a thuairiscigh táirgeoir onnmhairsiúcháin de chuid na Síne agus tionscal an Aontais i bhfad níos costasaí ná an MgO a allmhairítear isteach sa Bhrasaíl. Dá réir sin, ní tagarmharc leordhóthanach é an MgO a allmhairítear isteach sa Bhrasaíl do MgO chun táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní a mhonarú. Mar thoradh air sin, mheas an Coimisiún go bhfuil onnmhairí, mar a dearbhaíodh in Comext, ón bhFrainc mar phríomhtháirgeoir MgO do tháirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní chuig na tíortha ina dtáirgtear táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní ⁽⁴⁸⁾, seachas iad siúd a bhí ag dul an tSín agus iad siúd a bhí ag fanacht san Aontas ina dtagarmharc iomchuí a léiríonn praghsanna idirnáisiúnta lasmuigh den Aontas agus lasmuigh den tSín.
- (192) Mheas an Coimisiún nach raibh praghsanna allmhairiúcháin isteach sa Bhrasaíl mar a thuairiscíodh in Global Trade Atlas (“GTA”) ionadaíoch do Ghual Cóic agus Aer Comhbhrúite. Ina theannta sin, chruthaigh praghsanna den sórt sin saincheisteanna tiontaithe tromchúiseacha.
- (193) In éagmais faisnéis ar leith maidir le gráid an ghuail cóic a úsáideann táirgeoir onnmhairsiúcháin de chuid na Síne, mheas an Coimisiún go raibh praghas an ghuail chóic chrua ardghráid - a bhfuil an caighdeán is airde aige - mar a thuairiscigh Fastmarkets iomchuí. Go deimhin, léiríodh san imscrúdú go raibh praghas tagarmhairc an ghráid is airde guail cóic fós níos ísle ná an praghas a thuairiscigh an táirgeoir onnmhairsiúcháin as a cheannacháin guail cóic. Is comhartha eile é sin gur úsáid an táirgeoir onnmhairsiúcháin gual cóic ardchaighdeán ina phróiseas táirgthe.
- (194) Maidir le haer comhbhrúite thuairiscigh táirgeoir onnmhairsiúcháin a thomhaltas i méadair chiúbacha, agus ní thuairiscítear allmhairí isteach sa Bhrasaíl ach in Kg agus ní raibh an Coimisiún in ann factóir coinbheartachta iomchuí a aimsiú. Ar aon chuma, bhí aer comhbhrúite ina chuid diomaibhseach de chostas iomlán monaraíochta an táirgeora onnmhairsiúcháin. Ar an mbonn sin, chaith an Coimisiún leis an toisc tháirgeachta sin mar thomhaltán.

⁽⁴⁷⁾ www.fastmarkets.com

⁽⁴⁸⁾ Cónaidhm na Rúise, Stáit Aontaithe Mheiriceá, an Chóiré, an tSeapáin agus an India, agus ar an gcaoi sin an tSín agus Ballstáit den Aontas Eorpach a eisiáimh.

- (195) Níor tuairiscíodh aon allmhairí d'Fhearóniabiam ("Fe-Nb") isteach sa Bhrasáil le linn thréimhse an imscrúdaithe. Dá bhrí sin, maidir le Fe-Nb, d'úsáid an Coimisiún sonraí an onnmhaireora is mó ar domhan, is é sin an Bhrasáil, ag leanúint an chur chuige céanna agus a luadh in aithris (186) le haghaidh hidrigine.
- (196) Maidir leis an ngás guail, thuairiscigh an táirgeoir onnmhairiúcháin go raibh sé á thomhailt i méadair chiúbacha, agus ní thuairiscítear ach Kg ar allmhairí isteach sa Bhrasáil agus ní raibh an Coimisiún in ann fachtóir coinbhéartachta do ghás guail a aimsiú. Ina theannta sin, níor allmhairíodh ach 58 kg de ghás guail isteach sa Bhrasáil. Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún praghas tagarmhairc ghás guail a ríomh arna shuí ar phraghas gáis nádúrtha sa tír ionadaíoch, agus rialú á dhéanamh aige ar luach teasa an dá gháis.
- (197) Tar éis an Dara Nóta, chuir Eurofer barúlacha isteach maidir le hamhábhair agus tomhaltáin áirithe a úsáidtear i monarú táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní. D'iarr sé freisin ar an gCoimisiún iompar intíre chuig táirgeoir onnmhairiúcháin de chuid na Síne a chur san áireamh.
- (198) Maidir leis sin, mheas an Coimisiún gur léirigh an fhaisnéis a chuir Baoshan Group ar fáil gach toisc ábhartha táirgeachta fiú má bhí an próiseas monaraíochta difriúil. Ina theannta sin, cuireann ríomh an Choimisiúin iompar intíre san áireamh mar a mhínítear in aithris (184).

(d) **Saothar**

- (199) Sa Dara Nóta, mhol an Coimisiún costas saothair an táirgeora táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní a úsáid sa tír ionadaíoch, APERAM, chun an luach neamhshaofa ar chostas saothair a shuí. Níor chomhdaigh aon pháirtí leasmhar barúlacha ina leith sin. De réir mar a tháinig sonraí airgeadais 2020 ar fáil, rinne an Coimisiún athríomh ar an gcostas saothair mar shonraí 2019 agus 2020 ar an meán chun tréimhse an imscrúdaithe athbheithniúcháin a léiriú.

(e) **Leictreachas**

- (200) Sa Dara Nóta, bheartaigh an Coimisiún taraif praghsanna leictreachais a thuairiscigh CEMIG a úsáid - an soláthraí leictreachais i stát na Brasaíle, Minais Gerais, áit a bhfuil an t-aon mhonaróir de chuid na Brasaíle maidir le táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní lonnaithe ⁽⁴⁹⁾, chun an luach neamhshaofa ar chostas leictreachais a shuí. Níor chomhdaigh aon pháirtí leasmhar barúlacha ina leith sin.

(f) **Gás nádúrtha**

- (201) Sa Dara Nóta, mhol an Coimisiún praghas an gháis nádúrtha a úsáid d'úsáideoirí tionsclaíocha a thuairiscigh GASMIG – soláthraí i stát na Brasaíle, Minais Gerais, áit a bhfuil an monaróir táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní lonnaithe ⁽⁵⁰⁾. Go sonrach, d'úsáid an Coimisiún sonraí na bpraghsanna gáis tionsclaíoch sna bandaí tomhaltais comhfhreagracha. Rinne an Coimisiún an praghas tagarmhairc a ríomh bunaithe ar tharaifí GASMIG a bhí infheidhmithe le linn thréimhse an imscrúdaithe. Cuimsítear cánacha sa phraghas tagarmhairc (*Tarifa com impostos*). Níor chomhdaigh aon pháirtí leasmhar barúlacha ina leith sin.

(g) **Forchostais mhonaraíochta, SGA, brabúis agus dímhéas**

- (202) De réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, "áireofar sa ghnáthluach ríofa méid neamhshaofa agus réasúnach de chostais riaracháin, díola agus ghinearálta agus i gcomhair brabús". Ina theannta sin, ní mór luach ar fhorchostais mhonaraíochta a shuí chun costais a chumhdach nach n-áirítear sna tosca táirgeachta dá dtagraítear thuas.
- (203) Sa Chéad agus sa Dara Nóta ón gCoimisiún, thug sé le fios go n-úsáidfeadh sé sonraí airgeadais Aperam agus go gcuirfeadh sé sonraí airgeadais Aperam 2019 ar fáil ina leith sin. Mar sin féin, tar éis anailís agus eisiáin breise a dhéanamh ar chostais agus ioncaim neamhoibriúcháin, ba chosúil go raibh Aperam ag déanamh caillteanais in 2019. Dá réir sin, ní fhéadfaí a shonraí do 2019 a úsáid.

⁽⁴⁹⁾ <https://novoportal.cemig.com.br/atendimento/valores-de-tarifas-e-servicos/> an dáta deireanach ar breathnaíodh air an 21 Meán Fómhair 2021.

⁽⁵⁰⁾ <http://www.gasmig.com.br/Institucional/Paginas/Hist%C3%B3rico%20de%20tarifas.aspx> a ndeachthas i gcomhairle leis le déanaí an 21 Meán Fómhair 2021.

(204) Cuireadh sonraí airgeadais Aperam don bhliain féilire 2020 ar fáil don Choimisiún le linn an imeachta. Tar éis costais agus ioncain neamhoibriúcháin a eisiáil, thuairiscigh Aperam brabús. Ag teacht le hiarraidh Eurofer ráitis airgeadais 2020 a úsáid, ríomh an Coimisiún na céatadán SGA agus brabús ar bhonn ráitis airgeadais Aperam don bhliain sin. Ina theannta sin, mheas an Coimisiún go raibh sé níos iomchuí sa chás i dtrácht sonraí comhdhlúite Aperam a úsáid ná a bheith ag brath ar ráitis airgeadais do na heintitis ghaolmhara a bhí á rialú aige. Go deimhin, soláthraítear leis an gcur chuige comhdhlúite pictiúr níos cruinne d'oibriochtaí Aperam agus asbhaintear brabús idir chuideachtaí, nach bhfuil inaitheanta sna cuntais aonair, óna thorthaí airgeadais. Chomh maith leis sin, ní bhaineann cuntais comhdhlúite agus cuntais aonair Aperam go heisiach le táirgeadh táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní. Dá bhrí sin, ní fhágann úsáid a bhaint as na sonraí comhdhlúite nach bhfuil na sonraí chomh cruinn céanna. Dá bharr sin, rinneadh SGA neamhsaofa agus an brabús a shuí ar ráitis airgeadais Aperam 2020.

(205) Sloinneadh na forchostais mhonaraíochta arna dtabhú ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibriúcha mar sciar de chostais na monaraíochta arna dtabhú go hiarbhrí ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin. Cuireadh an céatadán sin i bhfeidhm maidir le costais neamhsaofa na monaraíochta.

3.5.1.6. Ríomh

(206) Ar bhonn a bhfuil thuas, rinne an Coimisiún an gnáthluach a ríomh de réir chineál an táirge ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

(207) Ar an gcéad dul síos, shuigh an Coimisiún na costais mhonaraíochta neamhsaofa. Chuir an Coimisiún na costais aonaid neamhsaofa i bhfeidhm ar thomhaltas iarbhrí de thosca táirgeachta aonair na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibriúcha. Fíoraíodh na cóimheasa tomhaltais sin a chuir Baoshan Group ar fáil le linn na gcros-seiceálacha cianda. Mar a léirítear in aithris (47) thuas, de bheis ar na cros-seiceálacha cianda, sheol an Coimisiún litir ("litir Airteagal 18") chuig Baoshan Group á léiriú go bhfuil sé ar intinn aige filleadh ar na fíoraí atá ar fáil agus Airteagal 18(1) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm maidir le ríomh na ndaonuaireanta a leithdháiltear ar mhonarú táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní. Maidir le substaint, mheas an Coimisiún fianaise fhíoraithe iontaofa ann a thacaíonn le leithdháileadh saothair Baoshan Group. Ina bharúlacha maidir le litir Airteagal 18, chuir Baoshan Group an fhianaise thacaíochta chéanna ar fáil agus a soláthraíodh le linn na gcros-seiceálacha cianda. Ó tharla nár léirigh na doiciméid sin cé mhéad uair an chloig a d'oibrigh gach fostaí gach lá, dhearbhaigh an Coimisiún a rún agus chuir sé fíoraí a bhí ar fáil maidir le leithdháileadh daonuaireanta i bhfeidhm ar mhonarú táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní. Agus é sin á dhéanamh, rinne an Coimisiún athríomh ar líon na ndaonuaireanta a leithdháileadh ar mhonarú táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní trí chostas saothair iomlán Baosteel agus Wisco a roinnt ar an gcostas ríofa in aghaidh na huair faoi seach in aghaidh an oibrí do rannóg chruach Shileacain an dá chuideachta. Dá bhrí sin, cuireadh na luachanna faoi seach a rinne an Coimisiún a athríomh in ionad na ndaonuaireanta ríofa a thuairiscigh Baosteel agus WISCO.

(208) D'íolraigh an Coimisiún na cóimheasa tomhaltais faoi na costais neamhsaofa in aghaidh an aonaid a tugadh faoi deara sa tír ionadaíoch, an Bhrasaíl, mar a thuairiscítear i Roinn 3.5.1.5.

(209) Ar an dara dul síos, chun teacht ar iomlán na gcostas monaraíochta neamhsaofa, chuir an Coimisiún forchostais mhonaraíochta leis an méid sin. Tháinig méadú ar na forchostais mhonaraíochta a thabhaigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibriúcha, de bharr chostais na n-amhábharr agus na dtomhaltán dá dtagraítear in aithris (187) agus dá éis sin a shloinntear mar sciar de na costais mhonaraíochta a thabhaigh gach aon táirgeoir onnmhairiúcháin. Cuireadh an céatadán sin i bhfeidhm maidir le costais neamhsaofa na monaraíochta

(210) Maidir leis na costais táirgeachta a suíodh mar a thuairiscítear san aithris roimhe seo, chuir an Coimisiún SGA agus brabús Aperam i bhfeidhm. Ba é 13.5 % an méid costas SGA arna shloinneadh mar chéatadán de Chostais na nEarraí a díoladh agus arna chur i bhfeidhm ar chostais neamhsaofa táirgthe. Ba é 7,6 % an brabús arna shloinneadh mar chéatadán de Chostais na nEarraí a díoladh agus arna chur i bhfeidhm ar chostas neamhsaofa táirgthe.

(211) Ar an mbonn sin, rinne an Coimisiún an gnáthluach a ríomh de réir chineál an táirge ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

(212) Tar éis an Dara Nóta, mhol Eurofer go ríomhfaí gnáthluach ar bhonn phraghsanna onnmhairiúcháin de chuid na Síne chuig na Stáit Aontaithe de bhun Airteagal 2(3) den bhun-Rialachán.

(213) Mar a luaitear in aithris (154) tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid chun gnáthluach a shuí sa chás sin. Dá bharr sin, b'éigean don Choimisiún an gnáthluach a ríomh de réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, nach ndéantar foráil d'úsáid praghsanna onnmhairiúcháin chuig tríú tíortha.

3.5.1.7. Pragas onnmhairiúcháin

- (214) De réir mar a d'onnhairigh Baoshan Group an táirge faoi athbhreithniú chuig an Aontas trí roinnt cuideachtaí gaolmhara ag gníomhú dóibh mar allmhaireoir, suíodh an praghas onnmhairiúcháin ar bhonn an phraghais ar ar athdhíoladh an táirge allmhairithe den chéad uair le custaiméirí neamhspleácha san Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 2(9) den bhun-Rialachán. Sa chás sin, rinneadh coigeartuithe ar an bpraghas le haghaidh na gcostas uile arna dtabhtú idir allmhairiú agus athdhíol, lena n-áirítear speansas SGA, agus brabús atá ag carnadh.

3.5.1.8. Comparáid

- (215) Rinne an Coimisiún comparáid idir an gnáthluach agus praghas onnmhairiúcháin tháirge Baoshan Group ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha.
- (216) I gcás ina raibh údar leis mar gheall ar an ngá a bhí le comparáid chothrom a áirithiú, choigeartaigh an Coimisiún an gnáthluach agus/nó an praghas onnmhairiúcháin le haghaidh difríochtaí lena ndéantar difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna, i gcomhréir le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán. Rinneadh coigeartuithe do mhuirlasta, árachas agus costas creidmheasa.

3.5.1.9. Corrlaigh dhumpála

- (217) Maidir le Baoshan Group, an t-aon táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch, rinne an Coimisiún comparáid idir gnáth-mheánluach ualaithe gach cineáil táirge de chuid an táirge chomhchosúil agus meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe chineál táirge comhfhreagrach an táirge faoi athbhreithniú, i gcomhréir le hAirteagal 2(11) agus (12) den bhun-Rialachán.
- (218) Níor léirigh an chomparáid mar a thuairiscítear thuas aon dumpáil.

3.5.2. An dóchúlacht go leanfar den dumpáil

- (219) Rinne an Coimisiún imscrúdú de réir Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán maidir leis an dóchúlacht go leanfar den dumpáil má dhéantar na bearta a aisghairm. Rinneadh anailís ar na gnéithe seo a leanas: onnmhairiú chuig tríú tíortha, an acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise sa tSín, agus tarraingteacht mhargadh an Aontais.

(a) **Onnmhairiú chuig tríú tíortha**

- (220) Chinn an Coimisiún gur onnmhairigh Grúpa Baoshan cainníochtaí an-suntasach dá ndíolachán onnmhairiúcháin iomlán chuig tríú margaí seachas an tAontas Eorpach, le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin, i gcás nach bhfuil íosphearghsanna allmhairiúcháin i bhfeidhm.
- (221) Nuair a dhéantar comparáid idir an gnáthluach ríofa a suíodh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán agus na praghsanna onnmhairiúcháin do na margaí díolachán onnmhairiúcháin is mó don ghrúpa – an India agus Meicsiceo - is ionann iad agus thart ar [35-70 %] de gach díolachán onnmhairiúcháin, shuigh an Coimisiún go raibh na praghsanna onnmhairiúcháin 20 % níos ísle ná an gnáthluach a suíodh do Baoshan Group.
- (222) Cheal comhoibrithe ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin eile de chuid na Síne, b'éigean don Choimisiún brath ar fhíorais a bhí ar fáil. Maidir leis sin, d'úsáid sé staitisticí onnmhairiúcháin na Síne mar a tuairiscíodh in GTA chun praghsanna onnmhairiúcháin chuig tríú tíortha a mheas. Ar an mbonn sin, thuairiscigh staitisticí onnmhairiúcháin de chuid na Síne meánphraghas onnmhairiúcháin ón tSín a bhí faoi bhun an íosphearghais allmhairiúcháin is ísle a bhí infheidhmithe san Aontas Eorpach le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin agus a bhí faoi bhun phraghas onnmhairiúcháin Baoshan Group dá bharr.
- (223) Dá bhrí sin, measadh gur dócha, dá ndéanfaí na bearta reatha a aisghairm, go dtosódh táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Síne ag díol leis an Aontas ag leibhéil dhumpáilte.

(b) **An acmhainneacht táirgeachta agus acmhainneacht bhreise sa tSín**

- (224) Chomh maith le Baoshan Group, mar an t-aon onnmhaireoir chuig an Aontas Eorpach, tá ar a laghad ocht dtáirgeoir onnmhairiúcháin eile maidir le táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní sa tSín. De réir staitisticí onnmhairiúcháin na Síne mar a tuairiscíodh in GTA, d'onnhairigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin eile de chuid na Síne chuig an gcuid eile den domhan freisin ⁽⁵¹⁾.

⁽⁵¹⁾ Tuairiscítear ó staitisticí onnmhairiúcháin na Síne díolachán onnmhairiúcháin de 244 097, agus thuairiscigh Baoshan Group díolachán onnmhairiúcháin de 203 450 le linn thréimhse an imscrúdaithe.

- (225) Bhí meastacháin Eurofer a cuireadh ar fáil san iarraidh ar athbhreithniú éaga maidir le hacmhainneacht táirgeachta Baoshan Group an-ghar do shonraí iarbhr Baoshan Group. Cheal comhoibrithe ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin eile de chuid na Síne, b'éigean don Choimisiún a thorthaí a shuí ar fhíorais a bhí ar fáil chun acmhainneacht na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin eile a mheas, agus bhí sé ag brath ar an bhfaisnéis a bhí san iarraidh ar athbhreithniú éaga.
- (226) Rinne an fhaisnéis a bhí san iarraidh ar athbhreithniú éaga meastachán ar acmhainneacht iomlán na Síne ag 1 810 000 tona, agus measadh go raibh an táirgeacht ag 1 220 000 tona. Measadh go raibh tomhaltas na Síne ag 1 020 000 tona. Ar an mbonn sin, measadh go raibh an acmhainneacht bhreise sa tSín ag 600 000 tona, rud a sháraíonn go mór tomhaltas iomlán an Aontais Eorpaigh (265 000 - 280 000) le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin. Ina theannta sin, tá roinnt príomh-mhargáí amhail Stáit Aontaithe Mheiriceá faoi chosaint ag tarraifí arda 25 %, rud a laghdaíonn an rochtain atá ag táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Síne.
- (227) Ar an mbonn sin, tá an dóchúlacht ann go dtreoróidh táirgeoirí de chuid na Síne a n-acmhainneachtaí breise chuig margadh an Aontais i gcainníochtaí móra má ligtear do na bearta dul in éag agus go dtosóidh siad ag díol ar phraghsanna dumpáilte.

(c) Tarraingteacht mhargadh an Aontais

- (228) Mar a thuairiscítear cheana féin in aithris (82) thuas, tá margadh an Aontais i measc na margaí is mó maidir le táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní ar fud an domhain.
- (229) De ghnáth bíonn leibhéil na bpraghsanna san Aontas i bhfad níos airde ná praghsanna onnmhairiúcháin táirgeoirí de chuid na Síne chuig tríú tíortha.
- (230) Léirigh méid mhargadh an Aontais agus na difreálacha praghais tarraingteacht mhargadh an Aontais.

(d) Conclúid

- (231) Ar bhonn na mbreithnithe thuas, thángthas ar an gconclúid go raibh an dóchúlacht ann go leanfar den dumpáil má ligtear do na bearta dul in éag.

3.6. Cónaidhm na Rúise

3.6.1. Dumpáil le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin

3.6.1.1. Réamhbharúlacha

- (232) Cheal comhoibrithe ó aon táirgeoir onnmhairiúcháin de chuid na Rúise, mar a léirítear in aithris (23), shuigh an Coimisiún a anailís, lena n-áirítear an ríomh dumpála, ar fhíorais atá ar fáil de bhun Airteagal 18 den bhun-Rialachán.
- (233) Dá bharr sin, rinneadh measúnú ar an dóchúlacht go leanfar den dumpáil nó go dtarlóidh sí arís trí úsáid a bhaint as an bhfaisnéis atá san iarraidh ar athbhreithniú éaga, in éineacht le foinsí faisnéise eile amhail Eurostat agus GTA.

3.6.1.2. Dumpáil

(a) Gnáthluach

- (234) Ó tharla nach raibh sonraí iontaofa maidir le praghsanna ar mhargadh intíre de chuid na Rúise ar fáil, shuigh an Coimisiún gnáthluach ríofa ag baint úsáide as an modheolaíocht agus as na luachanna atá san iarraidh ar athbhreithniú éaga.

(b) Praghas onnmhairiúcháin

- (235) Suíodh an praghas onnmhairiúcháin chuig an Aontas ar bhonn sonraí Eurostat le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin.

(c) Comparáid

- (236) Rinneadh comparáid idir an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha. Chuige sin, asbhaineadh costais seachadta agus árachais ar bhonn na faisnéise a bhí ar fáil san iarraidh (202,67 EUR/tona). Dá bhrí sin ba é 1 642 EUR/tona gnáthluach an phraghais díreach ón monarcha a suíodh, agus ba é 797,5 EUR/tona praghas onnmhairiúcháin an phraghais díreach ón monarcha le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin.

(d) Dumpáil

- (237) Ar bhonn a bhfuil thuas, shuigh an Coimisiún difríocht praghais de thart ar 80 % agus tháinig sé ar an gconclúid gur leanadh leis an dumpáil le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin.
- (238) Tar éis nochta, mhaígh Rialtas na Rúise go raibh leibhéal an chorrlaigh dumpála a fuarthas amhrasach i bhfianaise a ardleibhéil agus gur cheart go raibh an Coimisiún ar a fhaichill ar leith maidir leis an bhfaisnéis i ndáil le gnáthluach arna soláthar san iarraidh ar athbhreithniú éaga. Ina theannta sin, dúirt sé gur cheart don Choimisiún, agus faisnéis thánaisteach á úsáid aige, faisnéis den sórt sin a sheiceáil i gcoinne foinsí neamhspleácha eile de réir mhír 7 d'Iarscríbhinn II "An fhaisnéis is fearr atá ar fáil i dtéarmaí mhír 8 d'alt 6" a ghabhann leis an gComhaontú maidir le hAirteagal VI den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Thrádáil 1994 ("Comhaontú Frithdhumpála 1994") a chur chun feidhme.
- (239) Mheas an Coimisiún go raibh an fhaisnéis a cuireadh ar fáil san iarraidh ar athbhreithniú éaga maidir le gnáthluach do tháirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Rúise cruinn agus leordhóthanach. Ina theannta sin, níor chuir aon pháirtí leasmhar barúlacha ar fáil maidir leis an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil san iarraidh ar athbhreithniú éaga. Faoi dheireadh, níor chuir aon táirgeoir onnmhairiúcháin de chuid na Rúise aon sonraí ábhartha ar fáil a bhain le suí an ghnáthluacha. Chomh maith leis sin, níor chuir Rialtas na Rúise ná aon pháirtí leasmhar aon fhoinsí neamhspleácha eile ar fáil. Sna cúinsí sin, agus in éagmais aon fhoinsí sonraí eile, mheas an Coimisiún go raibh sé ag brath ar an bhfaisnéis is fearr a bhí ar fáil dó maidir le gnáthluach. Faoi dheireadh, foráiltear le mír 7 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú Frithdhumpála 1994 ina theannta sin mura gcomhoibríonn páirtí leasmhar agus dá bhrí sin má tá faisnéis ábhartha á coinneáil siar ó na húdaráis, d'fhéadfadh toradh nach bhfuil chomh fabhrach céanna a bheith ann dá bharr sin ná mar a bheadh ann dá mbeadh an páirtí tar éis comhoibriú go hiomlán. Ar an mbonn sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

3.6.2. An dóchúlacht go leanfar leis an dumpáil má dhéantar na bearta a aisghairm

- (240) Rinne an Coimisiún anailís ar cibé an raibh an dóchúlacht ann go leanfar den dumpáil má ligtear do na bearta frithdhumpála reatha dul in éag. Agus é sin á dhéanamh, d'fhéach sé ar acmhainneacht táirgeachta agus ar acmhainneacht bhreise sa Rúis agus ar tharraingteacht mhargadh an Aontais. Cheal comhoibrithe ó tháirgeoirí de chuid na Rúise, bhí an gCoimisiún brath ar fhórais a bhí ar fáil.

(a) Acmhainneacht bhreise

- (241) De réir na bhfórais atá ar fáil san iarraidh ar athbhreithniú, tá acmhainneacht táirgeachta mheasta de thart ar 332 000 tona ag an Rúis. Mheas an Coimisiún go raibh táirgeacht na Rúise ag 274 000 tona. Dá bhrí sin, suíodh an acmhainneacht táirgeachta bhreise ag timpeall is 58 000 tona, arb ionann é agus níos mó ná [16 - 22] % de thomhaltas an Aontais maidir le táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní.
- (242) Fiú dá n-úsáidfeadh an Coimisiún an fhaisnéis a chuir NLMK isteach ina aighneacht an 11 Nollaig 2020, bheadh [20 000 - 50 000] tona fós san acmhainneacht táirgeachta bhreise agus is ionann é agus thart ar [7 - 19] % de thomhaltas an Aontais. Maidir leis sin, níor chuir NLMK fianaise thacaíochta ar fáil maidir lena acmhainneacht táirgeachta. Ina theannta sin, le roinnt blianta anuas, bhí an táirgeacht níos airde ná an acmhainneacht, rud atá ina chúis amhrais maidir leis an acmhainneacht táirgeachta iarbhrí a thuairiscigh NLMK ina aighneacht.
- (243) Tar éis nochta, mhaígh NLMK gur cheart go raibh an Coimisiún tar éis an fhaisnéis a chuir sé isteach in am trátha maidir le hacmhainneacht, táirgeacht agus úsáid acmhainneachta na Rúise a fhíorú agus brath uirthi nó go mbeadh an fíorú sin tar éis lígean don Choimisiún na hábhair amhrais a ardaíodh san aithris (242) a shoiléiriú.
- (244) Mar a luadh in aithris (23), thug NLMK féin le fios, ina aighneacht an 10 Nollaig 2020, gur cuireadh iallach air stopadh ag obair ar fhreagra ar an gceistneoir agus nár chuir sé freagra iomlán ar an gceistneoir ar fáil faoin spriocdháta sínte, ach faisnéis ilroinnte amháin a bhí teoranta dá acmhainneacht agus dá tháirgeacht shonrach.

- (245) Sa chás i dtrácht, mheas an Coimisiún go raibh an fhaisnéis a chuir NLMK ar fáil ró-ilroinnte chun conclúidí bríocha a dhéanamh. Ar aon chuma, mar a luadh in aithris (242), chuir an Coimisiún an fhaisnéis a chuir NLMK ar fáil ina leith sin san áireamh agus tháinig sé ar chonclúid chomhchosúil maidir le hacmhainneacht bhreise a bheith ann. Ar an mbonn sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(b) Tarraingteacht mhargadh an Aontais

- (246) Deimhníodh leis an imscrúdú go bhfuil margadh an Aontais tarraingteach do tháirgeoirí de chuid na Rúise ar na cúiseanna seo a leanas:
- (247) Ar dtús, tá margadh an Aontais i measc na margaí is mó ar domhan.
- (248) Ar an dara dul síos, i dtéarmaí praghsanna, mar a léirítear in aithris (271) thíos, tá meánleibhéal allmhairí de chuid na Rúise ar mhargadh an Aontais faoi bhun leibhéal tháirgeoirí an Aontais, agus dá bhrí sin is dóigh go leanfar de mhéadú ar onnmhairí má dhéantar na bearta a aisghairm.
- (249) Ar an tríú dul síos, tá cuid mhór den táirgeacht sa Rúis dírithe ar onnmhairí (tá níos mó ná 86 % den táirgeacht beartaithe le haghaidh onnmhairí), cé go bhfuil an tomhaltas intíre beagnach arna shásamh go hiomlán leis na táirgeoirí de chuid na Rúise.
- (250) Ina aighneacht an 11 Nollaig 2020, mhaígh NLMK nach margadh tosaíochta é an tAontas Eorpach toisc go bhfuil laghdú suntasach tagtha ar allmhairí ó rinneadh an t-imscrúdú bunaidh. Thug an Coimisiún dá aire, fiú má tháinig laghdú ar onnmhairí NLMK chuig an Aontas ón imscrúdú bunaidh, go bhfuil siad fós freagrach as sciar suntasach de thomhaltas an Aontais agus gur mhéadaigh siad le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar atá le feiceáil i dTábla 3 thíos. Dá bhrí sin, bunoscionn leis an éileamh a rinne NLMK, tá margadh an Aontais fós ina mhargadh ceann scríbe tábhachtach d'onnmhairí ón Rúis.
- (251) Tar éis nochta, líomhain NLMK go bhfuil an toimhde ag an gCoimisiún go bhfuil margadh áirithe tarraingteach díreach mar gheall ar a mhéid atá sé lochtach agus mícheart. Maidir leis sin, thagair NLMK freisin don fhíoras nár mheall margadh an Aontais allmhairí breise suntasacha ó thríú tíortha nach raibh sé ag díriú orthu, cé go raibh rochtain bhuntáisteach ag na tíortha sin ar an margadh i gcomparáid leis na honnmhaireoirí ó na tíortha lena mbaineann. Líomhain sé freisin go bhfuil an argóint maidir le leibhéal praghsanna ísle allmhairí de chuid na Rúise lochtach toisc nach bhfuil meánphraghsanna táirgeoirí de chuid na Rúise agus táirgeoirí de chuid an Aontais inchoimparáide mar gheall nach bhfuil na cineálacha táirgí a dhíolann na páirtithe faoi seach in iomaíocht dhíreach lena chéile. Ina theannta sin, tar éis nochta, luaigh Rialtas na Rúise gur easaontaigh sé leis an gCoimisiún gur margadh tarraingteach é margadh an Aontais do tháirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Rúise ar na cúiseanna seo a leanas: Tá táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Rúise ag díriú ar a margadh intíre, agus atreoraítear a n-onnmhairí go príomha chuig tíortha na hÁise. Ina theannta sin, mhaígh siad gur mar thoradh ar na bearta frithdhumpála a bheith ann a rinneadh saobhadh ar mheasúnú na bpraghsanna allmhairiúcháin chuig an Aontas.
- (252) Níor aontaigh an Coimisiún leis an maíomh sin. Is gné inláimhsithe é méid an mhargaidh agus a tharraingteacht á measúnú mar is féidir méideanna móra a dhíol agus barainneachtaí scála a dhéanamh i dtéarmaí costais a bhaineann le táirgeadh, margaíocht agus díolacháin. Ina theannta sin, mhéadaigh allmhairí de thionscnamh na Rúise i méid agus sciar den mhargadh le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin, is cuma an ndéantar fócas tháirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Rúise a atreorú ar mhargaí intíre na Rúise agus/nó na hÁise. Thaispeáin sé sin gur lean margadh an Aontais de bheith an-tarraingteach do tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Rúise. Ina theannta sin, mar a luadh in aithris (277), tharla an laghdú ar allmhairí ó thríú tíortha eile go príomha toisc gur dhún an t-aon táirgeoir táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní sa Ríocht Aontaithe a chuid oibríochtaí go buan i mí na Samhna 2019.
- (253) Ina theannta sin, níor glacadh le líomhain NLMK go bhfuil argóint an Choimisiúin faoi na leibhéil ísle praghsanna lochtach ar na cúiseanna a thuairiscítear san aithris roimhe seo. Thairis sin, mar a míníodh in aithris (272) thíos, rinneadh na hallmhairí ón Rúis ar an meán ag praghsanna a bhí thart ar 30 % níos ísle ná an t-íosphraghas allmhairiúcháin is infheidhme (1 536 EUR/tona) agus thart ar 23 % níos ísle ná praghsanna thionscal an Aontais le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin. Maidir leis sin, fiú ag cur san áireamh go bhfuil na bearta frithdhumpála ann, tugann praghsanna allmhairiúcháin de chuid na Rúise léiriú maith ar iompar praghsanna onnmhairiúcháin tháirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Rúise chuig an Aontas agus ar a leibhéal praghsanna dóchúil in éagmais na mbeart.

(c) Conclúid maidir leis an dóchúlacht go leanfar den dumpáil

- (254) I bhfianaise a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur dócha go leanfar den dumpáil amach anseo má ligtear do na bearta dul in éag. Ag smaoineamh ar an mórachmhainneacht bhreise sa Rúis, leibhéil phraghsanna dumpáilte táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní chuig an Aontas le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin, mar aon le tarraingteacht mhargadh an Aontais, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur dócha go leanfaidh cainníochtaí suntasacha táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní ón Rúis ag teacht isteach i margadh an Aontais ar leibhéal praghaís dumpáilte, má ligtear do na bearta dul in éag.

4. DÍOBHÁIL**4.1. Sainmhíniú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais**

- (255) Laistigh den Aontas, táirgeann ceithre chuideachta an táirge faoi athbhreithniú. Bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil ón iarraidh, ní hann d'aon táirgeoir eile san Aontas maidir leis an táirge atá faoi athbhreithniú san Aontas. Dá bhrí sin, is ionann iad agus “tionscal an Aontais” de réir bhrí Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán.
- (256) Suíodh táirgeacht iomlán an Aontais le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin ag timpeall is 249 000 tona. Shuigh an Coimisiún an figiúr ar bhonn faisnéise maidir le tionscal an Aontais ó gach táirgeoir aitheanta san Aontas.

4.2. Is ionann na ceithre tháirgeoir aitheanta de chuid an Aontais agus 100 % de tháirgeacht iomlán an Aontais maidir leis an táirge comhchosúil. Tomhaltas an Aontais

- (257) Shuigh an Coimisiún tomhaltas an Aontais ar bhonn díolachán gach táirgeora aitheanta san Aontas ar mhargadh an Aontais agus allmhairí ó gach tríú tír mar a tuairiscíodh in Eurostat (bunachar sonraí Comext).
- (258) Maidir leis an tSeapáin, coinníodh cuid d'allmhairí an táirge atá faoi athbhreithniú isteach san Ísiltír faoi rún le linn na tréimhse faoi bhreathnú. ⁽⁵²⁾ Ar an gcúis sin, soláthraítear raonta sa tábla thíos maidir le tomhaltas an Aontais agus sna táblaí ábhartha eile a bhaineann le méideanna agus luachanna allmhairiúcháin.
- (259) Forbraíodh tomhaltas an Aontais mar seo a leanas:

Tábla 2

Tomhaltas an Aontais (tonaí)

	2017	2018	2019	Tréimhse an Imscrúdaithe Athbhreithniúcháin
Tomhaltas iomlán an Aontais	300 000 – 315 000	277 000 -292 000	298 000 – 313 000	265 000 -280 000
Innéacs	100	93	99	89

Foinse: Freagraí fíoraithe ar cheistneoirí, faisnéis atá san iarraidh, Eurostat agus ó Eurofer.

- (260) Tháinig athrú ar thomhaltas an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus bhí idir 265 000 – 280 000 tona ann le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin agus 300 000 – 315 000 tona in 2017. Ar an iomlán, tháinig laghdú 11 % ar thomhaltas an Aontais idir 2017 agus tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin cé go raibh buaic shealadach ann in 2019. Tá an titim sa tomhaltas mar gheall ar mheascán de thosca amhail níos lú allmhairí agus níos lú díolachán ag táirgeoirí an Aontais le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin mar gheall ar éileamh níos ísle ar tháirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní.

⁽⁵²⁾ Ba thoradh é sin ar iarraitas speisialta ó chuideachta Dhúitseach a sonraí a choinneáil faoi rún.

- (261) Tar éis nochta, rinne an t-iarratasóir tagairt d'úsáid fhorleathan scéimeanna próiseála isteach ag allmhaireoirí an Aontais agus méadú ar allmhairí lannuithe agus croileacán cruach ar fud na Tuirce, agus an nós ag an dá cheann acu sin gan a bheith ag leagann béim mar is cóir ar na táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní iarbhir a tháirgtear ar an gcoigríoch agus dhéantar a thomhailt san Aontas. Dheimhnigh an Coimisiún, ar thaobh amháin, go raibh gach táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní a allmhairíodh trí scéimeanna próiseála isteach curtha san áireamh agus na sonraí tomhaltas á ríomh. Ar an taobh eile, thug an Coimisiún dá aire go dtagann lannuithe agus croileacán cruach lasmuigh de raon feidhme na mbeart frithdhumpála agus dá bhrí sin níor imscrúdaiódh iad.

4.3. Allmhairí ó na tíortha lena mbaineann

4.3.1. An méid allmhairí ó na tíortha lena mbaineann agus a sciar den mhargadh

- (262) Shuigh an Coimisiún méid na n-allmhairí ar bhonn Eurostat (bunachar sonraí Comext). Suíodh an sciar den mhargadh a bhí ag na hallmhairí de réir thomhaltas an Aontais mar a leagtar amach in aithris (257).
- (263) Is mar a leanas a tháinig forbairt ar allmhairí ó na tíortha lena mbaineann agus ar a sciar den mhargadh:

Tábla 3

Méid na n-allmhairí (tonaí) agus an sciar den mhargadh

	2017	2018	2019	Tréimhse an Imscrúdaithe Athbhreithniúcháin
An méid allmhairí ó na tíortha lena mbaineann	86 000 – 101 000	64 000 – 79 000	76 000 – 91 000	70 000 – 85 000
Innéacs	100	80	90	83
Sciar den mhargadh na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann (%)	27,5 - 34,2	22,7-29,7 %	24,1-31,3	26,5-34,0
Innéacs	100	87	93	97

Foinse: Eurostat

- (264) Forchuireadh bearta in 2015. Tháinig laghdú 17 % ar allmhairí an táirge atá faoi athbhreithniú ó na tíortha lena mbaineann le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Mar sin féin, níor tháinig ach laghdú beag ar a sciar den mhargadh (ó 27,5 % - 34,2 % in 2017 go 26,5 % - 34,0 % le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin) i bhfianaise an laghdú comhthreomhar ar thomhaltas ar mhargadh an Aontais.
- (265) As na tíortha lena mbaineann, níor mhéadaigh ach allmhairí ó Phoblacht na Cóiré agus ó Chónaidhm na Rúise idir 2017 agus tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin agus ghnóthaigh siad aon phointe agus dhá phointe céatadáin agus dhá sciar den mhargadh faoi seach.

4.3.2. Praghsanna na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann

4.3.2.1. Praghsanna

- (266) Shuigh an Coimisiún meánphraghsanna na n-allmhairí ar bhonn staitisticí Eurostat.
- (267) Is mar a leanas a tháinig forbairt ar mheánphraghas ualaithe na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann:

Tábla 4

Praghsanna allmhairiúcháin (EUR/tona)

	2017	2018	2019	Tréimhse an Imscrúdaithe Athbhreithniúcháin
An tSín	2 081	1 994	2 036	1 985
Innéacs	100	96	98	95
An tSeapáin	2 167	2 184	2 168	2 140
Innéacs	100	100	100	99
An Chóiré	2 032	2 051	2 022	1 996
Innéacs	100	101	100	98
An Rúis	1 119	1 205	1 074	1 000
Innéacs	100	108	96	89
Stáit Aontaithe Mheiriceá	2 080	2 057	2 047	2 047
Innéacs	100	99	98	98
Meánphraghas na n-allmhairí (in aghaidh an tona)	1 865	1 871	1 742	1 718
Innéacs	100	100	93	92

Foinse: Eurostat agus táirgeoirí onnmhairsiúcháin comhoibriúcháin

- (268) Chonacthas laghdú ar an meánphraghas idir 2017 agus tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin d'allmhairí ó na tíortha lena mbaineann maidir le gach cineál táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní, cibé acu táirgí traidisiúnta nó ard-tréscailteachta iad. Bhain na hallmhairí ó Chónaidhm na Rúise le gnáthchineálacha táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní, ach is allmhairí de tháirgí ard-tréscailteachta áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní iad na hallmhairí ó na ceithre thíre eile.
- (269) Tháinig laghdú ar mheánphraghsanna na n-allmhairí ó 1 865 EUR/tona in 2017 go 1 718 EUR/tona le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin. Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, bhí an laghdú ar mheánphraghas na n-allmhairí thart ar 7,6 %.

4.3.2.2. Sladghearradh praghas

- (270) Ní raibh aon chomhoibriú ó aon táirgeoir de chuid Phoblacht na Cóiré, Chónaidhm na Rúise ná Stáit Aontaithe Mheiriceá, ach bhí comhoibriú ann ó tháirgeoirí onnmhairsiúcháin amháin de chuid na Síne agus ó tháirgeoirí onnmhairsiúcháin amháin de chuid na Seapáine.
- (271) Maidir le gach allmhaire ó na tíortha lena mbaineann seachas an Rúis, bhí tionchar suntasach ar phraghsanna allmhairsiúcháin chuig an Aontas ag bunú na mbeart maidir leis na trí íosphearghas allmhairsiúcháin ar na cúiseanna a mhínítear in aithris (2). Mar a luadh in aithris (3), má tá praghas costais, árachais agus last-táille ag teorainn an Aontais cothrom leis an íosphearghas allmhairsiúcháin nó os a chionn, níl aon dleacht infioctha. Bhí praghsanna allmhairsiúcháin ó na tíortha lena mbaineann, seachas an Rúis, beagnach i ngach cás cothrom nó díreach os cionn an íosphearghais allmhairsiúcháin ar feadh na tréimhse faoi bhreathnú, agus i bhfad níos airde ná praghsanna Thionscal an Aontais le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin. Níor thángthas ar aon sladghearradh maidir leis na tíortha lena mbaineann cé is moite den Rúis.
- (272) Maidir leis an Rúis, mar gheall ar easpa comhoibrithe ó aon táirgeoirí onnmhairsiúcháin de chuid na Rúise, rinne an Coimisiún comparáid idir meánphraghsanna allmhairsiúcháin costais, árachais agus last-táille ón Rúis, bunaithe ar Eurostat, arna gcoigeartú do chostais iar-allmhairsiúcháin (65 EUR/tona) agus meánphraghsanna díola thionscal an Aontais le haghaidh cineálacha táirgí inchoimparáide. Rinneadh na hallmhairí ón Rúis ar an meán ag praghsanna a bhí thart ar 30 % níos ísle ná an t-íosphearghas allmhairsiúcháin is infheidhme (1 536 EUR/tona) agus thart ar 23 % níos ísle ná praghsanna infheidhmithe thionscal an Aontais le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin.

- (273) Tar éis nochta, mhaígh Nippon Steel gur cheart don Choimisiún an sladghearradh agus an corrlach gearrdhiola a athríomh ar na cúiseanna seo a leanas: Ar dtús, na corrlaigh sin, ar corrlaigh iad a chuimsigh coigeartú faoi Airteagal 2(9) den Rialachán bunúsach, rinneadh iad san imscrúdú bunaidh de shárú ar Ailt 3(1), 3(2), 3(3) agus 3(6) den bhun-Rialachán bunúsach. Ar an dara dul síos, níor ríomhadh na corrlaigh sin i gcomhréir le cásdlí Chúirt an Aontais Eorpaigh.
- (274) Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin. Níor aimsigh an Coimisiún aon sladghearradh maidir leis an tSeapáin le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin (féach aithris (271)). Dá réir sin, bhí iarratas Nippon Steel an corrlach sladghearrtha a athríomh mar a suíodh san imscrúdú bunaidh é gan agóid. Ina theannta sin, toisc nach n-athraíonn athbhreithniú éaga leibhéal na ndleachtanna, bhí athbhreithniú ar an gcorrlach díobhála a suíodh i dtosach gan agóid freisin. Thairis sin, chun anailís a dhéanamh ar éifeachtaí ar phraghsanna má ligtear do na bearta dul in éag mar a leagtar síos in aithris (336), chinn an Coimisiún na leibhéil praghsanna dóchúlá d'allmhairí chuig an Aontas amach anseo a shuí ar phraghsanna onnmhairiúcháin na Seapáine chuig tríú tíortha nach ndearnadh nó nach bhféadfaí aon choigeartú a dhéanamh ina leith de bhun Airteagal 2(9) den bhun-Rialachán.

4.4. Allmhairí ó thríú tíortha eile

- (275) Le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin, b'ionann allmhairí ó thríú tíortha eile agus [19 000 – 25 000] nó [7 % - 10,5 %] de thomhaltas an Aontais. Is as an mBrasaíl agus ón Ríocht Aontaithe a tháinig príomhallmhairí táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní ó thríú tíortha eile seachas na tíortha lena mbaineann.
- (276) D'fhorbair méid na n-allmhairí chomh maith leis an sciar den mhargadh agus treochtaí i bpraghsanna d'allmhairí táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní ó thríú tíortha eile mar seo a leanas:

Tábla 5

Allmhairí ó thríú tíortha (tonaí)

Iomlán na dtríú tíortha uile seachas na tíortha lena mbaineann		2017	2018	2019	Tréimhse an Imscrúdaithe Athbhreithniúcháin
	Méid (tonaí)	30 000-36 000	30 000-36 000	34 000- 40 000	19 000 – 25 000
	Innéacs	100	101	117	62
	An sciar den mhargadh (%)	10,2-13,5	10,5-13,8	12,7-16,0	7,0-10,5
	Meánphraghas (EUR/tona)	1 409	1 217	1 260	1 294
	Innéacs	100	86	89	92

Foinse: Eurostat

- (277) Laghdaigh allmhairí an táirge atá faoi athbhreithniú ón Ríocht Aontaithe faoina leath idir 2017 agus tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin, ag dul ó thart ar 25 000 – 35 000 tona go 10 000 – 20 000 tona. Tharla an laghdú sin toisc gur dhún an t-aon táirgeoir táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní de chuid na Ríochta Aontaithe a chuid oibríochtaí go buan i mí na Samhna 2019.
- (278) Ar an láimh eile, tháinig méadú suntasach ar allmhairí an táirge atá faoi athbhreithniú ón mBrasaíl le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Mar sin féin, d'fhan sciar de mhargadh na Brasaíle íseal, i.e. faoi bhun 2 %, le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin.
- (279) Tháinig laghdú 38 % ar na hallmhairí iomlána ó thríú tíortha, seachas na tíortha lena mbaineann, idir 2017 agus tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin chun 7,0 % - 10,5 % de sciar an mhargaidh a bhaint amach le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin i gcomparáid le 10,2 % - 13,5 % in 2017,

- (280) Maidir le leibhéil praghsanna, athraíonn an scéal ó thír go tír, ag brath ar cé acu an ndíoltar táirgí traidisiúnta nó táirgí ard-tréscailteachta ar mhargadh an Aontais.
- (281) Mar sin féin, tháinig laghdú ar mheánphraghsanna díola allmhairí ó thríú tíortha le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tá an treocht sin comhsheasmhach leis an treocht a breathnaíodh d'allmhairí ó na tíortha lena mbaineann i dTábla 5 thuas agus an treocht praghsanna a breathnaíodh do dhíolacháin thionscal an Aontais ar mhargadh an Aontais i dTábla 9 thíos.

4.5. Staid eacnamaíoch Thionscal an Aontais

4.5.1. Barúlacha Ginearálta

- (282) I gcomhréir le hAirteagal 3(5) den bhun-Rialachán, sa scrúdú ar thionchar na n-allmhairí ar thionscal an Aontais, áiríodh meastóireacht ar na táscairí eacnamaíocha uile a raibh baint acu le staid thionscail an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.
- (283) Maidir le cinneadh na díobhála, ní dhearna an Coimisiún idirdhealú idir táscairí díobhála maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha ós rud é gurb ionann gach ceann de na ceithre tháirgeoir aitheanta de chuid an Aontais agus “tionscal an Aontais” de réir bhrí Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí díobhála ar bhonn na sonraí atá sna freagraí ar an gceistneoir ó tháirgeoirí comhoibríocha an Aontais.
- (284) Baineann na ceithre tháirgeoir de chuid an Aontais le dhá Ghrúpa chorparáideacha. Ar an gcúis sin, mheas an Coimisiún más amhlaidh go raibh gá an fhaisnéis arna tólacadh a sholáthar i raonta agus é mar aidhm gan faisnéis rúnda gnó a nochtadh, ach tháinig sé ar an gconclúid gurbh amhlaidh a bhí na sonraí comhiomlánaithe gan aon fhaisnéis rúnda a nochtadh. Dá bhrí sin, ní sholáthraítear aon raonta maidir leis na táscairí díobhála.

4.5.2. Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

- (285) Meastar mar seo a leanas táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais a forbraíodh le linn na tréimhse:

Tábla 6

Táirgeadh, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

	2017	2018	2019	Tréimhse an Imscrúdaithe Athbhreithniúcháin
Méid táirgeachta (tonaí)	294 301	280 685	279 625	248 865
Innéacs	100	95	95	85
Acmhainneacht táirgeachta (tonaí)	351 000	351 000	331 000	331 000
Innéacs	100	100	94	94
Úsáid acmhainneachta (%)	84	80	84	75
Innéacs	100	95	101	90

Foinse: Freagraí fíoraithe ar an gceistneoir

- (286) Tháinig laghdú 15 % ar mhéid táirgeachta thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Seachas an t-éileamh níos ísle a bhí ann le linn na tréimhse faoi bhreathnú, mar a míníodh in aithris (260), bhí an laghdú suntasach ar mhéid na táirgeachta le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin mar thoradh ar na nithe seo a leanas:

— Stopadh táirgeachta ar láithreán táirgeachta táirgeora de chuid an Aontais idir mí na Nollaig 2019 agus mí Feabhra 2020, agus;

— Éifeacht Covid-19, a raibh níos lú táirgeachta mar thoradh air, go háirithe sa dara ráithe de 2020.

- (287) Tagraíonn na figiúirí acmhainneachta tuairiscithe d'acmhainneacht theicniúil, rud a thugann le tuiscint gur cuireadh coigeartuithe san áireamh, arna meas ag an tionscal mar chaighdeán, le haghaidh am tionscanta, cothabháil, scrogaill agus gnáthstopadh eile. Tháinig laghdú beag ar an acmhainneacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Mheas beirt as na ceithre tháirgeoir de chuid an Aontais a bhí infheistithe le linn na tréimhse a dtrealamh táirgeachta a bhí ann cheana a nuachóiriú d'fhonn cineálacha tréscailteachta níos airde go comhréireach a tháirgeadh ná na gnáthchineálacha. Mar thoradh ar na hinfeistíochtaí sin, bhí táirgeoirí an Aontais in ann, go príomha ó 2019 ar aghaidh, cineálacha táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní tréscailteachta níos airde a tháirgeadh go comhréireach arb iad is sainairíonna tiús níos ísle, agus mar thoradh air sin acmhainneacht táirgeachta níos ísle sa tonnáiste le linn na tréimhse faoi bhreathnú.
- (288) Tharla an laghdú ar an ráta úsáide acmhainneachta le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin in ainneoin laghdú ar an acmhainneacht táirgeachta mar gheall ar an titim láidir i méid na táirgeachta le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin, mar a míníodh in aithris (286) thuas. Bhí an laghdú beagnach 10 bpointe céatadáin le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

4.5.3. Méid na ndíolachán agus an sciar den mhargadh

- (289) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar mhéid díolachán thionscal an Aontais agus ar a sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 7

Méid na ndíolachán agus an sciar den mhargadh

	2017	2018	2019	Tréimhse an Imscrúdaithe Athbhreithniúcháin
Méid na ndíolachán iomlán ar mhargadh an Aontais le custaiméirí neamhghaolmhara (tonaí)	175 000-190 000	174 000-191 000	176 000-191 000	170 000-185 000
Innéacs	100	98	101	96
An sciar den mhargadh	55,9-62,6	60,0-66,5	56,9-63,5	61,0-66,8
Innéacs	100	106	102	108

Foinse: Freagraí fíoraithe ar an gceistneoir.

- (290) D'fhan méideanna díolachán thionscal an Aontais le custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas seasmhach le linn na tréimhse 2017-2019, ach tháinig laghdú beag orthu le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin. Lean laghdú i méid na ndíolachán an treocht laghdaitheach i méid na táirgeachta le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin ar na cúiseanna céanna a míníodh in aithris (286). Tháinig laghdú níos suntasaí ar mhéid na táirgeachta – 15 pointe céatadáin idir 2017 agus tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin – ná an laghdú ar mhéid díolachán tháirgeoirí an Aontais.
- (291) Mar sin féin, le linn na tréimhse faoi bhreathnú, mhéadaigh sciar margaidh thionscal an Aontais beagán ó 55,9 % -62,6 % go 61,0 % -66,8 % mar thoradh ar an bhfóras gur mhó an laghdú ar thomhaltas ná an laghdú ar mhéid díolachán thionscal an Aontais.
- (292) Cúis eile leis an méadú sin ar an sciar den mhargadh atá ag tionscal an Aontais is ea na bearta atá i bhfeidhm, in éineacht le trádáil idirnáisiúnta agus slabhraí soláthair suaite sa chéad leath de 2020 mar thoradh ar thionchar na paindéime Covid-19.

4.5.4. Fás

- (293) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú 11 % ar thomhaltas an Aontais, ach tháinig laghdú 4 % ar mhéid na ndíolachán le custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas. Dá bharr sin, in ainneoin an mhéadaithe ar an sciar den mhargadh, ní raibh aon fhás ann do thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

4.5.5. An fhostaíocht agus an táirgiúlacht

- (294) Tháinig forbairt ar an bhfostaíocht agus ar an táirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar a leanas:

Tábla 8

An fhostaíocht agus an táirgiúlacht

	2017	2018	2019	Tréimhse an Imscrúdaithe Athbhreithniúcháin
Líon na bhfostaithe	2 273	2 309	2 302	2 256
Innéacs	100	102	101	99
An Táirgiúlacht (tonaí in aghaidh an fhostaí)	129,48	121,56	121,47	110,31
Innéacs	100	94	94	85

Foinse: Freagraí fíoraithe ar an gceistneoir

- (295) D'fhan líon na bhfostaithe i dtionscal an Aontais a bhí ag gabháil do tháirgeadh an táirge atá faoi athbhreithniú seasmhach le linn na tréimhse 2017-2019, ach tháinig laghdú beag air le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin.
- (296) Tháinig laghdú suntasach ar tháirgiúlacht lucht saothair thionscal an Aontais, arna thomhas mar aschur (tonaí) in aghaidh an fhostaí, le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin. Is féidir é sin a mhíniú mar iarmhairt chomhcheangailte mar thoradh ar:
- Stopadh táirgeachta ag láithreán táirgeachta phríomhtháirgeora amháin de chuid an Aontais, as ar tháinig táirgeacht níos ísle idir mhí na Nollag 2019 agus mí Feabhra 2020, agus;
 - Níos lú táirgeachta ag ceithre tháirgeoir de chuid an Aontais le linn an dara ráithe de 2020, mar thoradh ar phaindéim Covid-19.

4.5.6. Méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh ó dhumpáil roimhe sin

- (297) Mar a míníodh in aithris (44), ní raibh aon chomhoibriú ann ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Rúise, na Cóiré ná de chuid Stáit Aontaithe Mheiriceá. Níor chomhoibrigh ach táirgeoir onnmhairiúcháin amháin de chuid na Síne agus táirgeoir onnmhairiúcháin amháin de chuid na Seapáine go hiomlán le linn an imeachta sin.
- (298) Mar sin féin, in ainneoin go raibh tionchar suntasach ar phraghsanna allmhairiúcháin chuig an Aontas mar thoradh ar bhunú reatha na mbeart maidir leis na trí íosphearghas allmhairiúcháin ar phraghsanna allmhairiúcháin chuig an Aontas, fuarthas dumpáil maidir le hallmhairí ón tSeapáin (féach aithris (70)), Stáit Aontaithe Mheiriceá (féach aithris (111)) agus an Rúis (féach aithris (237)) le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin. Ní bhfuarthas dumpáil ar bith d'allmhairí de chuid na Síne ná de chuid na Cóiré.
- (299) Léiríonn na táscairí díobhála, d'ainneoin na mbeart frithdhumpála atá i bhfeidhm ó 2015, a raibh faoiseamh agus feidhmíocht fheabhsaithe mar thoradh orthu i dtosach, go raibh staid eacnamaíoch thionscal an Aontais leochaileach agus díobhálach. Mar sin, ní fhéadfaí aon téarnamh ón dumpáil roimhe sin a shuí.

4.5.7. *Praghsanna agus tosca lena ndéantar difear do phraghsanna*

- (300) Tháinig forbairt ar mheánphraghsanna díola aonaid ualaithe tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais le custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar seo a leanas:

Tábla 9

Meánphraghsanna san Aontas

	2017	2018	2019	Tréimhse an Imscrúdaithe Athbhreithniúcháin
An meánphraghas díola aonaid san Aontas ar an margadh iomlán (EUR/tona)	1 452	1 492	1 501	1 427
<i>Innéacs</i>	100	103	103	98
Costas táirgeachta in aghaidh an aonaid (EUR/tonaí)	1 468	1 617	1 647	1 714
<i>Innéacs</i>	100	110	112	117

Foinse: Freagraí fíoraithe ar an gceistneoir

- (301) Léirítear sa tábla thuas gur tháinig laghdú beag ar phraghsanna díola aonaid de chuid an Aontais le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin, i gcomparáid leis na blianta roimhe sin. Ba é sin go príomha an éifeacht chomhcheangailte maidir le:
- An brú praghaís ar mhargadh an Aontais, mar a léirítear freisin leis an laghdú ar phraghsanna allmhairiúcháin an táirge atá faoi athbhreithniú, a thit freisin le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin, go háirithe maidir leis na táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní a allmhairítear ón Rúis, arb iad príomhchaillteanais arda na tréithe a bhaineann leo;
 - Trialacha táirgeachta suntasacha ag príomhtháirgeoirí amháin de chuid an Aontais le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin d'fhonn a phróiseas táirgthe a fheabhsú, trínar táirgeadh cuid mhór de chineálacha táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní, a bhí le díol ar mheánphraghsanna níos ísle in aghaidh an aonaid.
- (302) Léirítear sa tábla thuas freisin treocht chostais táirgthe. Mar thoradh ar an stopadh táirgeachta ag príomhtháirgeoirí amháin de chuid an Aontais agus níos lú táirgeachta (féach aithris (296)) tháinig costas seasta méadaithe ar gach tona den táirge atá faoi athbhreithniú a tháirgtear le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin. Mar thoradh ar an teaghlaim de mhéadú ar chostas táirgthe agus laghdú beag ar phraghsanna díola thionscal de chuid an Aontais, bhí caillteanais shuntasacha ann do tháirgeoirí an Aontais.

4.5.8. *Costais saothair*

- (303) Tháinig forbairt ar mheánchostais saothair tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais a rinneadh a shampláil le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar a leanas:

Tábla 10

Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí

	2017	2018	2019	Tréimhse an Imscrúdaithe Athbhreithniúcháin
Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí (EUR)	42 375	43 384	47 219	46 362
<i>Innéacs</i>	100	102	111	109

Foinse: Freagraí fíoraithe ar an gceistneoir

- (304) Idir 2016 agus tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin, tháinig méadú 8,5 % ar an meánchostas saothair in aghaidh an fhostaí. Tá tionchar an athraithe sin sách beag, ós rud é nach ionann costas saothair ach agus thart ar 15 % de chostas iomlán na monaraíochta le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin.

4.5.9. *Fardail*

(305) Forbraíodh na leibhéil stoic a bhí ag táirgeoirí an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar seo a leanas:

Tábla 11

Fardail

	2017	2018	2019	Tréimhse an Imscrúdaithe Athbhreithniúcháin
Stoic dheiridh (tonaí)	21 803	19 308	24 768	16 370
<i>Innéacs</i>	100	89	114	75
Stoic dheiridh mar chéatadán den táirgeacht	7,5	6,9	9	6,6
<i>Innéacs</i>	100	88	125	88

Foinse: Freagraí fíoraithe ar an gceistneoir

(306) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig ascalú ar leibhéal na stoc deiridh ach tháinig laghdú air mar chéatadán den táirgeacht. Is é tionscal an Aontais a tháirgeann an chuid is mó de chineálacha an táirge chomhchosúil bunaithe ar shainorduithe na n-úsáideoirí. Dá bhrí sin, ní féidir stoic a mheas mar tháscaire díobhála tábhachtach don tionscal.

4.5.10. *Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, toradh ar infheistíochtaí agus an cumas caipiteal a chruinniú*

(307) D'fhorbair brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus toradh ar infheistíochtaí tháirgeoirí an Aontais sa tréimhse mar seo a leanas:

Tábla 12

An bhrabúsacht, an sreabhadh airgid, na hinfeistíochtaí agus an toradh ar infheistíochtaí

	2017	2018	2019	Tréimhse an Imscrúdaithe Athbhreithniúcháin
Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhghaolmhara (% de láimhdeachas na ndíolachán)	- 2,1	- 8,4	- 11,7	- 18,6
<i>Innéacs</i>	- 100	- 395	- 548	- 874
Sreabhadh airgid (EUR)	26 938 994	- 9 640 666	22 630 604	27 476 286
<i>Innéacs</i>	100	- 36	84	102
Infheistíochtaí (EUR)	21 144 151	24 000 854	38 265 803	27 991 903
<i>Innéacs</i>	100	114	181	132

Toradh ar infheistíochtaí (%)	- 1,7	- 3,1	- 10,2	- 14,4
Innéacs	- 100	- 183	- 607	- 860

Foinse: Freagraí fíoraithe ar an gceistneoir

- (308) Bhunaigh an Coimisiún brabúsacht tháirgeoirí an Aontais trí ghlancaillteanas réamhchánach dhíolachán an táirge chomhchosúil a chur in iúl do chustaiméirí neamhghaolmhara san Aontas mar chéatadán de láimhdeachas na ndíolachán sin.
- (309) Bhí éifeacht dhearfach ag forchur na mbeart in 2015 ar bhrabúsacht thionscal an Aontais, go háirithe sa bhliain 2017 nuair a thosaigh tionscal an Aontais ag téarnamh. Bhí na caillteanais a thabhaigh táirgeoirí an Aontais in 2017 fós measartha beag, i.e. 2,1 %. Na caillteanais a tabhaíodh le linn 2013 agus tréimhse imscrúdaithe an imscrúdaithe bunaidh, tréimhsí a chlúdaigh an tréimhse ón 1 Iúil 2013 go dtí an 30 Meitheamh 2014, an dá thréimhse díreach roimh fhorchur na mbeart tosaigh in 2015, is -26,6 % agus -22,3 % a bhí i gceist leis na caillteanais sin faoi seach. Bhí siad sin i bhfad níos airde ná an caillteanas a tabhaíodh in 2017 (-2,1 %). Mar sin féin, thosaigh an staid eacnamaíoch ag dul in olcas ina dhiaidh sin ⁽³³⁾, sa mhéid gur shroich na caillteanais -18,6 % i dtréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin.
- (310) Is ionann an glansreabhadh airgid agus cumas tháirgeoirí an Aontais a gcuid gníomhaíochtaí a mhaoiniú iad féin. Níor lean an treocht i nglansreabhadh airgid treocht anuas cosúil leis an mbrabúsacht agus bhí sí dearfach. Is féidir an sreabhadh airgid dearfach sin a mhíniú go príomha trí dhá chonradh thábhachtacha a bheith i bhfeidhm ag táirgeoirí amháin de chuid an Aontais, a raibh caillteanais á dtabhú aige:
- Cuireadh comhaontú aistrithe brabúis/caillteanais i gcrích lena mháthairchuideachta, rud a chiallaíonn gur ghlac a mháthairchuideachta na caillteanais thabhairthe, agus;
 - Cuireadh comhaontú fachtóireachta i gcrích le soláthraí seirbhíse seachtrach, rud a d'fhág scor ar airgead a infháiltais gan íoc níos gasta mar thoradh ar tháille fachtóireachta iníoctha in aghaidh na bliana.
- (311) In ainneoin na gcaillteanas a tabhaíodh le linn na tréimhse faoi bhreathnú, d'fhan infheistíochtaí os cionn EUR 21 milliún i ngach bliain den tréimhse faoi bhreathnú. Bhain na hinfeistíochtaí sin den chuid is mó le huasghrádú a dhéanamh ar an innealra chun cineálacha ard-tréscailteachta an táirge atá faoi athbhreithniú a tháirgeadh.
- (312) Is é an toradh ar infheistíochtaí i bprionsabal an brabús i gcéatadán de ghlanluach leabhar na n-infheistíochtaí. Mar gheall ar na caillteanais a tabhaíodh, bhí an toradh ar infheistíochtaí diúltach le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Déanta na fírinne, lean sé an treocht anuas chéanna leis an mbrabúsacht.
- (313) Is ionann an cumas chun caipiteal a chruinniú agus an cumas chun airgead a bhailiú le haghaidh infheistíocht, leathnú nó athchóiriú a dhéanamh. Agus na caillteanais thabhairthe le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin á gcur san áireamh, tá maoiniú fiachais nó cothromais riachtanach le go mbeidh táirgeoirí an Aontais in ann leanúint ar aghaidh ag infheistiú. Mar shampla, mar atá leagtha síos in aithris (310), chuir táirgeoir de chuid an Aontais comhaontú aistrithe brabúis/caillteanais i gcrích lena mháthairchuideachta, rud a chiallaíonn gur ghlac a mháthairchuideachta leis na caillteanais a tabhaíodh, agus chuir sé ar chumas na cuideachta na hinfeistíochtaí riachtanacha a dhéanamh a thuilleadh, go príomha in innealra chun cineálacha ard-tréscailteachta an táirge atá faoi athbhreithniú a tháirgeadh.

4.6. Conclúid faoi dhíobháil

- (314) Mar a leagtar síos in aithris (309), bhí tionchar dearfach ag forchur na mbeart in 2015 ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais, go háirithe in 2017 nuair a thosaigh tionscal an Aontais ag téarnamh.
- (315) Mar sin féin, thosaigh an staid eacnamaíoch ag dul in olcas i gcónaí arís ina dhiaidh sin, sa mhéid gur shroich caillteanais -18,6 % le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin.

⁽³³⁾ Bhí na caillteanais a tabhaíodh in 2018 agus in 2019 (-8,4 % agus -11,7 % faoi seach) thart ar 4x agus 5x níos airde ná an caillteanas in 2017 (-2,1 %).

- (316) Tháinig laghdú 4 % ar mhéid na ndíolachán ar mhargadh an Aontais, in éineacht le laghdú beag ar phraghsanna díola aonaid 2 %. Tháinig laghdú 15 % ar an táirgeacht, agus tháinig laghdú 10 % ar úsáid na hacmhainneachta táirgeachta. I bhfianaise chúlra costas táirgthe atá ag dul i méid, shroich caillteanais leibhéal nach bhfuil inbhuanaithe.
- (317) Mar gheall ar na caillteanais a tabhaíodh le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar thoradh ar na tosca a thuairiscítear thuas, lean na táscairí eile amhail toradh ar infheistíocht an treocht anuas chéanna leis an táscaire brabúsachta.
- (318) Tar éis nochta, líomhnaigh NLMK gur fadhbanna struchtúracha ba chúis le staid dhíobhálach thionscal an Aontais agus nach raibh baint ar bith aige le hallmhairí ó na tíortha lena mbaineann. Thagair NLMK don chomhghaol idir leibhéal na gcaillteanais agus na costais mhéadaithe táirgeachta, agus d'fheidhmíocht tháirgeoirí de chuid an Aontais a bhí ag dul in olcas, lena n-áirítear an stopadh ag príomhtháirgeoirí amháin de chuid an Aontais as ar eascair costas seasta méadaithe in aghaidh an aonaid táirge. Ina theannta sin, tar éis nochta, líomhain Rialtas na Rúise gurb é an laghdú ar thomhaltas an príomhfhadhb do thionscal an Aontais, a bhí, de réir Rialtas na Rúise, i staid chobhsaí, mar a léiríodh ó líon na bhfostaithe agus ón méadú ar infheistíochtaí.
- (319) Tar éis é nochta, dúirt Nippon Steel gur féidir gach táscaire díobhála a mhíniú ar chúiseanna seachas allmhairí táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráiníní ó na tíortha lena mbaineann. Mar shampla, líomhain sé gur féidir na caillteanais de – 18,6 % a mhíniú leis an méadú 32 % ar chaiteachas infheistíochta, ach d'fhéadfadh an laghdú 4 % ar mhéid na ndíolachán a bheith mar thoradh ar chrapadh 11 % ar thomhaltas an Aontais agus ar an laghdú freisin i dtáirgeacht an Aontais.
- (320) Dhiúltaigh an Coimisiún do bharúlacha NLMK agus Nippon Steel ar na cúiseanna seo a leanas. Ar dtús, níor mhaígh an Coimisiún gur allmhairí ó na tíortha lena mbaineann ba chúis, nó ba chúis amháin leis an staid dhíobhálach le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin. Mar a leagtar amach in aithrisí (330) agus (331), rinne an Coimisiún breithniú freisin ar thosca eile a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le díobháil mar a d'aithin páirtithe leasmhara iad, ach tháinig sé ar an gconclúid as go raibh na tosca eile sin de chineál sealadach. Ar an dara dul síos, mar a leagtar amach go ginearálta i roinn 5 thíos agus go háirithe in aithris (361), i bhfianaise staid dhíobhálach thionscal an Aontais san am atá thart agus san am i láthair, is é is dóichí go dtiocfadh méadú suntasach ar allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann mar thoradh ar easpa beart, rud a d'fhágfadh go mbeadh caillteanais níos airde fós ann do tháirgeoirí de chuid an Aontais. Ar an tríú dul síos, san anailís ar staid thionscal an Aontais breithníodh gach táscaire díobhála, ar an mbonn gur tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais, mar atá leagtha síos in aithris (321). Ar an gceathrú dul síos, ní raibh bunús leordhóthanach leis na barúlacha sin. Faoi dheireadh, ní amháin go ndearna an Coimisiún anailís chuimsitheach ar an díobháil a d'fhulaing tionscal an Aontais (roinn 4), ach ina theannta sin rinne sé anailís chuimsitheach ar chúiseanna díobhála eile agus ar cad a tharlódh mura mbeadh aon bhearta ann (roinn 5). Mar a míníodh in aithris (361), tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, i bhfianaise staid dhíobhálach an Aontais san am atá thart agus san am i láthair, gurb é is dóichí go mbeadh méadú suntasach ar allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann ar phraghsanna díobhálacha, mar thoradh ar easpa beart, rud a d'fhágfadh go mbeadh caillteanais níos airde fós ann do tháirgeoirí de chuid an Aontais.
- (321) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais, mar a léirítear sna príomhtháscairí díobhála go léir de réir bhrí Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán.

5. AN DÓCHÚLACHT GO LEANFAR DEN DÍOBHÁIL AGUS/NÓ GO dTARLÓIDH DÍOBHÁIL ARÍS MÁ DHÉANTAR NA BEARTA A AISGHAIRM

- (322) Mar a luaitear in aithris (271) bhí tionchar suntasach ar phraghsanna allmhairiúcháin chuig an Aontas ag bunú na mbeart maidir leis na trí íosphearghas allmhairiúcháin. Ar an iomlán, allmhairíodh táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráiníní ón Síin, ón tSeapáin, ón gCóiré agus ó Stáit Aontaithe Mheiriceá ag praghsanna atá cothrom le nó níos mó ná na híosphearghsanna allmhairiúcháin agus atá go mór os cionn phraghsa díola agus costas táirgthe thionscal an Aontais agus mar sin ar phraghsanna neamhdhíobhálacha. Ar an láimh eile, rinneadh allmhairí de chuid na Rúise ar phraghsanna i bhfad faoi bhun phraghsa díolacháin agus costas táirgthe thionscal an Aontais agus mar sin ar leibhéal praghsa díobhálach. Go deimhin, fuarthas go raibh méánphraghsa allmhairithe de chuid na Rúise níos mó ná 20 % faoi bhun mheánphraghsa tionscail an Aontais ar tháirgí inchomparáide le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin.

- (323) Tar éis nochta, mhaígh NLMK nach raibh na cineálacha táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní de thionscnamh na Rúise in iomaíocht dhíreach leis na cineálacha táirgí a tháirgtear go príomha san Aontas agus gur léirigh praghsanna ísle allmhairí de chuid na Rúise a gcáilíocht níos ísle agus a bhfeidhmeanna teoranta. D'áitigh sé nach bhfreagraíonn na méideanna allmhairí arna gcoimeád de na cineálacha táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní de thionscnamh na Rúise ach don éileamh atá ann fós ach atá ag dul i laghad le haghaidh cineálacha táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní ar chaighdeán níos ísle.
- (324) Ach níor thacaigh fórais an imscrúdaithe leis an líomhain nach raibh allmhairí táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní de chuid na Rúise in iomaíocht dhíreach leis na cineálacha táirgí a táirgeadh go príomha san Aontas. Ar dtús, le linn thréimhse an imscrúdaithe bhí iomaíocht fós ann idir allmhairí ón Rúis agus na cineálacha a tháirgeann táirgeoirí de chuid an Aontais, go háirithe ag dhá cheann as ceithre tháirgeoir de chuid an Aontais, a tháirg cineálacha táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní ar chaighdeán níos ísle freisin. Ar an dara dul síos, meabhraíonn an Coimisiún gur shocraigh sé na trí íosphraghas allmhairiúcháin do thrí chatagóir táirge éagsúla, bunaithe ar an bpríomhchailteanas uasta, ar critéar oibiachtúil neamh-idirdhealaitheach é a chuimsíonn gach cineál táirge de tháirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní, lena n-áirítear na cinn a allmhairítear ón Rúis. Ar an tríú dul síos, díoladh na cineálacha táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní a allmhairítear ón Rúis mar chuid de raon feidhme an táirge, agus is féidir iad a úsáid fós ar mhargadh an Aontais, cé gur dóichí go dtiocfaidh méadú ar éileamh na gcineálacha ard-tréscailteachta an táirge atá faoi athbhreithniú (féach aithris (401)) agus laghdú ar éileamh na gcineálacha a tháirgeann táirgeoirí onnmhairsiúcháin de chuid na Rúise.
- (325) Maidir leis na tosca eile sin, mar thoradh ar phaindéim Covid-19 cuireadh moill ar orduithe agus ar chionsiocráil le crapadh an éilimh san Aontas le linn na thréimhse faoi bhreathnú, agus le laghdú ar phraghsanna díola ina dhiaidh sin. Dá bhrí sin, bhí tionchar diúltach ag paindéim Covid-19 ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais.
- (326) Ina theannta sin, mar thoradh leis an gcor chun donais domhanda sa tionscal cruach crapadh ar an éileamh ar chruach agus ar thomhaltas cruach san Aontas le linn na thréimhse faoi bhreathnú, agus tháinig laghdú ar phraghsanna díola ina dhiaidh sin.
- (327) Chomh maith leis sin, tháinig laghdú 35 % - 38 % ar dhíolacháin onnmhairsiúcháin (de réir méide) tháirgeoirí de chuid an Aontais le custaiméirí neamhghaolmhara le linn na thréimhse faoi bhreathnú, ó 100 000 – 115 000 tona in 2017 go 60 000-75 000 tona le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin. D'éirigh táirgeoirí an Aontais níos roghnaí agus d'fhéadfaidís a bpraghas onnmhairsiúcháin a mhéadú beagán le linn na thréimhse faoi bhreathnú, áfach.
- (328) Líomhnaigh páirtithe leasmhara nach raibh táirgeoirí an Aontais éifeachtach go leor mar gheall ar chostais agus infheistíochtaí méadaithe. D'áitigh páirtí leasmhar amháin freisin gur cuireadh cosc ar tháirgeoirí an Aontais pleananna athstruchtúraithe áirithe a chur i gcrích, go háirithe toisc gur chuir an Coimisiún cosc ar an gcumasc idir Tata Steel agus ThyssenKrupp. Níor dearbhaíodh na líomhaintí sin, áfach. Thairis sin, mura mbeadh tionscal an Aontais in ann leanúint ar aghaidh ag iomaíocht le tháirgeoirí onnmhairsiúcháin de chuid na dtíortha lena mbaineann, atá ag allmhairiú cineálacha ard-tréscailteachta táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní den chuid is mó chuig an Aontas. Bheadh staid neamh-inbhuanaithe mar thoradh air sin, rud a chuirfeadh amhras ar mharthanacht cheithre tháirgeoirí an Aontais. Dá réir sin, bhí na costais infheistíochta méadaithe riachtanach chun go bhfanadh tionscal an Aontais iomaíoch agus inmharthana.
- (329) Líomhnaigh páirtithe leasmhara freisin go raibh méid na n-allmhairí ó thríú tíortha eile ag cur leis an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais. Maidir leis sin, thagair an Coimisiún d'aithrisí (275) go (281) den Rialachán seo agus mheabhraigh sé gur tháinig laghdú 38 % ar allmhairí iomlána ó thríú tíortha seachas na tíortha lena mbaineann idir 2017 agus thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin chun 7 %-10,5 % sciar den mhargadh a bhaint amach le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin i gcomparáid le 10,2 %-13,5 % in 2017. Dá bhrí sin, níl aon chomharthaí ann a thugann le tuiscint gur bhain allmhairí eile díobháil do thionscal an Aontais.
- (330) Meastar go bhfuil na tosca eile, mar atá leagtha amach thuas, de chineál sealadach agus bhí cosúlacht níos fearr ar staid thionscal an Aontais roimh dheireadh thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin, i bhfianaise an éilimh níos airde go luath amach anseo, rud a mbeifí ag súil leis, ar tháirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní chomh maith le cosúlacht níos fearr ar chumas thionscal an Aontais cineálacha táirge ard-tréscailteachta den táirge atá faoi athbhreithniú a tháirgeadh.
- (331) Ina fhianaise sin, rinne an Coimisiún measúnú, i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán, ar cibé acu an mbeadh dóchúlacht ann go leanfar den díobháil de bharr na n-allmhairí dumpáilte leanúnacha de chuid na Rúise agus an dóchúlacht go dtarlóidh díobháil arís de bharr allmhairí ó na tíortha eile lena mbaineann má ligtear do na

bearta dul in éag murab ann do na cúinsí sealadacha agus eisceachtúla sin. Bhreithnigh an Coimisiún na gnéithe seo a leanas: (1) acmhainneacht bhreise sna tíortha lena mbaineann agus tarraingteacht mhargadh an Aontais; agus (2) tionchar na n-allmhairí ionchasacha agus leibhéil phraghais na n-allmhairí sin ó na tíortha sin ar staid thionscal an Aontais má ligtear do na bearta dul in éag.

5.1. Acmhainneacht bhreise sna tíortha lena mbaineann agus tarraingteacht mhargadh an Aontais

- (332) Mar a thuairiscítear cheana in aithrisí (82), (101), (113), (226) agus (241), tá na cainníochtaí a d'fhéadfadh táirgeoirí a onnmhairiú ó na tíortha lena mbaineann suntasach i gcomparáid le méid mhargadh an Aontais. Go deimhin, is ionann na hacmhainneachtaí breise agus níos mó ná trí oiread tomhaltas iomlán an Aontais ⁽⁵⁴⁾ le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin. Ina theannta sin, tá sciar 97 % go 100 % den mhargadh intíre ag táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Síne, na Rúise agus na Seapáine, ach tá sciar 83 % go 86 % den mhargadh intíre ag táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid Stáit Aontaithe Mheiriceá agus de chuid na Cóiré. Mar thoradh air sin, ní féidir aon acmhainneacht bhreise atá ar fáil ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin a ghlacadh a thuilleadh ar a margaí baile faoi seach ós rud é go bhfuil na margaí sin arna sásamh a bheag nó a mhór le táirgeadh intíre na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin. Thairis sin, déantar margaí na Síne agus Stáit Aontaithe Mheiriceá a chosaint le bearta trádála.
- (333) I bhfianaise a bhfuil thuas, tá an dóchúlacht ann go dtosóidh na táirgeoirí onnmhairiúcháin ó na tíortha go léir lena mbaineann ag díol méideanna móra arís ar mhargadh an Aontais má ligfí do na bearta dul in éag.

5.2. Leibhéil phraghais na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann má ligtear do na bearta dul in éag

- (334) Mar a luadh in aithrisí (271) agus (322), rinneadh na hallmhairí ón tSín, ón tSeapáin, ón gCóiré agus ó Stáit Aontaithe Mheiriceá ag leibhéal praghsanna atá cothrom le, nó beagán os cionn, an íosphraghais allmhairiúcháin ábhartha, agus os cionn phraghas díola agus chostas táirgthe thionscal an Aontais. Rinneadh allmhairí ón Rúis ar phraghsanna i bhfad faoi bhun an íosphraghais allmhairiúcháin ábhartha (1 536 EUR/tona) agus dá bhrí sin ba chosúil nach raibh tionchar suntasach orthu, agus freisin ag praghsanna faoi bhun phraghas díola agus chostas táirgthe thionscal an Aontais. Mheas an Coimisiún, dá bhrí sin, go raibh tionchar suntasach ag an íosphraghas allmhairiúcháin ar iompar praghsála tháirgeoirí onnmhairiúcháin ó na ceithre thír roimhe seo agus nach bhféadfaí a bpraghsanna allmhairiúcháin iarbhrí a úsáid mar ionadú iontaofa do na praghsanna dóchúla amach anseo má ligtear do na bearta dul in éag.
- (335) Faoi na cúinsí sin, do na táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní ó na ceithre thír sin (an tSín, an tSeapáin, an Chóiré, agus Stáit Aontaithe Mheiriceá) ⁽⁵⁵⁾, rinne an Coimisiún scrúdú freisin ar iompar praghsála reatha a dtáirgeoirí onnmhairiúcháin ar a margaí onnmhairiúcháin tríú tír chun leibhéil praghsanna dóchúla na n-allmhairí chuig an Aontas a mheas, más amhlaidh go ligtear do na bearta dul in éag.
- (336) Chun na críche sin, maidir leis na táirgeoirí comhoibríocha de chuid na Síne agus na Seapáine, shuigh an Coimisiún na leibhéil praghsanna dóchúla d'allmhairí chuig an Aontas trí chomparáid a dhéanamh, maidir leis na cineálacha táirge a bhfuil príomhchailteanas uasta acu nach mó ná 0,9W/kg idir:
- An t-íosphraghas allmhairiúcháin (2 043 EUR/tona); agus
 - Na meánphraghsanna díola ualaithe comhfhreagracha don chatagóir chéanna táirge a tháirgeann na táirgeoirí comhoibríocha sin de chuid na Síne agus na Seapáine, agus tá dhíoltar leis an gcuid eile den domhan ar bhonn costais, árachais agus last-táille, le coigeartuithe iomchuí ar dhíolacháin onnmhairiúcháin ón tSeapáin chuig an Aontas ar thaobh amháin agus ón tSeapáin chuig tríú tíortha ar an taobh eile. D'úsáid an Coimisiún na táblaí a chlúdaigh na díolacháin onnmhairiúcháin chuig custaiméirí neamhghaolmhara i dtríú tíortha a chuir dhá tháirgeoir onnmhairiúcháin de chuid na Seapáine agus a dhá thrádálaí ghaolmhara isteach, agus ag an aon táirgeoir comhoibríoch onnmhairiúcháin de chuid na Síne chun na meánphraghsanna díola ualaithe a ríomh dá gcustaiméirí neamhghaolmhara, a dhíoltar sa chuid eile den domhan. Chun aon difríocht a d'fhéadfadh a bheith sa

⁽⁵⁴⁾ Is ionann an acmhainneacht bhreise (acmhainneacht – táirgeacht iarbhrí) sa tSín agus breis agus dhá oiread de thomhaltas iomlán an Aontais le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin, agus tá acmhainneacht táirgeachta ainmniúil ag an aon táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibritheach amháin de chuid na Rúise atá comhchosúil le tomhaltas iomlán an Aontais.

⁽⁵⁵⁾ Mar a thuairiscítear in aithrisí (99) agus (222), mheabhraigh an Coimisiún go ndearna sé scrúdú ar iompar praghsála reatha na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin ón gCóiré agus ón tSín trína gcuid praghsanna sa mhargadh intíre a chur i gcomparáid lena bpraghsanna díola le tríú tíortha. Mar shampla, le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin, thug an Coimisiún dá aire go raibh a meánphraghsanna onnmhairiúcháin díreach ón monarcha chuig tríú tíortha níos ísle ná an t-an íosphraghas allmhairiúcháin is ísle a bhí infheidhmithe san Aontas Eorpaigh sa tréimhse chéanna (an Chóiré agus an tSín).

chostas iompair a áirithiú agus iad ag onnmhairiú chuig tríú tíortha i gcomparáid le honnmhairiú chuig an Aontas, chuir an Coimisiún 65 EUR/tona leis na meánphraghsanna díola ualaithe comhfhreagracha don chatagóir táirge céanna a tháirgeann na táirgeoirí comhoibríocha sin de chuid na Síne agus na Seapáine. Meastar go bhfuil an chuid bhreise sin de 65 EUR/tona coimeádach, ós rud é go bhfuil príomhthréimhse margaí de tháirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Seapáine agus na Síne (mar an India, an Téalainn agus an Téaváin), ar an iomlán, suite níos gaire don tSeapáin ná don Aontas.

- (337) Ar an mbonn sin suíodh gur onnmhairigh táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Seapáine agus de chuid na Síne chuig a bpríomh-mhargáí onnmhairiúcháin tríú tír ar phraghsanna a bhí thart ar 10 % níos ísle i gcomparáid leis an íosphraghas allmhairiúcháin comhfhreagrach.
- (338) Thairis sin, rinne an Coimisiún comparáid idir meánphraghsanna díola ualaithe an Aontais do na cineálacha táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní den chaighdeán is airde (cineálacha táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní le croíchailleanas nach airde ná 0,9 W/kg, arb ionann iad agus tromlach na n-allmhairí – i gcomparáid leis an dá tháirge dhifriúla eile catagóirí táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní, mar a mhínítear in aithris (2) - ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha de chuid na Síne agus de chuid na Seapáine ar mhargadh an Aontais) go dtí na meánphraghsanna díola ualaithe comhfhreagracha don chatagóir céanna táirge a tháirgeann na táirgeoirí comhoibríocha sin sa tSín agus sa tSeapáin, agus a dhíoltar leis an gcuid eile den domhan arna suí ar bhonn costais, árachais agus last-táille, le coigeartuithe iomchuí ar dhleachtanna custaim agus ar chostais iar-allmhairiúcháin.
- (339) Suíodh gur onnmhairigh táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Síne agus de chuid na Seapáine chuig a bpríomh-mhargáí onnmhairiúcháin tríú tír ar phraghsanna a bhí thart ar 3 % níos airde i gcomparáid leis na praghsanna díola comhfhreagracha a bhí ag táirgeoirí an Aontais.
- (340) Sa chomhthéacs sin, ba cheart a mheabhrú mar sin féin gur dhíol táirgeoirí an Aontais faoi bhun a gcostas táirgthe le linn na tréimhse iomláine faoi bhreathnú (féach tábla 9, aithris (300)), as ar eascair cailleanais shuntasacha agus staid a bhí díobhálach cheana féin le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin. Chuirfeadh praghsanna comhchosúla ag táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Seapáine agus de chuid na Síne ar mhargadh an Aontais agus iad i bhfeidhm ar a dtíre margaí ar na cineálacha táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní den chaighdeán is airde isteach ar staid dhíobhálach thionscal an Aontais, dá ligfí do na bearta dul in éag.
- (341) Tar éis é nochtá, líomhain Nippon Steel go raibh an anailís ón gCoimisiún ar leibhéil praghsanna dóchúla d'allmhairí táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní ón tSeapáin in éagmais beart gan bhunús. Ar dtús, bhí an praghas allmhairiúcháin ón tSeapáin go seasta agus go suntasach os cionn an íosphraghsais allmhairiúcháin is airde agus dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh bunús ag an gCoimisiún leis na cúiseanna nach féidir praghsanna allmhairiúcháin iarbhír na Seapáine a úsáid chun praghsanna dóchúla na Seapáine a shuí, má théann na bearta in éag. D'iarr sé freisin ar an gCoimisiún bunús a thabhairt lena chomparáid idir praghsanna onnmhairiúcháin na Seapáine agus margaí tríú tíre lena n-íosphraghsanna allmhairiúcháin faoi seach agus praghsanna onnmhairiúcháin phraghsanna an Aontais. Faoi dheireadh, líomhain Nippon Steel go raibh a phraghsanna díola leis an India níos airde ná san Aontas, nuair a rinneadh comparáid idir a dhíolacháin de chineálacha táirgí comhionanna leis an India agus leis an Aontas faoi seach.
- (342) D'admhaigh an Coimisiún go raibh na praghsanna allmhairiúcháin chuig an Aontas ón tSeapáin i gcónaí níos airde ná an t-íosphraghas allmhairiúcháin is airde le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin, mar a thaispeántar i dtábla 4, aithris (267).
- (343) Mar sin féin, dhiúltaigh an Coimisiún d'éileamh Nippon Steel gur cheart go mbainfeadh sé úsáid as praghsanna allmhairiúcháin iarbhír na Seapáine chuig an Aontas chun na praghsanna dóchúla a ghearrfadh an tSeapáin a shuí, dá rachadh na bearta in éag. Mar a míníodh in aithris (334), bhí tionchar suntasach ag an íosphraghas allmhairiúcháin ar iompar praghsála táirgeoirí onnmhairiúcháin ó cheithre thír lena mbaineann, lena n-áirítear an tSeapáin, a bhí ag onnmhairiú cineálacha táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní d'ardchaighdeán den chuid is mó agus dá bhrí sin ní fhéadfaí a gcuid praghsanna allmhairiúcháin chuig an Aontas a úsáid mar athróg ionadach iontaoifa ar na praghsanna is dóichí a bheidh ann amach anseo má ligtear do bhearta dul in éag. I gcás na Seapáine, léiríodh é sin toisc go raibh a bpraghsanna onnmhairiúcháin chuig tríú tíortha i bhfad níos ísle ar an meán ná na praghsanna chuig an Aontas.
- (344) Maidir le bunús a chomparáide idir praghsanna onnmhairiúcháin na Seapáine agus margaí tríú tír lena n-íosphraghsanna allmhairiúcháin faoi seach agus a bpraghsanna onnmhairiúcháin chuig an Aontas, mhínigh an Coimisiún a chur chuige agus na cúiseanna leis in aithris (336) thuas. Ina theannta sin, bhí an maíomh go raibh praghsanna díola Nippon Steel níos airde san India ná praghsanna an Aontais lochtach ós rud é go raibh na sonraí díola arna suí ar idirbhearta idir Nippon Steel agus a thrádálaithe gaolmhara de chuid na hIndia agus na hEorpa, nár measadh go raibh siad ina mbonn iontaoifa d'aon chomparáid chun teacht ar chonclúidí maidir leis na leibhéil dheiridh praghsanna dá gcéad chustaiméirí neamhspleácha. Ina theannta sin, maidir le dhá tháirgeoir onnmhairiúcháin de chuid na Seapáine, ba chóir a thabhairt faoi deara go raibh comparáid idir an t-íosphraghas allmhairiúcháin agus meánphraghsanna díola na Seapáine le tríú tíortha, mar a tuairiscíodh in aithris (336), arna suí ar fhaisnéis a chuir táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Seapáine ar fáil agus a chumhdaigh gach ceann acu dá ndíolacháin onnmhairiúcháin neamhghaolmhara lena dtíre tíortha uile.

- (345) Toisc nach raibh aon chomhoibriú ann ó tháirgeoirí de chuid na Cóiré agus Stáit Aontaithe Mheiriceá, rinneadh an leibhéal praghsanna dóchúil don Aontas a mheas trí chomparáid a dhéanamh idir praghsanna onnmhairiúcháin reatha na Cóiré agus Stáit Aontaithe Mheiriceá chuig tríú tíortha, bunaithe ar na staitisticí allmhairiúcháin GTA tírshonracha ábhartha agus meán-íosphraghas allmhairiúcháin.
- (346) Suíodh, i gcás táirgeoirí neamh-chomhoibriúcha de chuid na Cóiré agus Stáit Aontaithe Mheiriceá, go raibh a bpragsanna onnmhairiúcháin chuig tríú tíortha 20 % agus 15 % níos ísle faoi seach i gcomparáid leis an meán-íosphraghas allmhairiúcháin. Sa chás go gcuirfí praghsanna onnmhairiúcháin Stáit Aontaithe Mheiriceá agus na Cóiré i gcomparáid le leibhéal an íosphraghais allmhairiúcháin is airde, atá níos cruinne, seans, toisc gur táirgí ard-tréscailteachta táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní iad formhór onnmhairí na dtíortha sin, bheadh na céatadán sin i bhfad níos airde fós.
- (347) Thairis sin, rinne an Coimisiún comparáid idir meánphraghsanna díola ualaithe an Aontais do na cineálacha táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní le príomhchailteanas uasta nach airde ná 0,9 W/kg agus praghsanna onnmhairiúcháin comhfhreagracha na Cóiré agus Stáit Aontaithe Mheiriceá chuig tríú tíortha, arna suí ar staitisticí allmhairiúcháin GTA tírshonracha ábhartha agus ag glacadh leis gur táirgí ard-tréscailteachta iad táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní formhór na n-allmhairí sa Chóiré agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá.
- (348) Suíodh go raibh praghsanna onnmhairiúcháin na Cóiré agus Stáit Aontaithe Mheiriceá chuig tríú tíortha 22 % agus 14 % faoi seach níos ísle i gcomparáid le praghsanna díola tháirgeoirí an Aontais. Mar a luadh cheana in aithris (340), toisc gur dhíol tháirgeoirí an Aontais faoi bhun a gcostas táirgthe cheana féin, chuirfeadh praghsanna comhchosúla ag tháirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Cóiré agus Stáit Aontaithe Mheiriceá isteach tuilleadh ar staid dhíobhálach thionscal an Aontais, dá ligfí do na bearta dul in éag.
- (349) Dá bhrí sin, agus leibhéil praghsanna sin na n-onnmhairí ó na ceithre thír lena mbaineann chuig tríú tíortha agus staid dhíobhálach iarbhrí thionscal an Aontais á gcur san áireamh, mheas an Coimisiún gur dócha go dtosódh táirgeoirí onnmhairiúcháin na gceithre thír lena mbaineann ag onnmhairiú chuig an Aontas ag leibhéil praghsanna comhchosúla a chuireann siad i bhfeidhm ar a dtríú margáí agus ar a laghad ag praghsanna atá faoi bhun leibhéil an íosphraghais allmhairiúcháin is infheidhme, i.e. ar leibhéil praghsanna díobhálacha.
- (350) I bhfianaise a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go ndéanfaí allmhairí chuig an Aontas ó na tíortha go léir lena mbaineann, dá ligfí do na bearta dul in éag, ag leibhéil praghsanna díobhálacha. Leanfadh na hallmhairí sin de bheith ina gcúis díobhála i gcás na Rúise, agus mar thoradh orthu bheadh atarlú na díobhála ann i gcás na dtíortha eile lena mbaineann.

5.3. Tionchar allmhairí féideartha ó na tíortha lena mbaineann ar staid thionscal an Aontais dá ligfí do na bearta dul in éag

- (351) Rinne an Coimisiún measúnú ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na hallmhairí ó na tíortha lena mbaineann ar staid airgeadais thionscal an Aontais trí dhá chás a d'fhéadfadh a bheith ann a shamhaltú dá ligfí do na bearta dul in éag, eadhon
- dhéanadh na tíortha lena mbaineann na cainníochtaí céanna agus a bhí ann roimh fhorchur na mbearta a onnmhairiú chuig an Aontas (i.e. onnmhairí idir 139 000 tona agus 154 000 tona ⁽⁵⁶⁾) le linn thréimhse an imscrúdaithe bunaidh ón 1 Iúil 2013 go dtí an 30 Meitheamh 2014), agus go bhfanadh tomhaltas an Aontais mar a bhí le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin (i.e. 265 000- 280 000 tona) (an chéad chás);
 - titim praghsanna ar mhargadh an Aontais mar gheall ar an iomaíocht mhéadaithe, gach ní eile mar a chéile, faoi 5 % agus 10 % faoi seach (an dara chás).
- (352) Sa chéad chás, ghlac an Coimisiún leis freisin go ndéanadh 100 % d'allmhairí iomlána na dtíortha lena mbaineann difear do thionscal an Aontais agus nach ndéanadh sé difear d'allmhairí ó thríú tíortha eile ós rud é go bhfuil sciar margaidh na dtíortha deireanacha neamhshuntasach. Ina theannta sin, ghlac an Coimisiún leis go gcoinneodh thionscal an Aontais na praghsanna díola céanna agus mar a bhí le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin ós rud é go bhfuil sé ag déanamh cailteanais cheana féin.

⁽⁵⁶⁾ Le linn thréimhse faoi bhreathnú an imscrúdaithe bunaidh, tuairiscíodh sciar mór d'allmhairí tháirge na Seapáine lena mbaineann isteach san Ísiltír faoi Chód rúnda CN. Ar an gcúis sin, soláthraíodh raonta maidir le hallmhairí ó na tíortha lena mbaineann sa bhun-Rialachán.

- (353) Léirítear ó thoradh an insamhalta seo faoin gcéad chás go mbeadh méadú ar allmhairí ó na tíortha lena mbaineann ar chostas thionscal an Aontais. Chaillfeadh an tAontas méid na ndíolachán agus sciar den mhargadh ar mhargadh an Aontais, rud a d'fhágfadh go mbeadh laghdú breise ar a tháirgeadh agus costas seasta níos airde do gach tona a tháirgtear den táirge atá faoi athbhreithniú. Bheadh tionchar aige sin ar bhrabúsacht fhoriomlán an tionscail. Mar thoradh air sin, mhéadódh na cailleanais a thabhaíonn tionscal an Aontais a thuilleadh ó -18,6 % go leibhéal níos neamh-inbhuanaithe fós de -22,6 %.
- (354) Sa dara cás, cinneadh go bhféadfadh laghdú 5 % ar phraghsanna a bheith níos díobhálaí fós. I gcás laghdú 5 % (1 356 EUR/tona) ar phraghsanna an Aontais mar gheall ar bhrú méadaithe praghsanna na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann, thitfeadh na cailleanais níos mó fós, anuas go -29 %. I gcás laghdú 10 % ar phraghsanna an Aontais, is é sin ó 1 427 EUR/tona go 1 285 EUR/tona, bhainfeadh na cailleanais -37 % amach.
- (355) I ndáiríre, dá ligfí do na bearta dul in éag, is beag seans go dtarlódh teaghlaim den chéad agus den dara cás ar an margadh. Bheadh cailleanais neamh-inbhuanaithe níos airde fós ann do thionscal an Aontais.
- (356) Tar éis iad nochta, mhaígh Rialtas na Seapáine freisin gur cheart an tSeapáin a eisiamh ó raon na mbeart frithdhumpála toisc nach ndéanann táirgí de chuid na Seapáine aon díobháil ná bagairt do thionscal an Aontais ar na cúiseanna seo a leanas. Ar dtús, táirgeann siad cineálacha áirithe de cháilfocht eisceachtúil, a úsáideann agus a éiríonn níos tábhachtaí d'úsáideoirí áirithe san Aontas. Ar an dara dul síos, toisc go bhfuil praghsanna onnmhairiúcháin na Seapáine chuig an Aontas i bhfad níos airde ná an t-an íosphraghas allmhairiúcháin, léirítear dá ligfí do na bearta frithdhumpála atá i bhfeidhm cheana dul in éag maidir leis an tSeapáin nach mbeadh praghsanna laghdaithe ar allmhairí mar thoradh air.
- (357) Tar éis nochta, agus cosúil leis an maíomh ó Rialtas na Seapáine, d'áitigh Nippon Steel arís nár cheart na bearta frithdhumpála a choinneáil maidir leis an tSeapáin toisc gurb í an tSín atá ina bagairt mhór do thionscal an Aontais, ní an tSeapáin i bhfianaise a hacmhainneacht bhreise réasúnta íseal i gcomparáid leis an tSín. Tá na praghsanna a ghearrann táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Seapáine ar mhargadh an Aontais ar na praghsanna is airde ar domhan, agus tá siad níos airde ná an t-íosphraghas allmhairiúcháin is airde. Sa tríú háit, bíonn praghsanna onnmhairiúcháin de chuid na Seapáine in iomaíocht le táirgeoirí eile, tionscal an Aontais san áireamh, ar phraghsanna córa.
- (358) D'admhaigh an Coimisiún go dtáirgeann táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Seapáine cineálacha táirgí ar ardchaighdeán, mar a luadh in aithris (381). Ar an láimh eile, mar a luadh in aithris (337), suíodh gur onnmhairigh táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Seapáine chuig a bpríomh-mhargáí onnmhairiúcháin tríú tír ar phraghsanna a bhí thart ar 10 % níos ísle i gcomparáid leis an íosphraghas allmhairiúcháin comhfhreagrach do na cineálacha áirithe ardchaighdeán sin. Ar an mbonn sin, mhaígh an Coimisiún gur dócha go mbeadh méadú suntasach ar allmhairí dumpáilte ó gach tír lena mbaineann, lena n-áirítear an tSeapáin, ar phraghsanna díobhálacha níos ísle in éagmais na mbeart. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún nach raibh aon bhunús leis an tSeapáin a eisiamh ó raon feidhme an imscrúdaithe.
- (359) Thairis sin, mar a mhínítear sna ranna lena mbaineann thuas, shuigh an Coimisiún – d'ainneoin na hacmhainneachta breise a suíodh don tSín – an méid seo a leanas:
- D'onnmhairigh táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Seapáine táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní chuig an Aontas ar phraghsanna dumpáilte (aithris (71) thuas);
 - tá acmhainneacht bhreise shuntasach ann do tháirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní sa tSeapáin (aithris (74) thuas); agus
 - tá margadh an Aontais tarraingteach do tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Seapáine (aithrisí (81)-(90) thuas).
- (360) I bhfianaise na mbreithnithe thuas, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin ó Nippon Steel freisin.

5.4. Conclúid maidir leis an dóchúlacht go leanfar den díobháil nó go dtarlóidh sí arís

- (361) Ar an mbonn sin, agus ag tabhairt faoi deara staid dhíobhálach thionscal an Aontais san am atá thart agus san am i láthair, is é is dóichí go mbeadh méadú suntasach ar allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann ar phraghsanna díobhálacha in éagmais beart, rud a d'fhágfadh go mbeadh cailleanais níos airde fós ann do tháirgeoirí an Aontais. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, cibé an raibh cúisíocht leordhóthanach ann nó nach raibh maidir le hallmhairí de chuid na Rúise le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin, go dtarlódh díobháil mar a suíodh i dtosach í maidir leis na tíortha lena mbaineann.

6. LEAS AN AONTAIS

- (362) I gcomhréir le hAirteagal 21 den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún cibé acu an mbeadh sé in aghaidh leas an Aontais ina iomláine nó nach mbeadh dá gcoinneofaí na bearta frithdhumpála reatha i bhfeidhm. Cinneadh leas an Aontais agus aird á tabhairt ar leasanna na bpáirtithe éagsúla ar fad lena mbaineann, lena n-áirítear leasanna thionscal an Aontais, leasanna na n-allmhaireoirí, na n-úsáideoirí agus leasanna an bheartais phoiblí maidir leis an táirge atá faoi athbhreithniú mar atá corpraithe i dTreoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁷⁾ (“An Treoir maidir leis an Éicidhearthóireacht”) agus a Rialachán a bhaineann go sonrach le táirgí. I gcomhréir le hAirteagal 21(1), an tríú habairt, den bhun-Rialachán tugadh aird ar leith ar an ngá atá leis an tionscal a chosaint ar na héifeachtaí diúltacha a bhaineann le dumpáil dhíobhálach.
- (363) Tugadh an deis do gach páirtí leasmhar a dtuairim a chur in iúl de bhun Airteagal 21(2) den bhun-Rialachán.

6.1. Leas thionscal an Aontais

- (364) Tá tionscal an Aontais lonnaithe i gceithre Bhallstát (an Fhrainc, an Ghearmáin, Poblacht na Seice agus an Pholainn), agus fostaíonn sé go díreach os cionn 2 200 fostaí i ndáil leis an táirge atá faoi athbhreithniú.
- (365) Mhaígh roinnt páirtithe leasmhara gur cheart go ligfí do na bearta dul i léig toisc nach bhfuil táirgeoirí an Aontais ag tabhairt aghaidh ar aon staid dhíobhálach a thuilleadh. Mar shampla, líomhain siad gur mhéadaigh táirgeoirí an Aontais a ndíolacháin ar an táirge faoi athbhreithniú ar mhargadh an Aontais, agus go raibh siad in ann a sciar den mhargadh a leathnú 3 % ó 2017 ar mhargadh an Aontais. Maíodh freisin gur choinnigh tionscal an Aontais leibhéal táirgeachta, acmhainneacht táirgeachta, úsáid acmhainneachta agus leibhéal fostaíochta cobhsaí ó 2017. Bhí tionscal an Aontais in ann méideanna suntasacha a infheistiú, rud a líomhnaítear a bheith mar léiriú ar thionscal atá muiníneach as todhchaí a mhargaidh.
- (366) Mar a leagtar amach in aithrisí (315) agus dá éis sin, bhí cailleanais de -18,6 % á dtabhú ag táirgeoirí an Aontais le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin. Ina theannta sin, tháinig laghdú 4 % ar mhéid díolachán ar mhargadh an Aontais, le linn na tréimhse faoi bhreathnú, in éineacht le laghdú beag 2 % ar phraghsanna díola aonaid. Thairis sin, tháinig laghdú 15 % ar an táirgeacht, agus tháinig laghdú 10 % ar úsáid na hacmhainneachta táirgeachta. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid in aithris (321) gur bhain díobháil ábhartha don tionscal an Aontais.
- (367) Ina theannta sin, shuigh an Coimisiún go bhfuil dóchúlacht láidir ann go leanfar den díobháil arbh iad allmhairí ó na tíortha sin ba chúis léi i dtosach báire má théann na bearta in éag. Bheadh rabharta méideanna substaintiúla allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann ina chúis le méadú ar an iomaíocht éagórach do thionscal an Aontais agus dhéanfadh sin tuilleadh díobhála do thionscal an Aontais. D'fhágfadh sé sin go rachadh staid eacnamaíoch thionscal an Aontais, atá an-leochaileach cheana féin, in olcas a thuilleadh agus go mbeadh a inmharthanacht faoi bhagairt.

- (368) Dá bhrí sin chinn Coimisiún go rachadh sé chun leasa thionscal an Aontais leanúint de na bearta.

6.2. Leas allmhaireoirí neamhghaolmhara

- (369) Chuaigh an Coimisiún i dteagmháil le gach allmhaireoir neamhghaolmhar aitheanta. Níor tháinig ach allmhaireoir neamhghaolmhar amháin chun cinn agus chomhoibriú sé san imscrúdú seo trí fhreagra ar an gceistneoir a chur isteach.

⁽⁵⁷⁾ Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat chun na ceanglais um Éicidhearthóireacht maidir le táirgí a bhaineann le fuinneamh a shocrú (IO L 285, 31.10.2009, lch. 10). Cuirtear an Treoir maidir le hÉicidhearthóireacht chun feidhme trí Rialachán a bhaineann go sonrach le táirgí is infheidhme go díreach i ngach tír AE. Cumhdaítear leis an Rialachán maidir le hÉicidhearthóireacht na ceanglais nua um Éicidhearthóireacht i ndáil le claochladáin bheagchumhachta, mheánchumhachta agus mhórchumhachta. Tháinig Leibhéal 1 den Rialachán maidir le hÉicidhearthóireacht i bhfeidhm an 1 Iúil 2015, agus tháinig Leibhéal 2 i bhfeidhm an 1 Iúil 2021. Tá na ceanglais maidir le Leibhéal 2 níos déine ná iad siúd le haghaidh Leibhéal 1. Cé nach féidir na héifeachtaí iomlána a mheas go fóill ar thréimhse chomh gearr ó tháinig Leibhéal 2 i bhfeidhm, creidtear go ginearálta go n-éileofar le ceanglais Leibhéal 2 sin na cineálacha táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní den chaighdeán is airde chun claochladáin a dhearadh agus a mhonarú ar bhealach cost-éifeachtúil agus laistigh de na teorainneacha spáis atá riachtanach.

- (370) Dá bhrí sin, níl dóthain faisnéise ag an gCoimisiún chun a thabhairt i gcrích go ndéanadh leanúint na mbeart dochar do leas na n-allmhaireoirí. A mhalairt ar fad, toisc nár tháinig deireadh riamh le hallmhairí ó na tíortha lena mbaineann mar thoradh ar na bearta ach lean siad ar aghaidh i méideanna suntasacha.

6.3. Leas úsáideoirí

6.3.1. Réamhrá

- (371) Tháinig seacht n-úsáideoirí chun cinn, ag léiriú a dtoilteanais chun bheith rannpháirteach san imscrúdú. Mar sin féin, níor chomhoibrigh ach ceithre cinn acu go hiomlán san imscrúdú sin trí fhreagraí comhlánaithe ar an gceistneoir a thíolaic i eaganacha oscailte agus íogaire.
- (372) I measc na gceithre úsáideoirí a chomhoibrigh go hiomlán bhí ceann de na húsáideoirí is mó ar mhargadh an Aontais, ach bhí na trí úsáideoir eile réasúnta beag i dtéarmaí fostaíochta agus láimhdeachais.
- (373) Tháinig na trí chomhlachas úsáideoirí seo a leanas chun cinn freisin agus chuir siad faisnéis ar fáil don Choimisiún maidir le leas an Aontais:
- Comhlachas Eorpach an Tionscail um Threalamh agus Seirbhísí Tarchurtha agus Dáilte Leictreachais (“T&D Europe”). Léiríonn sé leas mhonaróirí trealamh agus seirbhísí tarchurtha agus dáilte leictreachais na hEorpa;
 - Tá Zvei, Comhlachas Monaróirí Leictreacha agus Leictreonacha na Gearmáine, ina bhall freisin de T&D Europe, agus déanann sé ionadaíocht ar leasanna a chomhaltaí Gearmánacha, monaróirí claochladán den chuid is mó;
 - WindEurope, comhlachas tionscail um fhuinneamh gaoithe san Eoraip, a dhéanann ionadaíocht ar níos mó ná 400 eagraíocht is comhaltaí. Chomh maith le monaróirí tuirbíní gaoithe, cuimsítear ina bhallraíocht soláthraithe comhpháirteanna, institiúidí taighde, comhlachais náisiúnta gaoithe agus athnuaiteán, forbróirí, conraitheoirí, soláthraithe leictreachais, cuideachtaí airgeadais agus árachais, agus comhairleoirí.
- (374) D’admhaigh an Coimisiún gur tionscal tábhachtach é tionscal an chlaochladáin i margadh an Aontais. Dúirt T&D Europe go bhfuil láimhdeachas mhargadh an Aontais do chlaochladáin thart ar EUR 3.7 billiún, agus is allmhairí iad thart ar 10 % de sin. Is fiú thart ar EUR 4.7 billiún táirgeadh claochladán an Aontais, rud a fhágann gur glanonnmhaireoir claochladán é an tAontas Eorpach. Dúirt T&D Europe freisin go gcuimsítear i dtionscal claochladán an Aontais na céadta gnóthas agus go bhfostaítear ann níos mó ná 30 000 duine laistigh den Aontas, gan fochonraitheoirí agus tionscail eile a bhaineann leas as tionscal claochladán an Aontais a áireamh. Maidir leis an tionscal iartheachtach, luaigh WindEurope gur chuir tionscal gaoithe na hEorpa breis agus 160 000 post díreach ar fáil agus thacaigh sé le 140 000 post indíreach breise in 2019. Chuir táirgeoir de chuid na Rúise (“NLMK”) barúlacha comhchosúla ar fáil, ina aighneacht an 11 Nollaig 2020, ag maíomh, mar gheall ar thábhacht thionscal na gclaochladán, gur cheart go mbeadh leas úsáideoirí i réim.
- (375) Úsáidtear an táirge atá faoi athbhreithniú mar phríomhábhar i monarú claochladán cumhachta agus dáilte go príomha. Is tionscal seanbhunaithe iad monaróirí claochladán san Eoraip, a sholáthraíonn soláthraithe móra fuinnimh go traidisiúnta. Baineann tionscal an chlaochladáin, go ginearálta, le grúpaí móra tionsclaíocha a bhfuil láithreach dhomhanda acu. Oibríonn roinnt cuideachtaí neamhspleacha níos lú ar an margadh, áfach, agus tá cuid acu ag feidhmiú i roinnt margaí nideoige ar leith cosúil le príomhghearradh.
- (376) Meastar go bhfuil an táirge atá faoi athbhreithniú ina earra suntasach costais do na húsáideoirí. D’éiligh Zvei gurb ionann costas chroí an chlaochladáin (táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní) agus idir 20 % agus 40 % de chostas táirgthe iomlán claochladáin. Mar sin féin, bunaithe ar na sonraí a bailíodh ó cheistneoirí na n-úsáideoirí, is ionann an táirge atá faoi athbhreithniú mar ábhar ionchuir agus thart ar 7 % - 17 % ar an meán de chostas iomlán táirgthe na gclaochladán. D’fhéadfadh sé sin a bheith níos airde i roinnt cásanna eisceachtúla, go háirithe i gcás líon teoranta cuideachtaí idirghabhála atá suite idir táirgeoirí an táirge atá faoi athbhreithniú agus na monaróirí claochladán. Tá gníomhaíochtaí na gcuideachtaí idirghabhála sin teoranta do scoilteadh fadainseartha go lannuithe leithid agus gearrtha bunaithe ar shonraíochtaí mhonaróirí claochladán ar na cornaí agus/nó ar chroíchoimeálacha na gclaochladán.

- (377) Mhaígh na húsáideoirí go bhfuil na táirgí ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin níos fearr go cáilíochtúil i dtéarmaí príomhchailleanais. Mhaígh siad freisin, tar éis bearta a fhorchur le linn cúig bliana as a chéile, nach bhfuil acmhainneacht leordhóthanach fós ag tionscal an Aontais cineálacha ard-tréscailteachta a sholáthar do thionscal na n-úsáideoirí go háirithe. Líomhain T&D Europe go bhfuil tionscal na gclaochladán ag brath go háirithe ar allmhairí cineálacha scagtha fearainn ard-tréscailteachta táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní agus nach bhfuil táirgeoirí an Aontais in ann cineálacha scagtha fearainn ard-tréscailteachta táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní a mhonarú sa chainníocht agus sa cháilíocht atá riachtanach ar mhargadh an Aontais. Líomhain sé freisin nach mbeidh táirgeoirí an Aontais in ann ach sciar beag d'éileamh an Aontais a sholáthar go ceann i bhfad. Dá bhrí sin, líomhain siad go bhfuil agus go mbeidh ganntanas ann fós ar mhargadh an Aontais, go háirithe maidir leis na cineálacha ard-tréscailteachta.
- (378) D'áitigh na comhlachais úsáideoirí go laghdófaí iomaíochas mhonaróirí na gclaochladán Eorpach vis-à-vis monaróirí claochladán atá lonnaithe lasmuigh den Aontas trí na bearta atá i bhfeidhm a choinneáil. Dá leanfaí le bearta i bhfoirm na dtrí íosphearghas allmhairiúcháin, bheadh praghas margaidh saofa, ró-ard mar thoradh air agus bheadh tionchar ábhartha aige ar chostas claochladán agus leictreachais ar fud na hEorpa. Mhaígh T&D Europe agus Zvei freisin gur laghdaigh praghas táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní go dtí praghsanna ísle go stairiúil sa chéad ráithe de 2020 i margaí táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní gan bearta allmhairithe saorga (amháil an India). Líomhain siad sa deireadh go méadaíonn na híosphraghais allmhairiúcháin costais do mhonaróirí claochladán an Aontais agus go dtéann siad chun sochair do mhuilté neamh-AE a dhíolann táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní isteach san Aontas ar phraghsanna níos airde. Dúirt Zvei go bhféadfadh athlonnú mhonaróirí claochladán Eorpach lasmuigh de mhargadh an Aontais a bheith mar thoradh air sin.
- (379) Chun achoimre a dhéanamh ar an méid thuas, ba iad a leanas an dá phríomh argóint i gcoinne leanúint de na bearta reatha atá i bhfeidhm:
- Bheadh ganntanas soláthair ⁽⁵⁸⁾ mar thoradh air agus difríochtaí sa cháilíocht dá leanfaí le bearta;
 - Bhainfí an bonn d'iomaíochas úsáideoirí an Aontais maidir leis an táirge atá faoi athbhreithniú i leith úsáideoirí atá lonnaithe lasmuigh den Aontas mar gheall ar an bpraghas níos airde a chaithfidh siad a íoc ar mhargadh an Aontais.

D'fhonn an dá phríomhargóint sin a mheas chuir an Coimisiún an struchtúr margaidh seo a leanas san áireamh. Tá líon táirgeoirí an táirge atá faoi athbhreithniú ar fud an domhain teoranta do níos lú ná 20 táirgeoirí suntasach. Is é an tAontas, tar éis mhargadh na Síne, an margadh leis an líon is mó táirgeoirí. Dhealraigh sé nach bhfuil gach táirgeoir in ann cineálacha áirithe ard-tréscailteachta an táirge atá faoi athbhreithniú a sholáthar. Tá táirgeoirí chineálacha ard-tréscailteachta an táirge atá faoi athbhreithniú lonnaithe san Aontas, i Stáit Aontaithe Mheiriceá, sa tSeapáin, sa Chóiré agus sa tSín.

6.3.2. Ganntanas sa soláthar agus difríochtaí sa cháilíocht

- (380) Mheas an Coimisiún, i dtosach báire, nach é cuspóir na ndleachtanna frithdhumpála é margadh an Aontais a dhúnadh ó aon allmhairí. Go deimhin, tháinig laghdú ar allmhairí ó na tíortha lena mbaineann ach níor tháinig deireadh leo idir 2015 agus tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin, ach lean siad i méideanna suntasacha. Mar sin níltear ag súil go dtiocfaidh deireadh le hallmhairí má choinnítear na bearta ach go leanfar leo.
- (381) Maidir le cáilíocht an táirge atá faoi athbhreithniú, aithnítear ar an margadh go mbaineann allmhairí ón tSín, ón gCóiré, ó na Stáit Aontaithe agus ón tSeapáin go háirithe le cineálacha ard-tréscailteachta an táirge atá faoi athbhreithniú. Mar sin féin, tá dhá tháirgeoir de chuid an Aontais in ann cineálacha áirithe cáilíochta a tháirgeadh le príomhchailleanais ísle den táirge atá faoi athbhreithniú freisin. Dúirt an t-úsáideoir comhoibríoch is mó gur chuir dhá cheann as gach ceithre tháirgeoir táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní de chuid an Aontais dlús mór lena n-iarrachtaí chun cineálacha cáilíochta ard-tréscailteachta táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní a tháirgeadh idir 2015 agus 2020 agus gur fheabhsaigh siad a bpunann táirgí go mór i dtéarmaí príomhchailleanais le linn na tréimhse céanna.

⁽⁵⁸⁾ Dúirt táirgeoir onnmhairiúcháin de chuid na Seapáine JFE freisin go ndéanadh leanúint na mbeart díobháil dhíréireach d'úsáideoirí, ag teorannú a mbealaí allmhairiúcháin, ach ní féidir le tionscal an Aontais éileamh na n-úsáideoirí a chomhlíonadh (féach na barúlacha tosaigh in aighneacht JFE Steel, dar dáta an 10 Nollaig 2020).

- (382) Dheimhnigh na sonraí táirgeachta a bailíodh ó thionscal an Aontais, roinnte de réir chatagóir íosphearghais allmhairiúcháin de chineálacha táirgí, go bhfuil céim mhór déanta ag táirgeoirí an Aontais ina n-iarrachtaí chun táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní a bhfuil príomhchailteanas uasta nach airde ná 0,9 W/kg a tháirgeadh. Cé gur tháinig laghdú suntasach ar an táirgeacht iomlán le linn na tréimhse faoi bhreathnú, bhí táirgeoirí an Aontais in ann níos mó táirgí a tháirgeadh go comhréireach le príomhchailteanas uasta nach airde ná 0,9 W/kg le linn na tréimhse céanna, agus tháinig méadú 36 % dá bharr, i.e. níos mó ná 20 000 tona.
- (383) Mura mbeadh bearta i bhfeidhm, d'éireodh sé neamhchinnte cé acu an mbeadh tionscal an Aontais in ann a chineálacha ard-tréscailteachta táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní a fhorbairt tuilleadh, agus a staid dheacair eacnamaíoch á cur san áireamh.
- (384) I bhfianaise na hacmhainneachta táirgeachta atá ar fáil ag táirgeoirí an Aontais agus a straitéis leanúnach chun níos mó cineálacha ard-tréscailteachta a tháirgeadh go luath amach anseo, is féidir le tionscal an Aontais tionscal na n-úsáideoirí a sholáthar níos mó, lena n-áirítear na cineálacha ard-tréscailteachta. Mheas táirgeoirí an Aontais go mbeidís in ann leibhéil táirgeachta ard-tréscailteachta a mhéadú tuilleadh, ag tosú ón mbliain 2021.
- (385) Fiú amháin le méadú breise ar leibhéil táirgeachta cineálacha ard-tréscailteachta, mheas an t-úsáideoir comhoibriú is mó go mbeidh táirgeacht an Aontais maidir le táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní fós gann chun an t-éileamh ar mhargadh an Aontais a sholáthar maidir le cineálacha ard-tréscailteachta an táirge atá faoi athbhreithniú.
- (386) Ní cheanglaítear leis an tástáil maidir le leas an Aontais, áfach, go gcaithfeadh éileamh an Aontais freastal go hiomlán ar tháirgeacht an Aontais. Meastar go leanfaidh na hallmhairí ó na tíortha lena mbaineann de bheith ag soláthar mhargadh an Aontais. I bhfianaise a luaitear thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach dócha go leanfaidh ganntanas i soláthar cineálacha ard-tréscailteachta táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní ar mhargadh an Aontais má leanfar leis na bearta atá i bhfeidhm cheana.

6.3.3. Iomaíochas úsáideoirí an Aontais maidir leis an táirge atá faoi athbhreithniú

- (387) Ar bhonn na sonraí a bailíodh, mheas an Coimisiún nach mbeidh ach tionchar teoranta ann má leanfar leis na bearta atá i bhfeidhm ar phraghsanna claochladán agus ar an bhfostaíocht i dtionscal an úsáideora. Is é an tionchar is dócha a bheidh leis ná go bhfanfaidh costas an ábhair ionchuir, arb ionann é agus thart ar 7 % -17 %, gan athrú ar na leibhéil chéanna ó rinneadh na bearta a fhorchur i bhfoirm na dtrí íosphearghas allmhairiúcháin in 2015.
- (388) Mheas an Coimisiún freisin, fiú ag glacadh le difríocht tuairim agus 20 % sa phraghas idir praghsanna níos airde an Aontais agus praghsanna idirnáisiúnta níos ísle, gur beag an tionchar a bheadh aige ar thionscal na n-úsáideoirí, mar a leanas: Dá ligfí do na bearta dul in éag agus dá dtitfeadh praghsanna an Aontais 20 %, laghdófaí costais táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní d'úsáideoirí ar an meán faoi bhun 2,5 % ⁽⁵⁹⁾.
- (389) Ina theannta sin, maidir le staid eacnamaíoch na n-úsáideoirí comhoibriúcháin, bhí dhá cheann acu brabúsach agus an dá cheann eile ag déanamh caillteanais. Rinneadh náisiúnú ar cheann de na húsáideoirí a rinne caillteanas idir an dá linn. Dúirt an t-úsáideoir eile, i.e. an t-úsáideoir is mó i dtéarmaí láimhdeachais agus fostaithe, nach raibh na caillteanais a tabhaíodh le linn 2019 agus le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin inchurtha i leith a ghníomhaíochtaí oibríochta, ach gur toradh iad ar dhá imeacht eisceachtúla. Mura dtarlódh na himeachtaí eisceachtúla sin, bheadh an chuideachta sin brabúsach freisin. Dá réir sin, ar an iomlán, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh na húsáideoirí comhoibriúcháin i riocht níos fearr go heacnamaíoch ná táirgeoirí táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní.
- (390) Faoi dheireadh, fuair na húsáideoirí méid suntasach táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní, lena n-áirítear na cineálacha ard-tréscailteachta, ó thionscal an Aontais. Dá rachadh na bearta atá ann in éag, ní féidir a eisiáil go mbeadh úsáideoirí ag brath go heisiach ar allmhairí, go háirithe maidir leis na cineálacha ard-tréscailteachta, rud a bheadh díobhálach freisin sa chiall go ndéanadh sé difear dá n-éagsúlacht soláthair. I bhfianaise a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach mbeidh aon tionchar diúltach díreireach ar iomaíochas thionscal na n-úsáideoirí má leantar de na bearta.

⁽⁵⁹⁾ Ríomhtar 20 % níos lú costais ar ábhar ionchuir tháirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní do na húsáideoirí arna iolrú faoi 12 %, arb ionann é agus meán 7 % agus 17 %.

- (391) Tar éis nochta, d'áitigh an t-iarratasóir gur tháinig an Coimisiún ar an gconclúid i gceart dá rachadh na bearta atá ann in éag, nach féidir a eisiáil go bhféadfadh úsáideoirí a bheith ag brath go heisiach ar allmhairí, rud a dhéanadh díobháil dóibh freisin sa chiall go ndéanadh sé difear dá n-éagsúlacht soláthar. Dúirt an t-iarratasóir nach ceist faoi éagsúlacht an tsoláthair amháin atá i gceist ach ceist faoi shlándáil an tsoláthair freisin. D'áitigh sé, mar chomhpháirt riachtanach chun croileacháin claochladán a tháirgeadh, go bhfuil rithábacht le táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní, mar shampla, chun eangach leictreachais an Aontais a chothabháil agus a leathnú, nach féidir a bheith ag brath ar an soláthar ó chuideachtaí eachtracha san Áise, sa Rúis nó i Stáit Aontaithe Mheiriceá.
- (392) D'athdhearbhaigh an Coimisiún nach é cuspóir na dleachtanna frithdhumpála é margadh an Aontais a dhúnadh ó gach allmhairiú (féach aithris (380)). Trí na bearta i bhfoirm íosphearsa allmhairiúcháin a leathnú ach gan margadh an Aontais a dhúnadh, is féidir soláthar slán agus éagsúil a fháil ó fhoinsí éagsúla, lena n-áirítear ó onnmhaiseoirí agus ó tháirgeoirí de chuid an Aontais.
- (393) Tar éis iad nochta, mhaígh NLMK nach chun leasa an Aontais é leanúint de na bearta, chomh fada agus a bhaineann sé leis an Rúis, agus nach dtugann an leanúint sin aghaidh ar fhadhbanna struchtúracha thionscal an Aontais fad a dhéanann sé díobháil d'úsáideoirí.
- (394) Maidir leis na líomhaintí sin ó NLMK, thagair an Coimisiún d'aithris (388) inar míníodh nach mbeadh ach tionchar beag ag leanúint de na bearta ar chostais na n-úsáideoirí. Ar an dara dul síos, maidir leis an líomhain go bhfuil fadhbanna struchtúracha ag tionscal an Aontais, tagraíonn an Coimisiún dá bhreithnithe in aithris (320).

6.3.4. Conclúid maidir le leas na n-úsáideoirí

- (395) I bhfianaise a bhfuil thuas, is é an conclúid go mbeadh leanúint de na bearta i gcoinne leas na n-úsáideoirí, ar an iomlán. Mar sin féin, ní raibh an Coimisiún in ann glacadh leis an maíomh go mbeadh ganntanas i soláthar táirgí ard-tréscailte áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní ann dá leanfaí leis na bearta. Tháinig sé ar an gconclúid freisin go bhféadfadh leanúnachas na mbeart tionchar diúltach a imirt ar iomaíochas thionscal na n-úsáideoirí, cé go mbeadh tionchar níos lú aige ar chostais ná mar a líomhnaítear.

6.4. Tosca eile

- (396) Bunaítear leis an Treoir maidir le hÉicidhearthóireacht creatlach le haghaidh ceanglas éicidhearthóireachta do tháirgí a úsáideann fuinneamh trí íoscheanglais éigeantacha a leagan síos maidir le héifeachtúlacht fuinnimh na dtáirgí sin. Tá sé mar aidhm aige an tomhaltas fuinnimh san Aontas a laghdú trí éifeachtúlacht fearais leictreacha a fheabhsú.
- (397) Cuirtear an Treoir maidir le hÉicidhearthóireacht chun feidhme trí Rialachán a bhaineann go sonrach le táirgí is infheidhme go díreach i ngach tír AE. Cumhdaítear leis an Rialachán maidir le hÉicidhearthóireacht ⁽⁶⁰⁾ na ceanglais nua maidir le hÉicidhearthóireacht maidir le claochladáin chumhachta bheaga, mheánmhéide agus mhóra. Sainmhínítear in Airteagal 1 den Rialachán maidir le hÉicidhearthóireacht a raon feidhme (infheidhmíthe chun é a chur ar an margadh nó chun claochladáin chumhachta seirbhíse a bhfuil rátáil chumhachta íosta 1 kVA acu a úsáidtear i líonraí tarchurtha agus dáilte leictreachais 50 Hz nó le haghaidh feidhmeanna tionsclaíocha). Níl an Rialachán maidir le hÉicidhearthóireacht infheidhme ach maidir le claochladáin a ceannaíodh tar éis dó teacht i bhfeidhm.
- (398) Tháinig Leibhéal 1 den Rialachán maidir le hÉicidhearthóireacht i bhfeidhm an 1 Iúil 2015, agus tháinig Leibhéal 2 ⁽⁶¹⁾ i bhfeidhm an 1 Iúil 2021. Tá na ceanglais maidir le Leibhéal 2 níos déine ná iad siúd le haghaidh Leibhéal 1.
- (399) Chuir roinnt páirtithe leasmhara in iúl gur tháinig Leibhéal 2 den Rialachán maidir le hÉicidhearthóireacht i bhfeidhm. D'éiligh T&D Europe go bhfuil gá leis na cineálacha is airde cáilíochta de tháirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní a tháirgtear i gcainníochtaí teoranta ag tionscal an Aontais amháin, chun claochladáin Leibhéal 2 a dheardh agus a mhonarú ar bhealach costéifeachtach agus laistigh de na

⁽⁶⁰⁾ Rialachán (AE) Uimh. 548/2014 ón gCoimisiún an 21 Bealtaine 2014 maidir le cur chun feidhme Threoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i ndáil le claochladáin bheagchumhachta, mheánchumhachta agus mhórchumhachta (IO L 152, 22.5.2014, lch. 1).

⁽⁶¹⁾ I mí Dheireadh Fómhair 2019, rinneadh coigeartú ar ábhar agus raon feidhme Rialachán (AE) 2019/1783 ón gCoimisiún leis an Rialachán maidir le hÉicidhearthóireacht i bhfianaise chur chun feidhme cheanglais Leibhéal 2 i ndáil le claochladáin chumhachta amháin an 1 Iúil 2021 (OJ L 272, 25.10.2019, p. 107)

teorainneacha spáis riachtanacha. Mhaígh Zvei, mar gheall ar Chomhaontú Glas Choimisiún an Aontais Eorpaigh, go mbeidh éileamh méadaithe ar chlaochladáin (ardéifeachtacha) mar thoradh ar leictirí méadaitheach gach cuid den gheilleagar agus claochlú digiteach thionscal iomlán an Aontais. Dúirt WindEurope go dtiocfaidh méadú breise ar an éileamh ar chlaochladáin a ionchorpraíonn cineálacha táirgí ard-tréscailteachta áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní mar gheall ar fheasacht mhéadaitheach ar chaillteanas fuinnimh saolré claochládan, chomh maith le toradh ar bhearta an Aontais chun costais fuinnimh a laghdú agus feidhmíocht chomhshaoil claochládan a fheabhsú, go háirithe i bhfianaise chur chun feidhme Leibhéal 2 de Threoir maidir le hÉiceadhearthóireacht an Aontais i ndáil le claochládan.

(400) Dúirt an úsáideoir comhoibriúchá is mó gur féidir riachtanais níos déine Leibhéal 2 a chomhlíonadh ar dhá bhealach:

- Trí úsáid a bhaint as na cineálacha táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní céanna a úsáideadh cheana. Mar thoradh air sin, áfach, bheadh méadú ar thoisí agus ar mheáchan, agus costas níos airde i dtéarmaí ábhar ionchuir, nó;
- Trí chineálacha táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní a úsáid a bhfuil príomhchaillteanas níos ísle acu. Bheadh claochládan réasúnta níos lú mar thoradh air sin ó thaobh toisí agus meáchain de. I bhformhór na gcásanna is fearr leis na húsáideoirí deiridh an réiteach sin gan na riachtanais spáis atá ann a sháru.

Mar thoradh air sin, chreid an t-úsáideoir sin freisin go ndéanfar aistriú breise chuig na cineálacha táirgí is airde cáilíochta áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní mar thoradh ar theacht i bhfeidhm Leibhéal 2 den Rialachán maidir le hÉiceadhearthóireacht.

(401) Mheas an Coimisiún, i bhfianaise na n-argóintí thuas, gur dócha go deimhin go dtiocfadh méadú ar éileamh na gcineálacha táirge ard-tréscailteachta atá faoi athbhreithniú mar thoradh ar theacht i bhfeidhm Leibhéal 2. Leanfaidh éileamh, agus táirgeadh claochládan, ag úsáid ghnáthchineálacha an táirge atá faoi athbhreithniú, de bheith ann freisin.

(402) Ina theannta sin, tá sé mar aidhm ag an gCoimisiún toilleadh gaoithe amach ón gcósta a threisiú trí Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le Fuinneamh Inathnuaite Muirí ⁽⁶²⁾ d'fhonn sprioc an Aontais maidir le neodracht aeráide a bhaint amach faoi 2050 ⁽⁶³⁾. Thuar Straitéis an Aontais maidir le Fuinneamh Inathnuaite Muirí amach ón gcósta méadú ar thoilleadh gaoithe amach ó chósta na hEorpa óna leibhéal reatha de 12 GW go 60 GW ar a laghad faoi 2030 agus go 300 GW faoi 2050. Cuirfidh an straitéis sin le méadú san éileamh ar chineálacha ard-tréscailteachta an táirge atá faoi athbhreithniú. Dúirt WindEurope go n-úsáideann tionscal gaoithe na hEorpa claochládan i roinnt feidhmeanna: laistigh den naoisil, i bhfostáisiúin amach ón gcósta, agus i bpointí ceangailte eangaí ar tír mór. Go háirithe, dúirt WindEurope go bhfuil cineálacha ard-tréscailteachta an táirge atá faoi athbhreithniú riachtanach go háirithe do chlaochladáin laistigh den naoisil, ós rud é nach bhfuil mórán spáis ann agus go gcaithfear mais a íoslaghdú.

(403) Dá bhrí sin, leagtar amach i gcaighdeáin éagsúla táirgí atá ceangailteach ó thaobh dlí an cuspóir chun soláthar leordhóthanach, beag beann ar a bhunús, de tháirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní ardchaighdeán a áirithiú chun claochládan a tháirgeadh agus a mhargú san Eoraip. Cé go bhfuil cinnteacht ann go dtiocfaidh méadú ar an éileamh ar chineálacha ard-tréscailteachta, níl méid an éilimh sin sa todhchaí soiléir, áfach, mar níor thug páirtithe leasmhara aon réamh-mheastacháin ábhartha le tacaíocht ó fhianaise ar an gceist. Mar a leagtar amach thuas, áfach, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhfuil aon fhianaise ar chomhad a léiríonn go mbeadh ganntanas soláthair de chineálacha táirgí ard-tréscailteachta áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní mar thoradh ar leanúint de na bearta chun an bonn a bhaint de na cuspóirí mar atá leagtha amach i Leibhéal 2 den Rialachán maidir le hÉiceadhearthóireacht an Aontais Eorpaigh a bhaint amach. I bhfianaise líon teoranta táirgeoirí táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní ar fud an domhain, chuirfeadh leanúint de na bearta le héagsúlacht soláthair, de chineálacha táirgí ard-tréscailteachta áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní freisin, rud a éiríonn níos tábhachtaí i bhfianaise na gcuspoirí sin.

6.5. Conclúid maidir le leas an Aontais

(404) I bhfianaise a bhfuil thuas, mheas an Coimisiún go gcuirfeadh leanúint de na bearta atá i bhfeidhm ar chumas thionscal an Aontais filleadh ar bhrabúsacht de réir a chéile agus tuilleadh infheistíochtaí a dhéanamh atá riachtanach chun na gráid cháilíochta a theastaíonn chun freastal ar an éileamh méadaithe ar tháirgí ard-tréscailteachta áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní ard-tréscailteachta a mhonarú agus a fhorbairt.

(405) Dá rachadh na bearta in éag, ní dócha go mbeadh tionscal an Aontais in ann a chineálacha táirgí ard-tréscailteachta áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní a fhorbairt tuilleadh agus a bheith in ann maireachtáil, ag cur san áireamh a staid dheacair eacnamaíoch. Mar sin, is léir gur chun leasa thionscal an Aontais é leanúint de na bearta.

⁽⁶²⁾ https://ec.europa.eu/energy/topics/renewable-energy/eu-strategy-offshore-renewable-energy_en

⁽⁶³⁾ https://ec.europa.eu/clima/eu-action/climate-strategies-targets/2050-long-term-strategy_en

- (406) Maidir le leas úsáideoirí, níl ach tionchar teoranta ag cothabháil na mbearta atá i bhfeidhm cheana ar phraghsanna claochladán agus ar fhostaíocht i dtionscal an úsáideora.
- (407) Maidir leis an gcuspóir atá leagtha amach sa Rialachán maidir le hÉicidhearthóireacht chun soláthar dóthanach de chineálacha ard-tréscailteachta táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní a áirithiú ar mhargadh an Aontais ar chúiseanna éifeachtúlachta fuinnimh, níor socraíodh go mbainfí an bonn den chuspóir sin trí leanúint de na bearta.
- (408) I bhfianaise a bhfuil thuas, ar an iomlán agus ag cur san áireamh gur ceapadh na bearta i bhfoirm íosphearghais allmhairiúcháin chun freastal ar ábhair imní thionscal na n-úsáideoirí maidir leis an ngá leanúnach le hallmhairí táirgí áirithe ard-tréscailteachta cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní, bhain an Coimisiún de thátal as nach raibh aon chúiseanna láidre chun leasa an Aontais i gcoinne leanúint de na bearta atá i bhfeidhm cheana maidir le hallmhairí táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní de thionscnamh na dtíortha lena mbaineann. Dá rachadh na bearta atá ann in éag, d'fhéadfadh laghdú praghsais a bheith mar thoradh air maidir le gach cineál táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní, trína mbeadh ar thionscal an Aontais a phraghsanna díola a ísliú tuilleadh d'fhonn fanacht tarraingteach. In imthosca den sórt sin, rachadh staid eacnamaíoch thionscal an Aontais in olcas tuilleadh agus bheadh a inmharthanacht faoi bhagairt.
- (409) Tar éis nochta, mhaígh Nippon Steel nach mbeadh coinneáil na mbearta chun leasa an Aontais toisc go raibh siad neamhéifeachtach agus tionchar diúltach gan ghá acu ar na húsáideoirí. Thairis sin, mhaígh Nippon Steel nár chuir an Coimisiún san áireamh go bhfuil úsáideoirí áirithe in earnáil an fhuinnimh ghaoithe ag buanú iarmhairtí diúltacha na mbearta cosanta trádála le déanaí ar ionchuir, amhail dleachtanna ar fhabraicí de shnáithín gloine agus ar chaisiríní snáithíní gloine.
- (410) Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin ar na cúiseanna seo a leanas. Ar dtús, mar a leagtar amach in aithris (309), bhí éifeacht dhearfach ag forchur na mbearta in 2015 ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais, go háirithe sa bhliain 2017 nuair a thosaigh tionscal an Aontais ag téarnamh. Ar an dara dul síos, thagair an Coimisiún d'aithris (388) ag míniú nach mbeadh ach tionchar beag ag leanúint na mbearta ar chostais na n-úsáideoirí. Ar an tríú dul síos, is é príomhchuspóir na mbearta cosanta trádála a fhorchur cothrom na Féinne a athbhunú i measc na dtáirgeoirí éagsúla. Faoi dheireadh, thug an Coimisiún dá aire nár mhaígh WindEurope, comhlachas tionscail um fhuinneamh gaoithe san Eoraip, a dhéanann ionadaíocht ar níos mó ná 400 eagraíocht is comhaltaí, go raibh iarmhairtí diúltacha na mbearta cosanta trádála le déanaí ar ionchuir ag baint lena mbaill cheana féin. Dá bhrí sin, tá an maíomh sin ó Nippon Steel gan bhunús.

7. BEARTA FRITHDHUMPÁLA

- (411) Ar bhonn na gconclúidí ar thángthas orthu maidir leis an dóchúlacht go leanfaí agus go dtarlódh dumpáil agus díobháil de bharr allmhairí ó na tíortha lena mbaineann, agus i bhfianaise leas an Aontais, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur cheart na bearta frithdhumpála ar allmhairí an táirge atá faoi athbhreithniú de thionscnamh na Síne, na Seapáine, Phoblacht na Cóiré, Chónaidhm na Rúise agus Stáit Aontaithe Mheiriceá a choinneáil.
- (412) D'iarr páirtí leasmhar amháin, má chinneann an Coimisiún go bhfuil sé riachtanach cosaint éigin a thabhairt do thionscal an Aontais in ainneoin gur léir gur theip air sa bheart frithdhumpála aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna struchtúracha tháirgeoirí an Aontais, go gcoinneofaí na bearta ar feadh tréimhse teoranta 1 nó 2 bhliain.
- (413) Dhiúltaigh an Coimisiún don iarraidh sin ar bhonn na díobhála a bhain do thionscal an Aontais, nach gá bearta a fhorchur ar feadh tréimhse is giorra ná cúig bliana.
- (414) Tá rátaí dleachta frithdhumpála na gcuideachtaí aonair a shonraítear sa Rialachán seo infheidhme go heisiach maidir le hallmhairí an táirge atá faoi athbhreithniú de thionscnamh na dtíortha lena mbaineann agus a tháirgeann na heintitis dhlíthiúla ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge faoi athbhreithniú arna dtáirgeadh ag aon cuideachta eile nach luaitear go sonrach sa chuid oibriúcháin den Rialachán seo, lena n-áirítear eintitis i ndáil leo sin a luaitear go sonrach, ba cheart iad a bheith faoi réir an ráta dleachta is infheidhme maidir le "gach cuideachta eile". Níor cheart iad a bheith faoi réir aon cheann de na rátaí dleachta frithdhumpála aonair.
- (415) D'fhonn na rioscaí a bhaineann le himchémniú a íoslaghdú, meastar go bhfuil gá le bearta speisialta sa chás seo chun a áirithiú go gcuirtear na bearta frithdhumpála i bhfeidhm i gceart. Cuimsítear an méid a leanas sna bearta speisialta sin: sonrasc tráchtála bailí agus deimhniú bailí muilinn a thíolacadh d'údarais chustaim na mBallstát a chomhlíonfaidh na ceanglais mar atá leagtha amach in Airteagail an Rialacháin seo. Déanfar allmhairí nach bhfuil sonrasc den sórt sin agus deimhniú muilinn leo faoi réir an ráta dleachta ad valorem is infheidhme do gach cuideachta eile gan tagairt do na híosphraghsanna allmhairiúcháin.

- (416) Féadfaidh cuideachta a iarraidh go gcuirfear na rátaí aonair sin maidir le dleacht frithdhumpála i bhfeidhm má athraíonn sí ainm a heintitis ina dhiaidh sin. Ní mór an iarraidh a chur faoi bhráid an Choimisiúin ⁽⁶⁴⁾. Ní mór an fhaisnéis ábhartha uile a bheith san iarraidh ionas gur féidir a léiriú nach ndéantar difear leis an athrú do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi. Más amhlaidh nach ndéanann an t-athrú ar ainm na cuideachta difear do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi, foilseofar rialachán maidir leis an athrú ainm in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
- (417) I bhfianaise Airteagal 109 de Rialachán 2018/1046 ⁽⁶⁵⁾, nuair atá méid le haisíoc tar éis breithiúnais ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, ba cheart don ús atá le híos a bheith ar an ráta arna chur i bhfeidhm ag an mBanc Ceannais Eorpach chuig a phríomhoibriúcháin athmhaoiniúcháin, mar a fhoilsítear i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ar an gcéad lá féilire de gach mí.
- (418) An Coiste arna bhunú ag Airteagal 15(1) den bhun-Rialachán, níor thug sé tuairim uaidh.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

- Forchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí táirgí áirithe cothrom-rolta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráiníní, nach mó ná 0,16 mm ar tiús, a thagann faoi láthair faoi chóid AC ex 7225 11 00 (Cóid TARIC 7225 11 00 11, 7225 11 00 15 agus 7225 11 00 19) agus ex 7226 11 00 (Cóid TARIC 7226 11 00 12, 7226 11 00 14, 7226 11 00 16, 7226 11 00 92, 7226 11 00 94 agus 7226 11 00 96) de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, na Seapáine, Phoblacht na Cóiré, Chónaidhm na Rúise agus Stáit Aontaithe Mheiriceá.
- Is ionann méid na dleachta frithdhumpála cinntithí is infheidhme maidir leis an táirge a thuairiscítear i mír 1 agus arna tháirgeadh ag na cuideachtaí ainmnithe aonair mar atá leagtha amach i mír 4 agus an difríocht idir na híosphraghsanna allmhairiúcháin a shocraítear i mír 3 agus an glanphraghas saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, má tá an dara ceann níos ísle ná an chéad cheann. Ní bhaileofar aon dleacht i gcás go mbeidh an glanphraghas saor ag teorainn an Aontais cothrom le nó níos airde ná an t-íosphraghas allmhairiúcháin comhfhreagrach a shocraítear i mír 3. Níor chóir méid na dleachta frithdhumpála a bheith níos mó i gcás ar bith ná na rátaí dleachta frithdhumpála *ad valorem* a leagtar amach i mír 4.
- Chun críche mhír 2, beidh feidhm ag an íosphraghas allmhairiúcháin a leagtar amach sa tábla thíos. I gcás go bhfaightear amach, tar éis fíorú iar-allmhairiúcháin, go bhfuil an glanphraghas saor ag teorainn an Aontais a d'íoc an chéad chustaiméir neamhspleách san Aontas (praghas iar-allmhairiúcháin) faoi bhun an ghlanphraghais saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, mar thoradh ar an dearbhú custaim, agus go bhfuil an praghas iar-allmhairiúcháin níos ísle ná an t-íosphraghas allmhairiúcháin, beidh feidhm ag méid dleachta atá coibhéiseach leis an difríocht idir an íosphraghas allmhairiúcháin atá leagtha amach sa tábla thíos agus an praghas iar-allmhairiúcháin, mura rud é, mar thoradh ar chur i bhfeidhm dhleacht *ad valorem* a leagtar amach i mír 4 móide an praghas iar-allmhairiúcháin, go bhfanann an méid (praghas a íocadh i ndáiríre móide dleacht *ad valorem*) fós faoi bhun an íosphraghais allmhairiúcháin atá leagtha amach sa tábla thíos.

Tíortha lena mbaineann	Raon táirgí	Íosphraghsanna onnmhairiúcháin (EUR/glanmheáchan an táirge i dtónaí)
Daon-Phoblacht na Síne, an tSeapáin, Stáit Aontaithe Mheiriceá, Chónaidhm na Rúise, Poblacht na Cóiré	Táirgí lena mbaineann príomhchailteanas uasta nach mó ná 0,90 W/kg é	EUR 2 043

⁽⁶⁴⁾ An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrtóireacht na Trádála, Ard-Stiúrtóireacht G, Rue de la Loi 170, 1040 an Bhruiséil, an Bheilg.

⁽⁶⁵⁾ Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

	Táirgí lena mbaineann príomhchailteanas uasta atá níos mó ná 0,90 W/kg ach nach mó ná 1,05W/kg é	EUR 1 873
	Táirgí lena mbaineann príomhchailteanas uasta atá níos mó ná 1,05W/kg	EUR 1 536

4. Chun críche mhír 2, beidh feidhm ag rátaí dleachta ad valorem atá leagtha amach sa tábla thíos.

Cuideachta	Dleacht <i>Ad Valorem</i>	Cód breise TARIC
Baoshan Iron & Steel Co., Ltd., Shang-hai; Daon-Phoblacht na Síne	21,5 %	C039
Wuhan Iron & Steel Co., Ltd., Wuhan, Daon-Phoblacht na Síne	36,6 %	C056
JFE Steel Corporation, Tóiceo, an tSeapáin	39,0 %	C040
Nippon Steel & Sumitomo Metal Corporation, Tóiceo, an tSeapáin	35,9 %	C041
POSCO, Súl, Poblacht na Cóiré	22,5 %	C042
OJSC Novolipetsk Steel, Lipetsk; VIZ Steel, Ekaterinburg, Cónaidhm na Rúise	21,6 %	C043
AK Steel Corporation, Ohio, Stáit Aontaithe Mheiriceá	22,0 %	C044

5. Is é ráta na dleachta frithdhumpála cinntithí is infheidhme maidir leis an táirge a thuairiscítear i mír 1 agus arna tháirgeadh ag aon cuideachta eile nach luaitear go sonrach i mír 4 an dleacht ad valorem mar atá leagtha amach sa tábla thíos.

Cuideachta	Dleacht <i>Ad Valorem</i>	Cód breise TARIC
Gach cuideachta eile de chuid na Síne	36,6 %	C999
Gach cuideachta eile de chuid na Seapáine	39,0 %	C999
Gach cuideachta eile de chuid na Cóiré	22,5 %	C999
Gach cuideachta eile de chuid na Rúise	21,6 %	C999
Gach cuideachta eile de chuid Mheiriceá	22,0 %	C999

6. Beidh cur i bhfeidhm na mbeart do na cuideachtaí a luaitear i mír 4 ag brath ar shonrasc tráchtála bailí agus deimhniú muilinn a thíolacadh d'údaráis chustaim na mBallstát, a chomhlíonfaidh na ceanglais mar atá leagtha amach in Iarscríbhinní I agus II faoi seach. Mura gcuirtear an deimhniú muilinn ná an sonrasc isteach, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir le gach cuideachta eile. Liostálfar ar an deimhniú muilinn sin an príomhchailteanas uasta iarbhair do gach corna in Watts in aghaidh an chileagraim ag minicíocht 50 Hz agus ionductú maighnéadach 1,7 Tesla.

7. Maidir leis na táirgeoirí a ainmnítear ina n-aonair agus i gcásanna ina ndearnadh damáiste d'earraí roimh theacht i saorchúrsaíocht dóibh agus, dá bhrí sin, go ndéantar an praghas iarbhair a íocadh nó an praghas atá iníoctha a chionroinnt chun an luach custaim a chinneadh de bhun Airteagal 131(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ⁽⁶⁶⁾ ón gCoimisiún, laghdófar an t-íosphraghas allmhairiúcháin a leagtar amach thuas de réir céatadán a fhreagraíonn do chionroinnt an phraghais a íocadh nó atá iníoctha i ndáiríre. Ansin beidh an dleacht is iníoctha cothrom leis an difríocht idir an t-íosphraghas allmhairiúcháin laghdaithe agus an glanphraghas laghdaithe, saor ag teorainn an Aontais, roimh imríteach custaim.

⁽⁶⁶⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558).

8. Maidir le gach cuideachta eile agus i gcásanna ina ndearnadh damáiste d'earraí roimh theacht i saorchúrsaíocht dóibh agus, dá bhrí sin, go ndéantar an praghas iarbhair a íocadh nó an praghas atá iníoctha a chionroinnt chun an luach custaim a chinneadh de bhun Airteagal 131(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447, déanfar méid na dleachta frithdhumpála, arna ríomh ar bhonn mhír 2 thuas, a laghdú céatadán ar leith a chomhfhreagraíonn do chionroinnt an phraghais iarbhair a íocadh nó an phraghais atá iníoctha.
9. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm ag na forálacha atá i bhfeidhm a bhaineann le dleachtanna custaim.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 14 Eanáir 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Dearbhú arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc tráchtála á eisiúint, ní mór an dearbhú sin, san fhormáid seo a leanas, a bheith ar an sonrasc tráchtála bailí dá dtagraítear in Airteagal 1(6):

- Ainm agus feidhm oifigeach an eintitis a eisíonn an sonrasc gnó.
- An dearbhú seo a leanas:

“Deimhnímse, a bhfuil mo shíniú anseo thíos, maidir le (méid) agus (caillteanas croileacáin) na cruach leictirí dírithe ar ghráinní a díoladh lena honnmhairiú chuig an Aontas Eorpach agus a chumhdaítear leis an sonrasc seo, go ndearna (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) an táirge sin a mhonarú sa tír seo: [an tír lena mbaineann]. Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis a chuir mé sa sonrasc seo iomlán agus ceart.”

Dáta agus síniú

IARSCRÍBHINN II

Dearbhú arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an deimhniú muilinn á eisiúint, ní mór an dearbhú sin, san fhormáid seo a leanas, a bheith ar an deimhniú muilinn bailí dá dtagraítear in Airteagal 1(6):

- Ainm agus feidhm oifigeach an eintitis a eisiúint an deimhniú muilinn.
- An dearbhú seo a leanas:

“Deimhnímse, a bhfuil mo shíniú anseo thíos, maidir leis an gcruach leictreach dírithe ar ghráinní a díoladh lena honnmhairiú chuig an Aontas Eorpach agus a chumhdaítear leis an deimhniú muilinn seo, lena léirítear tomhas an uasmhéid caillteanais croíleacáin i Vatanna in aghaidh an chileagraim ar mhinicíocht 50 Hz agus ionduchtú maighnéadach 1,7 Tesla, go ndearna (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) an táirge sin a mhonarú sa tír seo: [an tír lena mbaineann]. Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis a chuir mé sa deimhniú muilinn seo iomlán agus ceart.”

Dáta agus síniú
